

# Tuarascáil Bhliantúil 2017

Údarás Um Shábháilteacht Ar Bhóithre
Road Safety Authority

117

40

In 2017 maraíodh 177 fear agus 40 ban ar na bóithre

I gcomparáid le 186 bhás in 2016, is e sin laghdú

**16%**

## Athbhreithniú ar Shábháilteacht ar Bhóithre 2017*

# Fuair 157 nduine bás san iomlán in 2017.

*Is figiúirí sealadacha na figiúirí i leith 2017 agus tá siad faoi réir athruithe. Bailí amhail an 6 Iúil 2018.

### Básanna Taistealaithe Feithiclí

92

Laghdú

**19%**

ar bhásanna tiománaithe, síos ó 81 go 66

Laghdú

**32%**

ar bhásanna paisinéirí, síos ó 38 go 26

### Básanna Úsáideoirí Bóthair Leochaileacha

31

Laghdú 11% ar 2016

20

Laghdú 9% ar 2016

14

Méadú 40% ar 2016

NÍ RAIBH

**20%**

de thiománaithe agus de phaisinéirí a maraíodh ag caitheamh creasa sábhála

## Bhí níos lú básanna úsáideoirí leochaileacha in 2017 i gcomparáid le 2016.

Laghdaíodh básanna úsáideoirí bóthair leochaileacha ó 67 mbás go 65 bhás.

MON

Ba é an Luan an lá is contúirtí den tseachtain (37 bás)

Ba iad na huaireanta idir 12i.n. agus 4i.n. na huaireanta is contúirtí

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| 02 | Ráiteas an Chathaoirligh |
| 04 | Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh |
| 06 | Comhaltaí an Bhoird |
| 09 | An Fhoireann Bhainistíochta |
| 10 | Réamhrá |
| 12 | Plean Corparáideach 2016–2020 |
| 14 | Athbhreithniú ar Shábháilteacht ar Bhóithre 2017 |
| 18 | Feachtais Feasachta faoi Shábháilteacht ar Bhóithre |
| 24 | Taighde ar Shábháilteacht ar Bhóithre |
| 26 | Oideachas um Shábháilteacht ar Bhóithre |
| 27 | Oideachas Tiománaithe faoi Shábháilteacht ar Bhóithre |
| 28 | Buaicphointí ó 2017 |
| 30 | Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe |
| 36 | Tástáil Feithiclí agus Forfheidhmiú |
| 42 | Airgeadas agus Seirbhísí Tráchtála |
| 43 | Acmhainní Daonna |
| 44 | Straitéis Chorparáideach, Beartas agus Teicneolaíocht |
| 46 | Ráitis Airgeadais |
| 80 | Eagraíochtaí agus Daoine Aonair a bhfuil Buíochas Tuillte Dóibh |

# Ráiteas an Chathaoirligh

**Ba í an bhliain 2017 an bhliain is sábháilte ar na bóithre ó thosaíomar ag taifeadadh básanna ar na bóithre in 1959. Sa chéad bhliain sin fuair 306 daoine bás ar na bóithre. In 2006, nuair a bunaíodh an tÚdarás um Sábháilteacht ar Bhóithre (RSA), bhí 365 bhás ann. In 2017 ba é 157 an figiúr a bhí ann. Cé go bhfuil aon bhás amháin ina bhás de bharraíocht, is gaisce suntasach é chun básanna ar na bóithre a laghdú ar mhéid mar sin.**



**Liz O'Donnell**
*Cathaoirleach*

Ní de thaisme a tharla sin. Is toradh é sin ar shraith ollmhór de bhearta agus d'idirghabhálacha leathana chun ár mbóithre a dhéanamh níos sábháilte. Nithe amhail dlíthe níos déine, forfheidhmiú níos mó, gluaisteáin níos sábhailte, tacaíocht do shábháilteacht ar bhóithre agus bonneagar bóithre níos fearr. Ach rinne ár saoránaigh difear ollmhór trína n-iompraíocht tiomána a athrú.

Tá sé ríthábhachtach an dul chun cinn maidir le sábháilteacht ar bhóithre a aithint. Teastaíonn ón bpobal le bheith ar an eolas go bhfuil difear á dhéanamh trína gcuid iarrachtaí, go bhfuil siad ag sábháil beathaí, agus go bhfuil siad ag coinneáil a bpobal féin sábháilte. Dá bhrí sin ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh chun buíochas a ghabháil le gach duine as cuidiú le 2017 a dhéanamh ina bhliain is sábháilte sna taifid.

Ach na focail seo á scríobh agam tá mé aireach ar na 157 daoine nach raibh in ann filleadh abhaile anuraidh. Tá mé comhfhiosach freisin ar an gcumha a mhothaíonn a dteaghlaigh, a gcairde agus a gcomhghleacaithe oibre. Déanaimid ár gcomhbhrón domhain ó chroí a ghabháil leo mar aon le gealltanas go leanfaimid san RSA chun obair a dhéanamh gan scíth chun na bóithre a dhéanamh ina n-áiteanna sábháilte do chách.

Agus ní mór do gach duine le chéile tabhairt faoi na bóithre a dhéanamh níos sábháilte, ón lucht déanta beartas go húsáideoirí bóithre. Ní mór iarrachtaí comhoibríocha ar fud na réimsí uile a bhaineann le hidirghabháil, oideachas, innealtóireacht, forfheidhmiú agus measúnú a chomhthiomsú d'fhonn an sprioc a bhaint amach atá i *Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020* de chuid an rialtais, eadhon básanna a laghdú go 125 in aghaidh na bliana nó níos lú ná sin.

Bhí ról ár reachtóirí chun tosaigh i sábháilteacht ar bhóithre anuraidh mar d'fhoilsigh an rialtas an tAcht um Thrácht ar Bhóithre (Leasú), 2018, lena ndearnadh iarracht na pionóis a mhéadú maidir le tiomáint ar meisce ar leibhéil chaithimh níos ísle agus chun dlíthe níos déine

*Ní mór iarrachtaí comhoibríocha ar fud na réimsí uile a bhaineann le hidirghabháil, oideachas, innealtóireacht, forfheidhmiú agus measúnú a chomhthiomsú d'fhonn an sprioc a bhaint amach atá i Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020 de chuid an rialtais, eadhon básanna a laghdú go 125 in aghaidh na bliana nó níos lú ná sin.*

a thabhairt isteach chun tiománaithe faoi oiliúint leochaileacha a chosaint.

Chuir an RSA fáilte roimh an reachtaíocht sin agus thacaigh sé go poiblí leis an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt chun tábhacht na reachtaíochta sin a thaispeáint dár lucht déanta beartas agus don phobal níos leithne maidir le hiompraíocht a athrú i measc an chohóirt bhig daoine a leanann le hiompraíocht ar riosca.

Bhí rith thar a bheith achrannach ag an Acht. Chun an fhírinne a rá, ní chreidim gur cuireadh aon Acht um Thrácht ar Bhóithre roimhe seo faoina leithéid de rannpháirtíocht dhearfach ar an taobh amháin, ach faoi mhoilleadóireacht dhiongbháilte ar an taobh eile ó roinnt ionadaithe tofa, a rinne rith na reachtaíochta a mhoilliú.

Is é misean an RSA líon na mbásanna agus na ngortuithe a laghdú ar bhóithre na hÉireann agus iad a dhéanamh níos sábháilte d'úsáideoirí uile. Sin ár sainchúram amháin agus is é sin an lionsa trína n-amharcaimid ar gach gníomhaíocht agus gach tionscnamh. Chun an misean sin a bhaint amach, bainimid leas as na sonraí, agus cinntí uile á mbunú ar fhianaise ghairmiúil agus eolaíochta arna hanailísiú go neamhspleách. Is é an t-aon achainí atá againn ná go ndéanann ár n-ionadaithe poiblí an rud céanna agus go n-oibríonn siad chun leasa fhoriomláin an phobail chun beathaí a shábháil. Ní mór maoithneachas an toghcheantair áitiúil a chur i leataobh. Cé go n-aithnímid na heasnaimh san iompar poiblí tuaithe agus an t-aonrú sóisialta, níl an fhreagra ar na dúshláin sin le fáil trí ligean do dhaoine tiomáint agus ól.

Agus seo á scríobh, tá an ghnáthchiall i réim agus fónadh don leas náisiúnta le rith rathúil an Achta sin. Tá mé ag súil lena thabhairt isteach. Déanfar beathaí a shábháil leis.

Más buaicphointe na bliana seo caite an laghdú i mbásanna ar bhóithre, ba nadair na bliana gan dabht an chonspóid faoin nGarda Síochána agus falsú líon na ndaoine ar a ndearnadh tástáil anála le haghaidh alcóil. Rinneadh damáiste leis d'iontaoibh an phobail, agus é ag teacht go díreach tar éis an scannail faoi phointí pionóis, agus tarraingíodh droch-cháil ar an bhfórsa agus ar dhlíthe um thiomáint ar meisce lena leithéid de mhíriarachán.

Chuir an RSA fáilte roimh fhoilsiú thuarascáil Crowe Horwath, lena ndearnadh scrúdú ar shaincheist an anáileadáin. Ar ndóigh, inár n-aighneacht chuig údair na tuarascála, thugamar an chomhairle dóibh go raibh seans ann go ndearnadh cinneadh nó gur imríodh tionchar ar leithdháileadh acmhainní an Gharda Síochána ó phóilíneacht um shábháilteacht ar bhóithre mar thoradh ar ró-thuairisciú tástálacha anála agus braith ísle tiománaithe ar meisce. Is ábhar imní ollmhór dúinn freisin go bhféadfaí tionchar diúltach a imirt leis sin ar líon na ndaoine a dhéantar a mharú agus a ghortú go tromchúiseach ar bhóithre na hÉireann. Seo an fhíric is tábhachtaí nach mór dúinn a choimeád sa scéal brónach iomlán seo.

Mar íosmhéid is í tuairim an RSA gur cheart na moltaí uile i dtuarascáil Crowe Horwath a chur i bhfeidhm ina n-iomláine, go speisialta an moladh go ndéanfaí íoslíon de 20% den daonra a chur faoi thástáil anála gach bliana.

Go criticiúil, áfach, ní mór meicníocht a chur i bhfeidhm chun gníomhaíocht um shábháilteacht ar bhóithre an Gharda Síochána a iniúchadh go neamhspleách, go sainiúil taifeadadh na dtástálacha anála dearfacha agus diúltacha uile arna riar, d'fhonn an fhírinneacht ina leith a ráthú.

Gan dabht, tá nasc láidir agus cruthaithe idir leibhéil an fhorfheidhmithe i leith na tiomána ar meisce arna gcur chun feidhme agus comhlíonadh na ndlíthe um thiomáint ar meisce ag tiománaithe. Tá méadracht fhorfheidhmithe inchreidte agus iontaofa de dhíth orainn, amhail líon na dtiománaithe a chuirtear faoi thástálacha anála, chun éifeachtúlacht na n-idirghabhálacha um shábháilteacht ar bhóithre a mheasúnú agus a thomhas.

Ghlaoigh an RSA freisin ar thiomantas níos mó ar son an Gharda Síochána le haghaidh infheistíocht leanúnach i dteicneolaíocht agus le haghaidh tosaíocht a thabhairt d'oiliúint agus d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach do ghardaí ar an líne thosaigh maidir le forfheidhmiú um shábháilteacht ar bhóithre.

Tá lárphointe a théarma sroichte anois ag *Straitéis um Sábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020* an rialtais. Éillíodh ar an RSA le hAlt 112 den straitéis chun 'measúnú lárthéarma a dhéanamh ar an *Straitéis um Sábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020* in 2016 lena gcorpraítear athbhreithniú ar spriocanna agus ar ghníomhaíochtaí na straitéise'.

Is é an cuspóir de mheasúnú a dhéanamh ar an straitéis ag lárphointe a théarma ná chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na hÉireann maidir leis na 144 ghníomhaíocht a sheachadadh thar oideachas, forfheidhmiú, innealtóireacht agus measúnú atá leagtha amach sa straitéis. Is deis thábhachtach é chun feidhmíocht na hÉireann a thomhas i gcoibhneas le spriocanna na straitéise d'fhonn básanna a laghdú go 124 nó níos lú faoi 2020. Glacadh leis an measúnú sin mar chúram in 2016 agus cuireadh i gcrích é in 2017. Cé go bhfuil sé an-spreagthach le feiceáil go bhfuil an chuid is mó de na gníomhaíochtaí curtha i gcrích nó ar sceideal, sainaithníodh roinnt fachtóirí ratha criticiúla leis an measúnú lárthéarma atá fós ábhartha.

San áireamh le cuid de na fachtóirí sin tá tabhairt isteach na reachtaíochta riachtanaí, soláthar an mhaoinithe a theastaíonn, tacaíocht ó na meán ollchumarsáide, cothabháil ár líonra bóithre, chomh maith le póilíneacht ardleibhéil, infheicthe ar na bóithre. Beidh sé ina dhúshlán chun an sprioc de 124 bhás nó níos lú ná sin a shroicheadh faoi 2020 agus dá bhrí sin tá sé ríthábhachtach ár dtiomantas don sprioc sin a athlua.

Ba mhaith liom na húsáideoirí bóithre aonair a aithint agus mo bhuíochas a ghabháil leo arís mar aon le foireann dhílis an RSA as a dtiomantas agus a dtacaíocht maidir leis an laghdú ar bhásanna ar bhóithre a bhaint amach anuraidh D'iarrfainn go leanfaimid leis an tiomantas céanna a dhéanamh sna blianta atá romhainn.

Faoi dheireadh, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don bheirt chomhaltaí nua a cuireadh leis an mbord, Donna Price agus Gillian Treacy a mhair trí na hiarmhairtí fíorshaoil de thragóid ar an mbóthar. Tríd an ionchur dá gcuid cinnteofar go ndéanfar ár gcuid oibre a threorú le buarthaí agus peirspictíochtaí íospartaigh na dtuairteanna ar bhóithre.

# Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh

**Tar éis an mhéadaithe ar ábhar an-bhuartha é ar líon na mbásanna in 2016, bhí ár bhfócas in 2017 ar dhul ar ais chuig na bunphrionsabail d'fhonn an toradh sin nach raibh fáilte ar bith roimhe a aisiompú. Ar an drochuair, is iad na hiompraíochtaí marfacha céanna atá ina bpríomhchúis le bás agus le gortú tromchúiseach ar ár mbóithre. Cuirim fáilte ar leith roimh an laghdú de 16% ar bhásanna ar bhóithre in 2017, agus laghdú ar bhásanna chuig 157 mbás mar thoradh air sin, an ráta is ísle sna taifid. Ach tá an-bhuairt orm, áfach, má leantar patrún na mblianta roimhe seo, nach féidir coinneáil leis an bhfeabhsú in 2018.**



**Moyagh Murdock**
*Príomhfheidhmeannach*

Is í an bhagairt is mó atá romhainn ar an mbóthar anois ná bogás. Tá cuid mhaith le déanamh againn má táimid chun an sprioc a bhaint amach de bhásanna ar na bóithre a laghdú go 124 bhás nó níos lú ná sin faoi 2020, an sprioc atá leagtha amach sa *Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020*.

Ghlacamar le céim thábhachtach in 2017 le foilsiú an athbhreithnithe lárthéarma ar an straitéis um shábháilteacht ar bhóithre d'fhonn a chinntiú go mbainfimid an sprioc sin amach. Tar éis tréimhse mhionsonraithe de theagmháil le páirtithe leasmhara, sainaithníodh 22 ghníomhaíocht nua um shábháilteacht ar bhóithre le cur chun feidhme faoi 2020. Déantar dhá cinn déag díobh sin a aicmiú mar ghníomhaíochtaí ardtionchair mar gheall ar an ionchas tarrthála a bhaineann leo.

Ag féachaint ar fhigiúirí na dtaismeach le haghaidh 2017, is an-ábhar buartha an méadú ar bhásanna rothaithe, méadú 40% ar 2016. In 2017 thugamar tacaíocht do chur chun cinn na sábháilteachta rothaíochta trínár bhfeachtais teilifíse 'Na bóithre a chomhroinnt le rothaithe' agus 'Luas íseal-leibhéil' a chraoladh. Rinneamar léacht acadúil a óstáil maidir le céimniú amach na luasteorainneacha 30 km/u agus thugamar cuireadh don Uasal Rod King le bheith ina spreagchainteoir. Rinneamar a láithreacht a éascú ag comhdháil do chomhairleoirí cathrach agus contae. Chuireamar tacaíocht airgeadais dar luach €150,000 ar fáil chun leanaí bunscoile a oiliúint ar rothaíocht shábháilte.

Rinneamar bearta a phleanáil le haghaidh 2018 chun tabhairt faoi leochaileacht rothaithe, go sonrach seoladh feachtais oideachais nua maidir le híosraon scoite (MPD) de 1.5 mheadar do thiománaithe agus iad ag scoitheadh rothaithe. Leanfar leis an bhfeachtas sin sa todhchaí ach aithnímid an gá le hinfheistíocht bhreise ag na húdaráis ábhartha d'fhonn an timpeallacht infreastruchtúir fhisiceach a fheabhsú chun rothaithe a chosaint agus iad á scaradh ón bpríomh-thrácht feithiclí. Ní dhéanfar básanna agus gortuthe a laghdú sa chatagóir leochaileach d'úsáideoirí bóithre sin trí oideachas amháin.

Trí staitisticí faoi imbhuailtí agus trínár staidéir bhreathnaitheacha féin tugadh an fhíric chun suntais go bhfuil fadhb leanúnach ann maidir le daoine nach gcaitheann criosanna sábhála, go háirithe sa suíochán cúil. Díreoimid ar an tsaincheist sin in 2018 mar chuid d'fheachtas feasachta nua.

Léirigh mé roimhe seo nach mór dúinn mar eagraíocht sinn féin a threoshuí an athuair d'fhonn an fhíric a léiriú ar bhonn níos fearr go soláthraímid go leor seirbhísí tráchtála don phobal. Cuireadh obair air sin chun cinn in 2017 faoin *bPlean Corparáideach 2016-2020*nua. Rinneamar athstruchtúrú cheana féin chun stiúrthóireacht nua a chuimsiú dar teideal Straitéis Chorparáideach, Beartas agus Teicneolaíocht, atá ag spreagadh athchóirithe agus éifeachtúlachtaí inár n-eagraíocht. Tá aird ar leith á tabhairt againn inár n-iarrachtaí chun na seirbhísí a sholáthraímid don phobal a nascadh ar bhonn níos fearr agus chun

*Is í an bhagairt is mó atá romhainn ar an mbóthar anois ná bogás. Tá cuid mhaith le déanamh againn má táimid chun an sprioc a bhaint amach de bhásanna ar na bóithre a laghdú go 124 bhás nó níos lú ná sin faoi 2020.*

turas comhtháite gan uaim don chustaiméir a chruthú, mar a thugaimid air. Is féidir tuarascáil maidir le cur chun feidhme an Phlean Chorparáidigh a fháil ar leathanach 12.

I dtéarmaí na n-agaí feithimh le haghaidh tástáil tiomána ba bhliain dhúshlánach í 2017. Faoi dheireadh na bliana ba é an t-aga feithimh náisiúnta le haghaidh tástáil tiomána 13.5 seachtaine. D'athraigh an t-aga feithimh sin ar fud na réigiún, áfach, agus aithnímid nach bhfuil agaí feithimh fada i gcodanna den tír inghlactha. Is é ar dtiomantas go mbeidh meán-aga feithimh náisiúnta ann nach mbeidh níos faide ná 10 seachtaine. Dhíríomar acmhainní nach beag in 2017 chun an t-aga sin a laghdú. Áiríodh leis sin earcú 23 tástálaithe breise, tar éis cuireadh i leataobh an lánchoisc ar earcaíocht san earnáil phoiblí, chun na tástálaithe a athsholáthar a cailleadh trí dhul ar scor agus trí laghdú nádúrtha. Áiríodh lenár gcuid iarrachtaí feachtas spriocthа a bhí dírithe ar líon na n-iarrthóirí ar thástáil tiomána a laghdú nach dtagann i láthair le haghaidh na tástála tiomána dá gcuid. Níor fhreastail líon iomlán de 19,183 tiománaithe faoi oiliúint ar a dtástáil tiomána anuraidh. Tá timpeall ar sé seachtaine de tháirgiúlacht caillte ann mar thoradh air sin.

Mar gheall ar an am a theastaíonn chun tástálaí tiomána nua a earcú agus a chur faoi oiliúint, chuireamar clár earcaíochta láidir i gcrích lena ndéanfar freastal ar an éileamh lena bhfuilimid ag súil thar na cúig bliana le teacht. Tá painéal d'iarrthóirí ionchasacha á chruthú againn ar féidir linn tarraingt uaidh thar an ngearrthéarma go meántéarma agus tá sé beartaithe againn seo a úsáid chun an leasa uasta. Mar thoradh ar an bhfeachtas earcaíochta cuireadh níos mó ná 4,000 iarratas isteach i Nollaig 2017. Beidh sé sin ina chuidiú le haon éileamh breise ar thástálacha tiomána a bhainistiú arna chruthú ag achtú ionchasach in 2018 an Bhille um Thrácht ar Bhóithre. Soláthrófar cumhachtaí do ghardaí leis an reachtaíocht sin feithiclí a choinneáil arna dtiomáint ag tiománaithe faoi oiliúint neamhthionlactha agus chun na daoine sin a ionchúiseamh a sholáthraíonn feithicil go feasach dá leithéid de thiománaithe.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis na meáin as bhur gcuid tacaíochta le linn 2017. Go simplí, ní bheimis in ann feasacht a ardú faoi shábháilteacht ar bhóithre, go háirithe ag tréimhsí tábhachtacha sa bhliain amhail an Nollaig agus laethanta saoire bainc, gan bhur gcúnamh.

Gabhaim buíochas freisin lenár gcomhpháirtithe a chuidigh linn ár gclár cuimsitheach de thionscnaimh um shábháilteacht ar bhóithre a sheachadadh. Ní mór lua speisialta a dhéanamh faoi na heagraíochtaí sin a chuidigh le feachtais in 2017 ar bhonn airgeadais. Is mór dúinn bhur gcuid tacaíochta, agus tá sé tábhachtach le tabhairt faoi deara go raibh sé éifeachtach.

Faoi dheireadh ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le foireann uile an RSA. Gan bhur dtiomantas neamhleithleach don obair tarrthála a chuireann sibh chun feidhme, ní bheadh sé indéanta go simplí an clár uaillmhianach oibre a sheachadadh a sainaithníodh le haghaidh 2017. Go raibh maith agaibh agus tá mé ag tnúth le bheith ag obair libh uile go léir in 2018.

Faoi dheireadh, is é mo ról mar oifigeach cuntasaíochta an RSA maoirseacht a dhéanamh ar úsáid cheart na mbuiséad agus ionracas agus comhlíonadh a chinntiú maidir le reachtaíocht, beartas rialtais agus riachtanais rialachais chorparáidigh. Glacaim freagracht as maoirseacht airgeadais an RSA agus cuntais 2017 atá leagtha amach i staid airgeadais an RSA. Is féidir leat cuntais airgeadais an RSA don bhliain 2017 a fháil ag deireadh na tuarascála seo.

**Moyagh Murdock**
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*

# Comhaltaí an Bhoird



## An tUasal Liz O'Donnell

Cathaoirleach

Is stiúrthóir beartais, gnóthaí rialtais agus cumarsáide den chuideachta cógaisíochta agus cúram sláinte MSD Ireland í Liz O'Donnell.

Ba TD sa Pháirtí Daonlathach i mBaile Átha Cliath Theas í an tUasal O'Donnell ar feadh 15 bliana ó 1992 go dtí 2007 agus bhí sí ina hAire Stáit ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha ó 1997 go dtí 2002. Bhí ról aici i bhfoireann idirbheartaíochta na hÉireann a ghlac páirt sna caibidlí ilpháirtí a raibh Comhaontas Aoine an Chéasta i 1998 mar thoradh orthu. Ba bhall í an tUasal O'Donnell de Choimisiún Thithe an Oireachtais ó 2002 go dtí 2007.

Nuair a chuaigh sí ar scor ón bpolaitíocht in 2007, d'oibrigh an tUasal O'Donnell mar shainchomhairleoir gnóthaí poiblí, agus bhí colún polaitiúil aici san *Irish Independent* ar feadh cúig bliana. Ceapadh í ina cathaoirleach den RSA in 2014. Is as Baile Átha Cliath í agus is céimí í ó Scoil Dlí Choláiste na Tríonóide.



## An Dr Áine Carroll, MB, BCh, MD, FRCP, FRCPI, DLQ

Is í an Dr Áine Carroll stiúrthóir náisiúnta an Rannáin um Straitéis Cliniciúil agus Cláir san FSS ó mhí na Samhna 2012 i leith. Is rannán é sin a chuimsíonn na Cláir Chliniciúla Náisiúnta, na Cláir Chúraim Chomhtháite agus Oifig na Seirbhísí Altranais agus Cnáimhseachais. Tá sé mar aidhm ag an Rannán sin cúram comhtháite agus obair bhuíne a chur chun cinn agus a fheabhsú ar fud na seirbhísí agus na speisialachas, lena chinntiú go gcuirtear cúram ar fáil go héifeachtach agus gan uaim d'othair agus iad ag dul tríd an gcóras sláinte. Sular ceapadh ina stiúrthóir náisiúnta í, bhí an Dr Carroll ina ceannasaí cliniciúil ar an gClár Leighis Athshlánúcháin. Tá sí ina sainchomhairleoir i i Leigheas Athshlánúcháin, ina hollamh cliniciúil comhlach i Scoil an Leighis, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, ina hiar-chathaoirleach ar Bhord Leighis an Ospidéil Náisiúnta Athshlánúcháin agus ina hiar-uachtarán ar Chumann Leighis Athshlánúcháin na hÉireann.



## An tUasal Aileen O'Toole

Is stiúrthóir cairte agus straitéisí digiteach í Aileen O'Toole agus tá sí i mbun a gnó comhairliúcháin dhigitigh féin. Is iar-eagarthóir gnó í, agus chomhbhunaigh sí an nuachtán *The Sunday Business Post*.

Is stiúrthóir í Aileen ar Business in the Community, cuideachta neamhbhrabúis a chuireann freagracht shóisialta chorparáideach (FSC) chun cinn. Is iar-Stiúrthóir í ar Chambers Ireland, an líonra gnó is mó sa tír, agus ar ASH Ireland.

Chuaigh Aileen le Bord an RSA in 2014 i ndiaidh di spéis a chur ann tríd an Tionscnamh um Éagsúlacht ar Bhoird, a sholáthraíonn nasc idir boird agus iarrthóirí mná. Is iad cumarsáid agus margaíocht dhigiteach a sainréimse, nithe atá ábhartha don RSA agus é ag iarraidh a theachtaireacht a chur ina luí ar thiománaithe óga trí na meáin shóisialta agus trí bhealaí digiteacha eile. Is ball í de choiste iniúchóireachta agus riosca Bhord an RSA.



## An tUasal Eddie Rock

D'oibrigh Eddie Rock i réimsí éagsúla den Gharda Síochána sular ceapadh ina choimisinéir cúnta é i mí Feabhra 2005 agus é i gceannas ar Chór Tráchta an Gharda Síochána.

Bhí sé mar ionadaí an gharda síochána ar Fhoireann na Straitéise Náisiúnta Frithdhrugaí, an chéad fhoireann chuimsitheach dá leithéid, a bhunaigh an rialtas sa bhliain 2001.

Le linn dó a bheith i gCór Tráchta an Gharda Síochána, bhí sé ar thús cadhnaíochta i bhfáil an uathchórais chun uimhirphlátaí a léamh. Faightear é sin i gcarranna tráchta na ngardaí mar ghnáthghné anois. Lena chois sin, rinne sé sárobair chun comhoibriú gníomhaireachta a lorg d'fhonn na 'stráicí' den ghréasán bóithre a aithint ina mbíonn an claonadh is mó go dtarlóidh imbhuailtí tráchta.

Tá dioplóma i staidéar dlí agus Baitsiléir Ealaíon sa Bhainistíocht Póilíní aige agus d'éirigh leis i Scrúdú Iontrála Deiridh Dhlí-Chumann Corpraithe na hÉireann in 2003. Tá sé ina chéimí freisin de chuid Acadamh Náisiúnta FBI, Quantico, Virginia.



## An tUasal John Lumsden

Is céimí le heacnamaíocht ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath é John agus is iar-státseirbhíseach gairme é leis an Roinn Iompair. Bhí poist shinsearacha aige sa roinn sin agus freagracht aige as cúrsaí bóthair, iarnróid, muirí agus eitlíochta. Agus é ina Ard-Rúnaí Cúnta, bhí sé freagrach as reachtaíocht agus as forbairt beartais maidir le sábháilteacht ar bhóithre ar feadh roinnt blianta.

Rachaidh a chuid taithí chun leasa Bhord an RSA; tá taithí mhór aige ar an gcaidreamh idir gníomhaireachtaí stáit agus struchtúir eile an rialtais, agus ar an timpeallacht rialachais chorparáidigh, airgeadais agus dlí ina bhfeidhmíonn gníomhaireachtaí stáit.

Chuir John léiriú spéise isteach i mballraíocht bhoird an stáit tríd an gcóras a thionscain an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt in 2011.



## An tUasal Kevin Goulding

Tá Kevin Goulding i gceannas ar an bhfeidhm iniúchóireachta ag Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath, agus ag soláthar dearbhaithe neamhspleách don choiste iniúchóireachta agus riosca, do bhord an ghrúpa agus don lucht bainistíochta feidhmiúcháin maidir le bainistíocht aerfoirt iomlán an ghrúpa, miondíol taistil, agus gníomhaíochtaí comhairleachta eitlíochta.

Cuimsíonn a chuid taithí iniúchóireacht inmheánach, bainistíocht airgeadais, agus cur chun feidhme córas. Ina chuid ról roimhe seo bhí sé ina cheann grúpa ar iniúchóireacht agus riosca ag Kingspan Group, agus bhí poist idirnáisiúnta aige freisin ag Smurfit Kappa Group, agus Logitech SA. Rinne sé láithreoireachtaí ag roinnt comhdhálacha idirnáisiúnta sna réimsí a bhaineann le riosca agus comhlíonadh rialachais agus maidir le conas is féidir le gnólachtaí córais TF a úsáid ar bhonn níos éifeachtaí chun na réimsí sin a bhainistiú.

Tá sé ina chomhalta d'Institiúid Chairte na gCuntasóirí Deimhnithe agus ina chomhlach d'Institiúid Chairte na nIniúchóirí Inmheánacha. Tá céim mháistir aige freisin i riarachán gnó ó COC.

# Comhaltaí an Bhoird

(ar leanúint)



### An tUasal Dimitris Karagiorgis

Is stiúrthóir comhlach é Dimitris Karagiorgis i gcuntasaíocht státchiste agus seirbhísí baincéireachta sa chuideachta biteicneolaíochta dhomhanda Shire Pharmaceuticals. Threoraigh sé bunú na foirne cúloifige státchiste laistigh de rannán seirbhísí corparáideacha d'fhairsingiú na cuideachta in Éirinn. Áirítear leis sin freagracht as próiseáil éifeachtach íocaíochtaí státchiste, tuairisciú airgeadais láidir a sheachadadh, riarachán bainc chorparáidigh agus páirtithe leasmhara iolracha a chomhordú d'fhonn oibríochtaí a fheabhsú le meanma chomhoibríoch. Bhí poist um airgeadas státchiste aige roimhe seo le Coca-Cola HBC, Vodafone agus CRH plc.

Bhí an tUasal Karagiorgis ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin le comhlacht leathstáit Údarás Calafoirt Chill Mhantáin idir 2012 agus 2016, áit a raibh sé ina chathaoirleach freisin ar an gcoiste iniúchta inmheánaigh. Idir 2010 agus 2013, ghlac sé páirt ghníomhach i mboird na gcarthanas HOPE agus Access Ireland, agus i bpainéal Laighean ACCA.

Tá sé ina chomhalta den ACCA, agus tá iarchéim aige i riarachán gnó ag Ollscoil Surrey agus i mbeartas sóisialta ag Ollscoil Bath. Bhí a chéad chéim sa tsocheolaíocht ag Ollscoil Panteion san Aithin.

Téarma imithe in éag in 2017

**An tUasal John Mulvihill**



Téarma imithe in éag in 2017

**An tUasal Aideen Carberry**



# An Fhoireann Bhainistíochta



**An tUasal Moyagh Murdock**
Príomhfheidhmeannach



**An tUasal Michael Rowland**
Stiúrthóir, Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe



**An tUasal Pearse White**
Stiúrthóir, Airgeadas agus Seirbhísí Tráchtála



**An tUasal Denise Barry**
Stiúrthóir, Straitéis Chorparáideach, Beartas agus Teicneolaíocht



**An tUasal Declan Naughton**
Stiúrthóir, Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe




**An tUasal Liam Duggan**
Stiúrthóir, Tástáil Feithiclí agus Forfheidhmiú

# Is Misean simplí atá ag an RSA: beathaí a shábháil agus gortuithe a chosc trí líon agus déine na n-imbhuailtí ar an mbóthar a laghdú. Léirítear é sin inár seanrá, *Ag Obair chun Beathaí a Shábháil*.

*Oibríonn an RSA chun sábháilteacht ar bhóithre na hÉireann a fheabhsú trí na nithe a leanas:*

- feachtais faisnéise agus oideachais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun feasacht faoi shábháilteacht ar bhóithre a mhéadú agus chun tiomáint níos sábháilte a chur chun cinn
- caighdeáin feithiclí a fheabhsú
- caighdeán teagaisc tiománaithe a bhunú agus a mhonatóiriú
- córas ceadúnaithe tiománaithe a mhaoirsiú agus gníomhaíochtaí forfheidhmithe áirithe a dhéanamh
- obair a dhéanamh le páirtithe leasmhara chun freagairt chomhordaithe a chinntiú agus chun a áirithiú go n-úsáidtear ár gcomhacmhainní go críonna agus go héifeachtúil
- taighde ar imbhuailtí agus ar shábháilteacht ar bhóithre a dhéanamh d'fhonn bearta agus moltaí a fhorbairt chun sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú
- comhairle a chur ar an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir le beartas sábháilteachta ar bhóithre
- dul chun cinn maidir le *Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020* an rialtais a chur i láthair agus a thuairisciú.




## Struchtúr eagraíochta an RSA

Tá an RSA eagraithe ina thrí stiúrthóireacht líne tosaigh mar seo a leanas:

- Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe
- Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe
- Caighdeáin Feithiclí agus Forfheidhmiú

Tugann Acmhainní Daonna, stiúrthóireacht Airgeadais agus Seirbhísí Tráchtála agus stiúrthóireacht um Straitéis Chorparáideach, Beartas agus Teicneolaíocht tacaíocht do na stiúrthóireachtaí líne tosaigh.

### Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe

*faigh tuilleadh faisnéise ar leathanach 30*

Tá an Stiúrthóireacht um Thástáil agus Ceadúnú Tiománaithe freagrach as an gcóras tástála tiománaithe agus as an réimeas ceadúnaithe tiománaithe. Is é aidhm obair na stiúrthóireachta chun a chinntiú go ndéanaimid tiománaithe sábháilte a cheadúnú ionas go mbeidh ar mbóithre sábháilte d'úsáideoirí uile.

### Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe

*faigh tuilleadh faisnéise ar leathanach 18*

Is é ról na Stiúrthóireachta um Shábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe feasacht faoi shábháilteacht ar bhóithre a mhúscailt, úsáideoirí bóithre a oiliúint agus taighde a dhéanamh ar cheisteanna sábháilteachta ar bhóithre. Tá an stiúrthóireacht freagrach freisin as rialáil an tionscail teagascóirí tiomána agus as an Teastas Tiománaithe um Inniúlacht Ghairmiúil.

Oibríonn an stiúrthóireacht le páirtithe leasmhara uile a chláraigh le *Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020* an rialtais lena chinntiú go mbaintear amach tionscnaimh um shábháilteacht ar bhóithre.

### Tástáil Feithiclí agus Forfheidhmiú

*faigh tuilleadh faisnéise ar leathanach 36*

Tá Stiúrthóireacht um Chaighdeáin Feithiclí agus Forfheidhmiú an RSA freagrach as roinnt feidhmeanna a bhaineann le sábháilteacht agus tástáil feithiclí mar aon le comhlíonadh a fheabhsú chun bainistíocht éifeachtach agus shábháilte feithiclí ar ár mbóithre a chinntiú. Tá an stiúrthóireacht freagrach chomh maith as reachtaíocht áirithe um shábháilteacht ar bhóithre a fhorfheidhmiú maidir le feithiclí tráchtála agus a gcuid tiománaithe.

### Straitéis Chorparáideach, Beartas agus Teicneolaíocht

*faigh tuilleadh faisnéise ar leathanach 44*

Is é an ról atá againn seachadadh *Phlean Corparáideach 2016-2020* a mhaoirsiú agus a thacú agus chun tacaíocht a thabhairt don ghnólacht trí raon feidhmeanna lena n-áirítear bainistíocht rathúil athruithe agus bainistíocht tionscadal, dearadh gnó, TFC, tionscnaimh um barr feabhais oibríochtúil, cúram do chustaiméirí agus seirbhísí dlí.

### Airgeadas agus Seirbhísí Tráchtála

*faigh tuilleadh faisnéise ar leathanach 42*

Áirítear leis na feidhmeanna tacaíochta a chuirtear ar fáil don eagraíocht airgeadas agus rialachas corparáideach, soláthar, sláinte agus sábháilteacht, saoráil faisnéise, cosaint sonraí, agus bainistíocht eastát, saoráidí agus flít.

# Is í an fhís atá againn ná ...” go n-aithnítear muid mar phríomhghuth um shábháilteacht ar bhóithre go náisiúnta agus mar phríomhghuth go hidirnáisiúnta, ag spreagadh athruithe ar dhearcthaí agus ar iompraíocht úsáideoirí bóithre agus ag comhoibriú le príomhpháirtithe leasmhara chun beathaí a shábháil’.

In 2016, cuireadh Plean Corparáideach 2016-2020 an RSA i gcrích le hionchur ón bhfoireann agus ó pháirtithe leasmhar araon. Is é fís luaite an Phlean Chorparáidigh ná ‘go n-aithnítear an RSA ‘mar phríomhghuth na sábháilteachta ar bhóithre go náisiúnta agus mar phríomhghuth go hidirnáisiúnta, ag spreagadh athruithe ar dhearcthaí agus ar iompraíocht úsáideoirí bóithre agus ag comhoibriú le príomhpháirtithe leasmhara chun beathaí a shábháil.’

D’fhonn ár bhfís agus ár misean a sheachadadh ní mór dúinn cuspóirí straitéiseacha ardleibhéil a aistriú go gníomhaíochtaí bríocha agus na tionscadail aonair a leagan amach go mion nach mór dúinn a chur chun feidhme thar shaolré na straitéise. Ansin ní mór dúinn seachadadh na dtionscadal sin a chomhordú trí phlean a chur i bhfeidhm chun an t-athrú cobhsaí agus inbhuanaithe a bhaint amach a theastaíonn sa Phlean Corparáideach.

Mar fhreagairt air sin bhunaíomar an Stiúrthóireacht um Straitéis, Beartas agus Teicneolaíocht i mí Feabhra 2017. Tá freagracht ag an stiúrthóireacht sin as seachadadh ár bPlean Chorparáidigh a chomhordú agus as cuidiú leis trí ailíniú straitéiseach ar fud an RSA trína áirithiú go mbíonn gach duine ag obair ar son na gcuspóirí céanna agus go ndéantar ár bpleananna agus bearta gnó a ailíniú. Is é ár ról chomh maith tacú leis an ngnólacht thar raon na bhfeidhmeanna dár gcuid, lena n-áirítear bainistíocht rathúil athruithe agus tionscadal, dearadh gnó, cumasú TFC, éirim ghnó agus tionscnaimh um barr feabhais oibríochtúil.



## Tiomnaíonn an RSA do chúig thogra straitéiseacha a sheachadadh:

| | |
|---|---|
| **1. Turas comhtháite an chustaiméara** | Faoi 2020, gheobhaidh gach custaiméir seirbhís chostéifeachtach, thráthúil agus ar chaighdeán níos fearr ón RSA. |
| **2. Ár ndaoine ag croílár gach ní a dhéanaimid** | Faoi 2020, beidh timpeallacht réamhghníomhach rannpháirtíochta fostaithe againn, le béim ar leith ar chultúr, feidhmíocht, cumarsáid inmheánach, pleanáil comharbais, foghlaim agus forbairt, a mbeidh caidrimh éifeachtacha custaiméirí/comhpháirtithe mar thoradh air, mar aon le fostaithe a chuirfidh an RSA chun cinn ar bhonn seachtrach. |
| **3. An cumas agus an inniúlacht chun feidhmíocht a sheachadadh agus a fheabhsú** | Faoi 2020, cuirfidh ár gcuid próiseas, córas agus teicneolaíochtaí seirbhísí éifeachtúla gan uaim ar fáil do chustaiméirí, agus foilsiú na n-eochairtháscairí feidhmíochta (ETFanna) san áireamh. |
| **4. Ardán éifeachtach do thodhchaí an RSA** | Faoi 2020, beidh ár straitéis rannpháirtíochta curtha i bhfeidhm againn agus leanfaimid orainn ag tógáil ár gcomhpháirtíochta leis na príomhpháirtithe leasmhara sin a bhfuil an tionchar is mó acu ar shábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú do gach úsáideoir bóithre. Déanfaimid sonraí a bhailiú, a thiomsú agus a úsáid chun cúiseanna a nascadh go díreach le bearta ceartaitheacha ar leith chun sábháilteacht a sheachadadh do gach úsáideoir bóithre. |
| **5. Gníomhaíocht sprioctha agus comhoibriú chun athrú a spreagadh** | Faoi 2020, beidh ardán don fhás cruthaithe againn lena ndéanfar an aimsir a sheasamh dár soláthar seirbhíse, beidh samhaltán inbhuanaithe airgeadais cruthaithe don RSA, agus beidh TFC nua-aimseartha leabaithe ann, lena gcumasófar oibriúchán ó cheann go ceann agus eagraíocht fheidhmiúil. Déanfaidh an RSA a gcuid oibre go digiteach mar norm agus beidh an tslándáil fíorthábhachtach. |

## Straitéis um *Shábháilteacht ar Bhóithre 2013–2020* an Rialtais.


Éillíodh le hAlt 112 den *Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020* go ndéanfar measúnú lárthéarma ar an Straitéis lena gcorpraítear athbhreithniú ar spriocanna agus ar ghníomhaíochtaí na Straitéise. Ba phríomhghné de chur i gcrích an mheasúnaithe sin arna éascú ag an RSA agus lena gcuir an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Shane Ross, a ainm leis in 2017 ná clár oibre a shainaithint chun tacú le seachadadh na gníomhaíochtaí uile laistigh den Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre faoi 2020. Áiríodh leis sin díospóireacht chun bacainní roimh na 30 gníomhaíocht a bhí ar gcúl sa sceideal a shainaithint agus a bhaint agus chun gníomhaíochtaí nua a shainaithint lena mbeifí in ann tionchar tarrthála na straitéise go foriomlán a thacú agus a neartú.

In 2017 bhí an príomhfhócas ar an méid a leanas:

- chun a chinntiú go ndéanfar na 30 gníomhaíocht uile a bhí ar gcúl sa sceideal a chur chun feidhme faoi 2020
- obair a dhéanamh chun na 22 ghníomhaíocht nua sa straitéis a chur chun feidhme faoi 2020.


Mar a comhaontaíodh is é an chéad tosaíocht atá ann nach mór na 30 gníomhaíocht atá ar gcúl sa sceideal a chur chun cinn mar ábhar práinne. In 2017 rinne an RSA díospóireachtaí a éascú le páirtithe leasmhara chun bacainní roimh chur i gcrích a shainaithint agus a bhaint agus chun seachadadh na ngníomhaíochtaí a chinntiú.

Tar éis thiomsú tuairimí saineolaíocha na bpáirtithe leasmhara i gcomhthéacs an mheasúnaithe lárthéarma, sainaithníodh 22 ghníomhaíocht nua, a bhfuil 12 cinn acu ina ngníomhaíochtaí ardtionchair mar gheall ar a n-ionchas tarrthála. Mar achoimre, áirítear leo sin i dtús báire tabhairt isteach beart sainiúil chun dul i ngleic le hiompraíocht mharfach trí fhorfheidhmiú sprioctha agus infheicthe ag an nGarda Síochána a mhéadú, agus trí reachtaíocht a achtú chun pionóis dhéine a thabhairt isteach maidir le cionta um thrácht ar bhóithre. Áirítear leo sin níos mó cruinnithe rialta le páirtithe leasmhara a chur ar bhonn foirmiúil chun comhoibriú agus dul chun cinn inár gcuid oibre a mhéadú agus tabhairt isteach beart chun tabhairt faoi easnaimh innealtóireachta an líonra bóithre.



## Shábháilteacht ar Bhóithre 2017

# Amhail an 31 Nollaig 2017, bhí 142 imbhualadh mharfacha ar bhóithre na hÉireann sa bhliain, a raibh 157 mbás mar thoradh orthu. Is ionann sin agus 29 (-16%) imbhualadh níos lú agus 32 (-18%) bhás níos lú i gcomparáid le sonraí an Gharda Síochána don tréimhse chéanna in 2016*. Ba í sin an bhliain is sábhailte d'Éirinn sna taifid.





**Básanna faoi bhliain, 1997 go 2017**

Foinse: Bunachar Sonraí um Imbhuailtí Bóthair an RSA, Meitheamh 2018

## Básanna ar Bhóithre de réir chineál úsáideora bóithre, 2016 vs 2017

Bhí laghduithe ar líon na mbásanna ar fud na ngrúpaí úsáideoirí bóithre uile, ach amháin rothaithe gnáthrothar arna marú (+4 bhás) in 2017 agus iad curtha i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2016. Ba iad tiománaithe agus coisithe an dá chatagóir d'úsáideoirí bóithre ina dtaifeadadh an líon is airde básanna in 2017.


Is ionann líon na mbásanna i measc tiománaithe agus paisinéirí agus beagnach trí bhás as gach cúig bhás (59%) in 2017, agus is ionann líon na mbásanna i measc úsáideoirí bóithre leochaileacha (coisithe, gluaisrothaithe agus rothaithe gnáthrothar) agus dhá chúigiú de na básanna uile ar bhóithre (41%). Is ionann básanna tiománaithe (-15) agus paisinéirí (-12) agus an laghdú is mó in 2017. Ar an iomlán, laghdaíodh básanna taistealaithe feithiclí ó 119 in 2016 go 92 in 2017 (-23%).




**Básanna ar bhóithre de réir chineál úsáideora bóithre, 2016 vs 2017**

## Líon na mbásanna in aghaidh mhilliún an daonra[2]

B'ionann ráta na mbásanna in 2017 agus 33 bhás in aghaidh mhilliún an daonra, an bhliain is sábháilte d'Éirinn sna taifid, agus 157 mbás ann. Roimhe sin, ba í 2015 an bhliain is sábháilte agus 162 bhás ann (35 in aghaidh mhilliún an daonra). Idir 1997 agus 2017 laghdaíodh líon na mbásanna ó 129 mbás in aghaidh mhilliún an daonra go 33 bhás in aghaidh mhilliún an daonra (-74%).




**Líon na mbásanna um thrácht bóithre in aghaidh mhilliún an daonra[2]**

1. Tá na figiúirí le haghaidh 2015-2017 sealadach agus faoi réir athruithe.
2. Is é foinse na bhfigiúirí daonra arna n-úsáid na meastacháin is déanaí arna n-eisiúint ag an bPríomh-Oifig Staidrimh (Aibreán 2018).
3. Áirítear paisinéirí cúlóige le figiúirí na ngluaisrothaithe.

# Athbhreithniú ar Shábháilteacht ar Bhóithre 2017

(ar leanúint)

## Comhthéacs na Sábháilteachta ar Bhóithre in 2016/2017


- B'ionann meánlíon na gciliméadar a thaistil gach feithicil in 2016 agus 18, 441 chiliméadar[3].
- Thaistil feithiclí in Éirinn líon iomlán de 48.5 billiún ciliméadar in 2016, méadú 5.6% i gcomparáid le 2015.
- Méadaíodh ídiú díosail faoi 8.2% in 2016, agus é an breosla is coitianta a úsáidtear san iompar (60%)[4].
- Bhí laghdú ann ar líon na ngluaisteán príobháideach nua a ceadúnaíodh don chéaduair in 2017 (127,045 fheithicil) i gcomparáid le 2016 (141,931 fheithicil), agus is ionann sin agus laghdú 10.5%[5].
- In 2017, ba e an meánráta dífhostaíochta bliantúil 6.7%, laghdú i gcomparáid le 2016 (8.4%)[6].

**10.5%**

mar laghdú ar ghluaisteáin phríobháideacha a ceadúnaíodh don chéaduair in 2017 i gcomparáid le 2016

**8.2%**

mar mhéadú ar ídiú díosail in 2017 i gcomparáid le 2016




**Básanna ar bhóithre in Éirinn suas go dtí an 31 Nollaig 2017[7]**


3. *Omnibus Tráchta 2016*, an Phríomh-Oifig Staidrimh (2018). http://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-tranom/to2016/rtv/
4. *Fuinneamh in Éirinn 1990-2016*, SEAI (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann) (2017). https://www.seai.ie/resources/publications/Energy-in-Ireland-1990-2016-Full-report.pdf
5. Feithiclí a ceadúnaíodh don chéaduair, an Phríomh-Oifig Staidrimh (2017). http://www.cso.ie/en/releasesandpublications/er/vlftm/vehicleslicensedforthefirsttimedecemberandyear2017/
6. Tagraíonn an figiúr sin do na figiúirí is déanaí (nuashonraithe) do Mheán Bliantúil an Ráta Dífhostaíochta arna Choigeartú de réir Séasúir le haghaidh daoine d'aois 15-74 bliana, an Phríomh-Oifig Staidrimh. http://pdf.cso.ie/www/pdf/20180116090237_Monthly_Unemployment_December_2017_full.pdf
7. Tá na figiúirí sealadach agus faoi réir athruithe.

## Sábháilteacht ar Bhóithre san AE: básanna in aghaidh mhilliún an daonra ar fud an AE

Maraíodh timpeall ar 25,300 daoine ar bhóithre an AE in 2017. Is ionann sin agus meánlíon de 50 bás in aghaidh mhilliún an daonra. Seo an dara bliain i ndiaidh a chéile go raibh laghdú ar líon na mbásanna de thimpeall ar 2%. Cé go gcothófar misneach leis an laghdú sin, is dúshlán fós é cuspóir an AE le haghaidh 2020 a bhaint amach (líon na mbásanna ar bhóithre idir 2010 agus 2020 a laghdú faoi leath)[8].

Ba iad an tSualainn (25), an Ríocht Aontaithe (27), an Danmhairg (32) agus Éire (33) na tíortha is sábháilte in 2017, agus an ráta básanna is ísle in aghaidh mhilliún an daonra taifeadta acu.

Tá Éire sa
**4ú háit**
san Eoraip
ó thaobh
sábháilteachta
ar bhóithre.




**Básanna ar bhóithre in aghaidh an mhilliúin áitritheoirí: réamh-staitisticí de réir tíre le haghaidh 2017**

8. *An 12ú Tuarascáil ar Innéacs Feidhmíochta um Shábháilteacht ar Bhóithre de chuid LETE (Lárionad Eolaíochta agus Teicniúla na hEorpa)*, Meitheamh 2018. Tabhair faoi deara nach n-áirítear leis an léarscáil seo ach 28 dtír an AE.
Tá an tuarascáil seo ar fáil ag https://etsc.eu/wp-content/uploads/PIN_ANNUAL_REPORT_2018_final.pdf

# Feachtais Feasachta faoi Shábháilteacht ar Bhóithre

Rinne an RSA dhá fheachtas na meán ollchumarsáide nua arna dtreorú le teilifís a choimisiúnú in 2017: Sábháilteacht Gluaisrothar agus Ag Tiomáint le haghaidh Oibre. Rinneadh an feachtas um Shábháilteacht Gluaisrothar a threorú ag torthaí thuarascálacha réamhthuairte ar ghluaisrothaithe an RSA. Rinneamar dhá fheachtas dhigiteacha a choimisiúnú freisin.



## An feachtas 'Ag Tiomáint le haghaidh Oibre'

Is ceann de na príomhchúiseanna le básanna oibrithe tuairteanna ar na bóithre. Má bhíonn fostaí ag tiomáint le haghaidh oibre, tá an fhreagracht dhlíthiúil ag an bhfostóir lena chinntiú go bhfuil siad lán-cháilithe agus go bhfuil go leor taithí acu chun sin a dhéanamh. Meastar go bhfuil tiomáint le haghaidh oibre i gceist maidir le suas le trí imbhuaileadh ar na bóithre gach bliain.

De bharr sin athchruthaíomar fógra teilifíse ó Cheanada i gcomhar leis an nGarda Síochána agus leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta chun a gcuid freagrachtaí i leith shábháilteacht na bhfostaithe dá gcuid a thabhairt chun suntais d'fhostóirí.

San fheachtas taispeántar fostaithe ó ghairmeacha éagsúla: cócaire, meicneoir, oibrí tógála agus oibrí oifige.
'Má bhíonn do chuid fostaithe ag tiomáint le haghaidh a gcuid oibre, is tusa atá freagrach. Má tá siad ag tiomáint le haghaidh oibre, tá siad i láthair ag an obair.'



## Sábháilteacht Gluaisrothar

D'fhorbraíomar feachtas nua arna threorú ag teilifís tar éis dúinn torthaí thuarascáil réamhthuairte an RSA a fháil ina bhfuarthas amach go raibh luas gluaisrothaithe ina fhachtóir rannpháirteach maidir le 49% de bhásanna gluaisrothaithe.

San fheachtas nua sin is é a bhí ag teastáil uainn go ndéanfadh gluaisrothaithe a leochaileacht féin a aithint agus go n-aithneoidís go bhfuil freagracht acu dóibh féin agus dá dteaghlaigh chun rothú go sábhailte Is rud marfach an luas mar má theipeann ar aon rud, níl aon lamháil earráide ann agus d'fhéadfadh na himthosca a bheith uafásach.

Tá an feachtas seo dírithe ar chineál gluaisrothaí an-sainiúil, gluaisrothaí ar ghrá leis/léi an luas agus a chreideann nach mbaineann na rialacha leis/lei.

Amharcann an fógra teilifíse ar shraith comharthaí lena gcuirtear iallach ar dhaoine seo nó siúd a dhéanamh, comharthaí bearránacha nach dtugaimid aird dóibh de ghnáth. Ansin feicimid comhartha 80 km/u dá ndéanann an gluaisrothaí neamhaird agus ansin cluinimid tuairt agus feicimid máthair agus í ag iompar a hiníne tar éis bhás a páirtí.

Mar dheireadh leis cuirtear fíric shimplí i gcuimhne don lucht féachana, eadhon nuair a smaoiníonn tú go bhfuil luas gluaisrothaithe ina fhachtóir i leath na mbásanna gluaisrothaithe, uaireanta ní mór duit éisteacht.
'Lagaigh an scóig agus coinnigh laistigh den luasteorainn.'

## Stíl Mharfach

Chruthaíomar feachtas digiteach freisin le fócas ar dhrochúsáid criosanna sábhála ag mná. Tá an feachtas sin dar teideal 'Faigh Stíl Mharfach an tSéasúir Seo' dírithe ar mhná a chur in aghaidh a gcriosanna sábhála a chaitheamh faoin uillinn, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le gortuithe uafásacha i gcás imbhuailte.

Mar iarracht mná óga a rochtain, bhí an feachtas ina ghné ar líne, áit a gcaitheann an mhórchuid acu an t-am a bhíonn saor acu. Bhí fógra 30 soicind ag tús an fheachtais a chuirfear in úsáid ar ardáin físeáin ar éileamh (VOD).

Cuireann an bhean óg a crios sábhála uirthi ach cuireann sí an crios faoina huillinn. Go tobann, caitear an bhean óg ar aghaidh go forneartach agus aistríonn an radharc chuig domhan X-ghatha uaigneach ina bhfeicimid na gortuithe millteacha go soiléir a tharla san imbhualadh. Nuair a aistrímid ar ais chuig an bhfíorshaol, feicimid an bhean óg agus teanntán muiníl agus coirp á chaitheamh aici agus tá coilm ar a haghaidh. In ionad a stíle meallacaí anois tá gortuithe ar feadh a saoil aici.

Is í teachtaireacht an fheachtais ná mura gcaitheann tú do chrios sábhála go ceart, d'fheadfadh gortuithe tromchúiseacha a bheith ina dtoradh air sin lena n-áirítear coilm aghaidhe, agus i gcásanna áirithe daille, gortú inchinne, gortuithe muiníl agus dromlaigh agus damáiste do na fiacla.

Thacaigh an iris *Stellar* agus roinnt blagálaithe na meán sóisialta leis an bhfeachtas sin.






**Feachtas Aimsire Deannachtaí**
Cuireadh eagarthóireacht raidió nua agus físeán ar líne faoi dhalladh na gréine leis an bhfeachtas leanúnach chun tiomáint shábháilte a chur chun cinn le linn na haimsire deannachtaí agus bhí Teresa Mannion ó RTÉ páirteach iontu.



## Tástáil le haghaidh Ceimiceán Cois Bóthair

Chun tacú le tabhairt isteach na Réamhthástála le haghaidh Drugaí rinneamar feachtas cuimsitheach ar na meáin ar líne a reáchtáil chun feasacht a mhúscailt ar na cumhachtaí tástála drugaí nua arna dtabhairt don Gharda Síochána. Forbraíodh an feachtas i gcomhar leis an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus thacaigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt leis. Bhí físeáin ghairide ina bpríomhghnéithe den fheachtas ina dtaispeánadh an dóigh a ndéantar na tástálacha drugaí a riar cois bóthair mar aon leis na hiarmhairtí dá ndéanfaí tiománaí a bhrath ag tiomáint faoi thionchar drugaí. Rith an feachtas feasachta ar na meáin shóisialta, ar raidió agus ar ardáin dhigiteacha.

Taispeántar leis an bhfíseán dar teideal 'Uvula' fiú nuair a smaoiníonn tú gur féidir leat na héifeachtaí a fholú, ní féidir le do sheile sin a dhéanamh. Déanaimid sin a thaispeáint trí béal úsáideora drugaí a dhéanamh beo, agus guth a thabhairt dó a insíonn an fhírinne do na gardaí. Agus taispeánaimid nach féidir tiomáint faoi thionchar drugaí a fholú.

Rinneamar feachtas a dhíriú freisin ar bhuarthaí a mhaolú i measc daoine a ghlacann leigheasanna agus a thiomáineann (drugaí thar an gcuntas agus drugaí ar oideas). Go sonrach, chuireamar bileoga faisnéise i gcógaslanna agus i lialanna dochtúirí ar fud na tíre. D'fhorbraíomar físeán gairid leis an Ollamh Denis Cusack ón Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre chun sin a mhíniú a thuilleadh.

# Feachtais Feasachta faoi Shábháilteacht ar Bhóithre

(ar leanúint)

## Na Meáin Shóisialta

Tá láithreacht láidir againn ar na meáin shóisialta agus seacht gcuntas na meán sóisialta againn thar chúig ardán. Tá cuntais Facebook, Twitter, YouTube, Instagram agus Snapchat RSA againn. Tá a leathanach Facebook agus cuntas Twitter féin ag ‘RSA Driving Test’ (Tástáil Tiomána RSA). Trí na meáin shóisialta soláthraímid teachtaireachtaí tráthúla um shábháilteacht ar bhóithre dár sprioclucht, agus freagraímid ar fhiosrúcháin agus bailímid aiseolas. Soláthraítear bealach d’iarrthóirí le leathanaigh na meán sóisialta um Thástáil Tiomána RSA chun faisnéis thráthúil agus freagraí ar aon fhiosrúcháin a fháil a d’fhéadfadh a bheith acu faoin bpróiseas um fhoghlaim na tiomána.

In 2017, leanamar le foirmeacha nua na meán a úsáid ar ár leathanaigh meán sóisialta lenar áiríodh íomhánna, GIFanna, físeáin bheo, tvuíteanna beo, agus scéalta Snapchat agus Instagram. Is léir go bhfuil na foirmeacha meán tarraingteacha sin ina n-uirlis chruthaithe chun cuidiú linn an pobal a chur ar an eolas faoi shábháilteacht ar bhóithre.

Bhí tvuíteanna beo éifeachtach freisin in 2017. Le linn na Comhdhála Idirnáisiúnta um Shábháilteacht ar Bhóithre dár gcuid, d’éirigh le gníomhaíocht ar ár gcuntas Twitter féin, in éineacht le postálacha ar na meáin shóisialta ag freastalaithe ar an gcomhdháil, an haischlib #DrinkDriving a chur ag treochtáil go náisiúnta ar Twitter, agus an comhrá faoi thiomáint ar meisce a mhéadú.




Bhí #DrinkDriving ag treochtáil le linn chomhdháil bhliantúil an RSA maidir le tiomáint ar meisce.


| | | |
|---|---|---|
| Facebook<br>RSA Éireann<br>Tástáil Tiomána RSA | *Nollaig 2017*<br>117,515 ‘Is maith liom’ |
| Twitter<br>RSA Éireann<br>Tástáil Tiomána RSA | *Nollaig 2017*<br>15,683 leantóirí |
| YouTube<br>RSA Éireann | *Chuaigh isteach*<br>Feabhra 2011 |
| Instagram<br>RSA Éireann | *Chuaigh isteach*<br>Meitheamh 2016 |
| Snapchat<br>RSA Éireann | *Chuaigh isteach*<br>Nollaig 2016 |

Tá ár gcainéil meán sóisialta anois mar cheann de na príomh-mhodhanna a úsáidimid chun teachtaireachtaí a chur in iúl don phobal i gcoitinne le blianta beaga anuas. In 2017, úsáideadh ár gcainéil chun nuacht rialta um shábháilteacht ar bhóithre, oideachas agus feasacht faoi fheachtais agus imeachtaí a chur in iúl. Tá ár straitéis dírithe ar an teachtaireacht cheart a sholáthar don duine ceart ag an am ceart. Tá an t-éiteas sin fite fuaite trínár bhfeachtais amhail ár dteachtaireachtaí maidir le tiomáint ar meisce, ullmhacht don gheimhreadh agus ‘seiceáil go bhfuil sé oiriúnach’. Tá feidhmiú amháin le déanaí maidir leis sin le feiceáil inár bhfreagairt ar Stoirm Ophelia. Is léir go raibh na meáin shóisialta ina n-uirlis an-úsáideach sa chás sin mar ligeadh dúinn leo baill an phobail a rochtain go díreach le príomhtheachtaireachtaí sábháilteachta ar bhonn tráthúil.

Áiríodh le buaicphointí eile na meán sóisialta in 2017 seoladh na tástála le haghaidh ceimiceán cois bóthair, drochúsáid criosanna sábhála, agus feachtais um shábháilteacht gluaisrothar, sa bhreis ar chur chun cinn leanúnach ár dtabhartas caife i gcoinne tuirse tiománaithe in éineacht le Applegreen, postálacha seachtainiúla maidir le 'seiceáil go bhfuil sé oiriúnach' agus ár bhfeachtas 'Crashed Lives #For Ciarán'.



Tarraingíodh aird ar leith le feachtas Instagram RSA 'Faigh Stíl Mharfach an tSéasúir seo' ar líne agus bhí sé ina ghné de nuacht RTÉ.



Tarraingíodh beagnach 4 mhilliún daoine mar lucht féachana le feachtas físeáin um thiomáint faoi thionchar drugaí an RSA le linn thréimhse an fheachtais.




Le linn Stoirm Ophelia, d'amharc 209,806 daoine ar tvuíteanna an RSA.




Bhuaigh an RSA an duais 'Úsáid is Fearr na Meán Sóisialta ag Comhlacht Stáit' ag Duaiseanna na Meán Sóisialta i mBealtaine 2017.




Chonaic 150,026 daoine físeán beo an RSA faoin ionsamhlóir iompaithe.


# Feachtais Feasachta faoi Shábháilteacht ar Bhóithre

(ar leanúint)

## Feachtais Teilifíse RSA: Feasacht Spreagtha 2017

Bonn: Gach tiománaí

An céatadán freagróirí a mhaíonn go bhfaca siad na fógraí tar éis dóibh cineál éigin ábhar spreagtha a fheiceáil.




Foinse: Iompraíocht agus Dearcthaí, 2017

*Úsáid ráta íseal ar theilifís mar is feachtas oirbheartaíoch ag an Nollaig a bhí ann.

## Feachtas 2017 um Thuismitheoirí Curtha ar Seachrán Tionchar Fógraíochta/Athrú Iompraíochta

Bonn: Gach Tiománaí n–316

Mheasúnaigh tiománaithe Feachtas 2017 um Thuismitheoirí Curtha ar Seachrán ar bhonn an-dearfach, mar leanann sé chun leibhéil feasachta an-láidre agus scóir éifeachtachta agus éifeachtúlachta braite an-arda a sheachadadh a théann ó neart go neart gach bliain. Measann timpeall ar 80% de thiománaithe go bhfuil an feachtas éifeachtach maidir leis *'An riosca a chruthaíonn leanaí mar sheachrán sa ghluaisteán.'*

**I do bharúil féin, cé chomh héifeachtach agus atá an fhógraíocht seo maidir leis na nithe a leanas a thaispeáint?**

| | 2017 | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | An-éifeachtach % | Go measartha éifeachtach % | An-éifeachtach % | An-éifeachtach % |
| Na rioscaí a chruthaíonn leanaí mar sheachrán sa ghluaisteán. | 80 | 13 | 71 | 74 |
| Ná lig do leanbh riamh d'fhócas a bhaint ón mbóthar. | 81 | 13 | 71 | 74 |
| Má theastaíonn aird ó leanaí agus muid ag tiomáint, ba cheart dúinn áit shábháilte a aimsiú chun druidim i leataobh. | 77 | 15 | 72 | 72 |

**An méid a chomhaontaíonn tú nó a easaontaíonn tú le ...**

| | 2017 | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | Aontaím go láidir % | Aontaím beagán % | Aontaím go láidir % | Aontaím go láidir % |
| Smaoiním go bhfuil an fógra seo éifeachtach maidir le faisnéis a sholáthar maidir le conas déileáil le leanaí sa ghluaisteán ar bhonn níos sábhailte. | 73 | 13 | 68 | 62 |
| Mar thiománaí, tá dóchúlacht níos mó ann anois go nglacfaidh mé cúram breise chun díriú ar an mbóthar nuair a bhíonn leanaí sa ghluaisteán. | 75 | 16 | 73 | 63 |
| Tar éis dom an fógra seo a fheiceáil tá mé muiníneach gur féidir liom díriú ar thiomáint nuair a bhíonn leanaí sa ghluaisteán. | 72 | 19 | 68 | 62 |
| Tar éis dom an fógra seo a fheiceáil, tá níos mó eolais agam anois maidir le conas an tiomáint a láimhseáil nuair a theastaíonn aird ó leanaí sa ghluaisteán. | 71 | 16 | 68 | 58 |

Foinse: Iompraíocht agus Dearcthaí, 2017

## Duaiseanna buaite d'fheachtais in 2017

Bhuaigh ár bhfeachtas Saolta Tuairteáilte 'For Ciarán' ceithre dhuais airgid agus bhuaigh ár bhfeachtas um Shábháilteacht Gluaisrothar duais cré-umha sna Duaiseanna Kinsale Shark. Bronntar an Kinsale Shark ar obair shármhaith sna réimsí Fógraíochta agus Ceird na Fógraíochta, Dearadh, Sóisialta, Scannáin Ghairide agus Físeáin Cheoil.

Bhuamar an duais Úsáid is Fearr na Meán Sóisialta ag Comhlacht Stáit ag Duaiseanna na Meán Sóisialta, lenár bhfeachtas um Stíl Mharfach a bhí dírithe ar dhrochúsáid criosanna sábhála agus mná ina sprioc de sin. Leis na 'Sockies' déantar barr feabhais i margaíocht dhigiteach in Éirinn a cheiliúradh agus go háirithe sna meáin shóisialta.

Bhuamar duais airgid don Úsáid is Fearr na Seirbhíse Poiblí dár bhfeachtas Stíl Marfach i nDuaiseanna na Meán Digiteach. Tugtar aitheantas leis na duaiseanna don obair acu siúd i dtionscal meán agus fógraíochta na hÉireann.

# Taighde ar Shábháilteacht ar Bhóithre

### Staidéar ar Iompraíocht Rothaithe Gluaisrothaithe 2017 an RSA

In 2017, rinneamar suirbhé ar iompraíocht agus ar dhearcthaí gluaisrothaithe. Rinneadh an suirbhé ar líne agus ag Seó Gluaisrothar agus Scútar Carole Nash na hÉireann 2017 san RDS i mBaile Átha Cliath. Rinneadh obair allamuigh ón 3 Márta go dtí an 3 Aibreán 2017. San iomlán, ghlac 790 gluaisrothaí páirt sa suirbhé.

Léirítear an méid a leanas le torthaí ón suirbhé:

- sa 2 bhliain seo a chuaigh thart, bhí baint ag 11% acu le himbhualadh bóthair agus bhí neastimpiste ag níos mó ná 2 as 3 acu (69%).
- déantar seiceálacha ar ghluaisrothair go rialta, agus seiceálann dhá thrian acu boinn, soilse agus na córais leictreacha roimh gach turas.
- dúirt an tromlach acu go gcaitheann siad seaicéid chosanta agus lámhainní i gcónaí (95%)
- deir 9 as 10 acu (89%) go gcaitheann siad cineál éigin clogaid i gcónaí, agus an chuid is mó acu ag caitheamh clogaid aghaidhe/smeacha iomláin
- tuairiscítear teagmhais d'úsáid alcóil ag 7% sa 12 mhí seo caite, agus comhaontaíonn trí cheathrú acu (75%) nár rothaigh siad a ngluaisrothair riamh tar éis alcól a ól
- nuair a fiafraíodh moltaí uathu chun cuidiú le sábháilteacht ar bhóithre do ghluaisrothaithe, luaigh trian de na freagróirí uile oideachas d'úsáideoirí uile na mbóithre.

**Bhí 11%**

de ghluaisrothaithe rannpháirteach in imbhuaileadh ar na bóithre sa 2 bhliain seo a chuaigh thart

**69%**

de ghluaisrothaithe rannpháirteach i neastimpiste sa 2 bhliain seo a chuaigh thart

### Taighde an Bhoird Taighde Sláinte/an Innéacs Náisiúnta Básanna le Drugaí

Leanadh leis an gcomhoibriú (a bunaíodh in 2014) idir an RSA agus an Bord Taighde Sláinte le linn 2017. Is síneadh é an obair seo ar an Innéacs Náisiúnta Básanna le Drugaí (INBD).

Cuireadh na torthaí ó réamhanailísí agus sonraí cróinéirí le haghaidh 2013 agus 2014 á n-úsáid i láthair ag Comhdháil Idirnáisiúnta um Shábháilteacht ar Bhóithre an RSA maidir le 'Alcól - Dul i nGleic leis an Riosca ar Ár mBóithre'. Léiríodh leis na torthaí sealadacha sin go raibh alcól i láthair i 30% de bhásanna ó imbhuailtí tráchta bóthair a tharla in 2013 agus 2014, agus gurbh iad básanna tiománaithe/gluaisrothaithe fear a bhí i gceist le 55% de na básanna uile lenar bhain tocsaineolaíocht dhearfach le haghaidh alcóil le linn na tréimhse sin. As na básanna sin lenar bhain tocsaineolaíocht dhearfach le haghaidh alcóil, tástáladh 44% eile dearfach maidir le druga amháin eile ar a laghad.

In 2017, bailíodh sonraí ó chomhaid chróinéara dhúnta a bhí ar fáil do bhásanna ó imbhuailtí tráchta bóthair a tharla in 2015.

Foinse: Innéacs Náisiúnta Básanna le Drugaí (INBD) an Bhoird Taighde Sláinte ar son an RSA, 2017.

### An Chomhdháil Idirnáisiúnta um Shábháilteacht ar Bhóithre.

Rinneamar ár gComhdháil Idirnáisiúnta um Shábháilteacht ar Bhóithre 2017 a óstáil i gCaisleán Bhaile Átha Cliath an 1 Meitheamh. Ba é téama na comhdhála 'Alcól - Dul i nGleic leis an nGéarchéim ar Ár mBóithre'. Thug Shane Ross TD, an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus an tUasal Liz O'Donnell, Cathaoirleach an RSA aitheasc do na toscairí. Sholáthair príomhshaineolaithe idirnáisiúnta agus náisiúnta um shábháilteacht ar bhóithre ón Astráil, ó SAM, ón tSualainn, ón Spáinn, ón mBruiséil, ó Thuaisceart Éireann agus ó Phoblacht na hÉireann láithreoireachtaí. Bhí níos mó ná 200 páirtithe leasmhara um shábháilteacht ar bhóithre i láthair ar an lá.

### Léacht Acadúil

Mar chuid de Sheachtain na Sábháilteachta ar Bhóithre 2017, rinneamar léacht acadúil a óstáil an 2 Deireadh Fómhair. Ba é téama an léachta 'Luasteorainneacha 30km/u'. Áiríodh leis na cainteoirí Antonio Avenoso (Stiúrthóir, Comhairle Sábháilteachta Iompair na hEorpa), a sholáthair nuashonrú ar fheidhmiú na luasteorainneacha 30 km/u ar fud na hEorpa. Rinne Rod King, bunaitheoir an tionscnaimh 'Is leor 20' san RA, láithreoireacht maidir le dul chun cinn an fheachtais sin, lena nglaoitear ar chéimniú amach luasteorainneacha 20 msu (30 km/u) i sráideanna uirbeacha agus cónaithe araon san RA. Sholáthair Dermot Stevenson ó Chomhairle Bhaile Átha Cliath nuashonrú don lucht freastail ar thabhairt isteach na luasteorainneacha 30 km/u sa chathair, agus ar phleananna na Comhairle sa todhchaí chun sin a leathnú.

## Clár Sparánachta PhD an RSA

In 2017, bhronn ar Roinn Taighde sparánachtaí PhD do thriúr mac léinn, a thosaigh a gcuid staidéar iarchéime sa bhliain sin. Tá Maggie Martin ag déanamh a taighde PhD ar 'Mheasúnú ar Oideachas um Shábháilteacht ar Bhóithre i mBunscoileanna na hÉireann: Inneachar agus Seachadadh an Chláir agus an Tionchar ar Eolas, Dearcthaí agus Iompraíocht um Shábháilteacht ar Bhóithre Leanaí' ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Tá Kevin Gildea ag déanamh a staidéir PhD ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, freisin ar an ábhar 'Imbhuailtí Rothaíochta Mionchúiseacha, Tromchúiseacha agus Marfacha in Éirinn: Measúnú Innealtóireachta chun Tosaíocht a thabhairt do Straitéisí Coiscthe Gortuithe/Básanna'. Tá 'Measúnú ar Shábháilteacht Rothaíochta i gCathair Bhaile Átha Cliath agus ar Bhearta chun an Riosca do Rothaithe a Laghdú' á dhéanamh ag Niamh O'Reilly mar thaighde PhD dá cuid ag Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath.

## Idirchaidreamh Idirnáisiúnta

Comhoibríonn ár Roinn Taighde le roinnt eagraíochtaí éagsúla idirnáisiúnta um shábháilteacht ar bhóithre trí pháirt a ghlacadh i staidéir thaighde, trí fhreastal ar chruinnithe agus trí fhaisnéis a mhalartú. I measc na ngrúpaí sin tá an Ard-Stiúrthóireacht um Shoghluaisteacht agus Iompar (AS MOVE) den Choimisiún Eorpach; Fóram Institiúidí Eorpacha um Shábháilteacht ar Bhóithre (FERSI); an Fóram Idirnáisiúnta Iompair (ITF) ag an ECFE agus an buanghrúpa oibre um shábháilteacht ar bhóithre - an Grúpa Anailíse agus Sonraí Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Tráchta (IRTAD); agus Comhairle Sábháilteachta Iompair na hEorpa (ETSC). In Aibreán 2017 rinne an Dr. Aoife Kervick ó Roinn Taighde an RSA dhá láithreoireacht ag cruinnithe an fhoghrúpa IRTAD agus ag cruinnithe iomlánacha i bPáras. Bhain láithreoireacht amháin lenár gcuid oibre chuige seo le páirtithe leasmhara maidir le sonraí um neamhchosaint ar riosca a thomhas agus bhain an ceann eile lenár dtaighde um shábháilteacht ar bhóithre maidir le halcól.

## Staidéir Bhreathnaitheacha 2017

### Suirbhé um Chriosanna Sábhála 2017

Breathnaíodh leis an Suirbhé um Chriosanna Sábhála ar 19,357 daoine fásta agus 3,861 mhac léinn ar fud na n-aicmí bóthair uile le haghaidh paisinéirí gluaisteáin amháin.

| Úsáid Criosanna Sábhála | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| Tiománaithe | **96%** | 92% |
| Paisinéir tosaigh aosach | **96%** | 94% |
| Paisinéir cúil aosach | **83%** | 74% |
| Úsáid criosanna sábhála (aosaigh, .i. tiománaithe agus paisinéirí) | **94%** | 91% |
| Leanaí mar phaisinéirí tosaigh | **96%** | 92% |
| Leanaí mar phaisinéirí cúil | **89%** | 83% |
| Líon foriomlán (leanaí amháin) | **93%** | 88% |

### Suirbhé ar Fhóin Póca 2017

Breathnaíodh ar 2,781 tiománaithe leis an suirbhé ar fhóin póca i bhfeithiclí arna n-aicmiú mar ghluaisteáin, feithiclí earraí agus busanna thar gach aicme bóthair.

As na tiománaithe uile a breathnaíodh taifeadadh go n-úsáideann 4.5% acu a bhfóin póca agus iad ag tiomáint. Bhí úsáid fón póca chuig an gcluas (71%) níos coitianta ná úsáid sa lámh (29%).



# Oideachas um Shábháilteacht ar Bhóithre



**‘Seiceáil go bhfuil sé Oiriúnach’ – seirbhís seiceála suíochán leanaí fhorleitheadach de chuid an RSA**

| | |
|---|---|
| 9,516 | sheiceáil |
| 150 | ionad |



**StreetSmart – seirbhís um acmhainn idirghníomhach an RSA do bhunscoileanna**

| | |
|---|---|
| 12,329 | cuairteoirí |
| 80 | scoil |



**Tointeáil – aonad soghluaiste idirghníomhach sábháilteachta ar bhóithre an RSA**

| | |
|---|---|
| 120,206 | cuairteoirí |
| 149 | n-imeacht |




**Ionsamhlóir iompaithe chun caitheamh creasa sábhála a chur ina luí ar dhaoine**

| | |
|---|---|
| 37,603 | rannpháirtithe |
| 158 | n-imeacht |



**Marsantú agus dáileadh bileog agus bróisiúr um shábháilteacht ar bhóithre**

| | |
|---|---|
| 344,713 | bhróisiúr arna dháileadh |
| 11,328 | gcuairt marsantaithe |



**Seirbhís Náisiúnta Oideachais um Shábháilteacht ar Bhóithre**

| | |
|---|---|
| 5,609 | gclár oideachais a cuireadh ar fáil |
| 6,549 | n-uaire teagmhála a cuireadh ar fáil |



**Dáileadh veisteanna sofheicthe**

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 261,628 | veist sofheicthe | 40,435 | chlúdach mála droma | 130,850 | banda muinchille sofheicthe |
| 25,429 | solas rothair | 202,568 | veist sofheicthe do leanaí | 46,233 | bhibe reatha |
| 53,543 | mhála sreangáin tarraingthe | 6,587 | gcrios Sam Browne | | |

### Marsantú ábhair RSA

Tá seastáin marsantaithe suite i 543 fhoirgneamh phoiblí lena n-áirítear oifigí an RSA; oifigí mótarchánach; stáisiúin an Gharda Síochána; leabharlanna; ionaid na Tástála Náisiúnta Gluaisteán (TNG), ionaid na Seirbhíse Náisiúnta um Cheadúnais Tiománaithe (NDLS), ionaid Tástála Ródacmhainneachta Feithiclí Tráchtála (CVRT) agus ionaid Tástála Tiomána; cógaslanna, Ionaid Advance Pitstop; garáistí Chumann Thionscal Mótar na hÉireann (SIMI); stáisiúin Bhus Éireann; oifigí Intreo; oifigí Ioncaim; lialanna dochtúirí; Coláiste Oiliúna an Gharda Síochána; agus na stáisiúin Applegreen níos mo.

Ba iad na cúig bróisiúr móréilimh in 2017 na bróisiúir faoi thimpealláin, tiomáint ar mhótarbhealaí, leigheasanna agus tiomáint, tiomáint faoi thionchar drugaí agus úsáid cheart soilse.

### Oiliúint Rothair

Thosaigh Cycle Right, an caighdeán náisiúnta maidir le hoiliúint rothair, céimniú amach ag Céim 1 (núíosach) i mbunscoileanna ar fud na tíre i mí Eanáir 2017. Faoi dheireadh na bliana, bhí 15,245 rannpháirtithe tar éis páirt a ghlacadh ar fud 22 chontae, agus bhí an t-aiseolas dearfach céanna ann ar an gclár ó scoileanna agus ó oiliúnóirí araon. In 2017 thugamar ranníocaíocht €170,000 don chlár.

### An Scéim um Maor Scoile Sóisearach

Deartar an tseirbhís maoir ghrúpa chun saoráidí trasnaithe sábháilte a chur ar fáil gar do bhunscoileanna i mbailte cúigeacha agus i gcathracha níos lú. In 2017 thugamar ranníocaíocht €13,598 d'údaráis áitiúla don Scéim um Maor Scoile Sóisearach. Ghlac líon iomlán de 23 scoile agus 584 mhaor sa scéim.

## Oideachas Tiománaithe faoi Shábháilteacht ar Bhóithre

### Teagascóirí Tiomána Formheasta (ADInna)

Ón 30 Aibreán 2009 i leith is tionscal rialaithe é teagasc tiomána in Éirinn. Clúdaíonn na rialacháin caighdeán an teagaisc agus na scrúduithe atá le déanamh, lena n-áirítear pionóis as sáruithe na ndlíthe.

Chun bheith ag obair mar theagascóir tiomána in Éirinn, ní mór do theagascóir bheith ar chlár RSA de Theagascóirí Tiomána Formheasta (ADI) agus cead ADI a thaispeáint. Déanaimid measúnú ar gach teagascóir chun a chinntiú go bhfuil na nithe riachtanacha a leanas acu:

- eolas ar rialacha an bhóthair agus ar shábháilteacht ar bhóithre
- cumas tiomána
- an cumas tiománaí faoi oiliúint a theagasc

Amhail an 31 Nollaig 2017 bhí 1,706 ADI ann, a raibh 1,581 acu ag soláthar Teagaisc Tiomána Ríthábhachtaigh (EDT) do thiománaithe faoi oiliúint.

### Bunoiliúint Thosaigh (IBT) do Ghluaisrothaithe

An cúrsa oiliúna éigeantach ina dteagasctar bunscileanna gluaisrothaíochta do ghluaisrothaithe faoi oiliúint is ea Bunoiliúint Thosaigh (IBT). Tá an cúrsa mar chuid de scéim an RSA um cheadúnú tiománaithe forchéimnitheach (GDL) agus is é is aidhm leis feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre. Cúrsa 16 huaire is ea an IBT Bhunúsach agus cuirtear ar fáil í i gceithre mhodúl ar leith atá le críochnú de réir oird.

Tá 59 n-ionad oiliúna IBT formheasta ann mar aon le 102 teagascóirí ghluaisrothaíochta formheasta, a bhfuil 79 acu ina n-oiliúnóirí IBT.

### Oiliúint Riachtanach do Thiománaithe (EDT)

Ó tugadh isteach é soláthraíodh beagnach 2.6 milliún ceacht EDT do bhreis agus 210,000 tiománaithe faoi oiliúint. Faoi láthair, tá 1,581 ADI ag tabhairt ceachtanna EDT do thiománaithe faoi oiliúint ar fud na tíre.

Ba é líon na gceachtanna EDT a cuireadh i gcrích le linn 2017 ná breis is 650,000.

### Teastas um Inniúlacht Ghairmiúil Tiománaithe (CPC Tiománaithe)

Tá dualgas ar gach tiománaí bus agus trucaile (daoine arb í an tiomáint an tslí bheatha atá acu) an cháilíocht CPC Tiománaithe atá acu a choimeád trí oiliúint thréimhsiúil aon lae (seacht n-uaire) d'oiliúint athnuachana CPC a chur i gcrích gach bliain.

Tá 99 n-eagraíocht oiliúna formheasta CPC ann le 249 n-ionad oiliúna fhormheasta agus 962 oiliúnóirí CPC formheasta timpeall na tíre.

Cuireadh níos mó ná 580,101 lá oiliúna (suas go deireadh mhí na Nollag 2017) i gcrích ó tugadh isteach CPC Tiománaithe, agus cuireadh 64,101 lá oiliúna i gcrích in 2017.

Le linn 2017 rinneadh 4,185 thástáil cás-staidéir teoirice CPC Tiománaithe san iomlán.

Chríochnaigh 46,921 tiománaí aonair gairmiúil a n-oiliúint thréimhsiúil bhliantúil agus choimeád siad a gcáilíocht CPC i rith 2017.

**1,706**

Teagascóirí Tiomána Formheasta amhail an 31 Nollaig 2017

**650,000+**


Ceacht EDT curtha i gcrích i rith 2017

**962**

Oiliúnóirí CPC Formheasta in Éirinn

# Buaicphointí ó 2017

## Eanáir



Taispeántas Eolaí Óg BT

Rabhadh buí le haghaidh sneachta agus gaotha láidre




## Feabhra



Tugtar freagracht fostóirí as fostaithe a thiomáineann le haghaidh oibre le feachtas nua

Tugtar rabhadh leis an bhfeachtas nua um shábháilteacht ar bhóithre ná 'Faigh Stíl Mharfach an tSéasúir Seo' - caith do chrios sábhála go ceart





Seoladh bileog faisnéise nua chun comhairle chuiditheach a sholáthar maidir le tiomáint le titimeas, le siondróm aipnia chodlata toirmeascach (OSAS) agus tiomáint tar éis gortaithe

## Márta

Moyagh Murdock Príomhfheidhmeannach an RSA, agus Michael Finn, Leas-Choimisinéir um Póilíneacht ar Bhóithre, an Gharda Síochána, ag seoladh Thuarascáil Tocsaineolaíochta an RSA roimh dheireadh seachtaine Lá Fhéile Pádraig.



## Aibreán

Oifigeach Cur Chun Cinn um Shábháilteacht ar Bhóithre an RSA Sara O'Connell le buaiteoir na duaise um shábháilteacht ar bhóithre an RSA maidir le hIriseoireacht a bhaineann le Sábháilteacht ar Bhóithre Cailean Coffee ó COBÁC ag Duaiseanna Mheáin na Mac Léinn





Seoladh an fheachtais um Réamhthástáil le haghaidh Drugaí

Duaiseanna Bliantúla 'Seat Belt Sheriff' agus 'Hi-Glo Silver'



Comórtas Damhsa an Chóid Sábhála do bhunscoileanna



## Bealtaine




An Lá um Moilliú roimh dheireadh seachtaine lá saoire bainc Mhí na Bealtaine

Comhpháirtíocht nua idir an RSA agus Toyota maidir leis an bhfeachtas 'Seiceáil go bhfuil sé Oiriúnach'



## Meitheamh



An Chomhdháil Idirnáisiúnta um Shábháilteacht ar Bhóithre maidir le hAlcól

Seachtain Náisiúnta na Rothar






Seoladh aip mhóibíleach Toyota Ireland agus RSA ‘Cuir an Aghaidh Síos’




An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta




Seoladh fheachtas na Nollag agus na hAthbhliana a dhírigh ar thiomáint ar meisce

| Iúil | Lúnasa | Meán Fómhair | Deireadh Fómhair | Samhain | Nollaig |
|---|---|---|---|---|---|


Athbhreithniú sé mhí ar shábháilteacht ar bhóithre







Tionscadal Eorpach Edward (Lá Eorpach Gan Bás ar na Bóithre) i gcomhar le TISPOL agus An Garda Síochána




Na Duaiseanna um Cheannródaíocht maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre

An Lá Domhanda i gCuimhne ar Dhaoine a d’Fhulaing de dheasca Timpistí ar Bhóithre




An Léacht Acadúil Bliantúil - Luasteorainneacha 30 km/u i gcathracha agus i mbailte





Lá Náisiúnta Bí Sábháilte, Bí Infheicthe




Deireadh seachtaine lá saoire bainc Lúnasa


Lá um Moilliú roimh dheireadh seachtaine lá saoire bainc Dheireadh Fómhair







Seoladh an fheachtais Ar Ais Chun na Scoile le ESB Networks




Seoladh an fheachtais um Thiománaí Ainmnithe le Coca-Cola




# Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe


Tástáil Teoirice Tiomána
Driver Theory Test

## Tástáil Teoirice Tiomána 2017

Sa tábla thíos tá líon na dtástálacha teoirice tiomána a rinneadh in 2017 agus na torthaí ábhartha a bhí orthu.

In 2017, rinneadh beagnach 100,000 tástáil teoirice tiomána.

| | 2017 |
|---|---|
| % Áirithintí ar líne | **81.47** |
| Líon tástálacha a sceidealadh | **111,578** |
| Líon tástálacha a rinneadh | **99,986** |
| Líon tástálacha ina bhfuarthas pas | **69,486** |
| Líon tástálacha inar theip ar an iarrthóir | **30,500** |
| Pasráta | **69.5%** |




**Tástála Teoirice Tiomána sceidealaithe / curtha chun feidhme in 2017**

- Líon na dtástálacha a sceidealadh
- Líon na dtástálacha a cuireadh chun feidhme

# An tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána (SNCT)

**411,583**
Láncheadúnais eisithe

**184,384**
Ceadanna do thiománaithe faoi oiliúint eisithe

**98.57%***
Iarratais a próiseáladh laistigh de 3 lá óna bhfáil


### Miondealú na gceadúnas arna n-eisiúint faoi chineál an iarratais in 2017

| Cineál an Iarratais | Líon na n-iarratas |
|---|---|
| Malartú ceadúnas tiomána | 28,142 |
| Cead tiománaí faoi oiliúint céaduaire | 56,721 |
| Ceadúnas tiomána céaduaire | 49,745 |
| Athnuachan ceada tiománaí faoi oiliúint | 118,864 |
| Athnuachan ceadúnais tiomána | 281,431 |
| Athsholáthar ceada tiománaí faoi oiliúint | 8,799 |
| Athsholáthar ceadúnais tiomána | 52,265 |
| **Iomlán** | **595,967** |

### Na cúig thír malartaithe ceadúnas is mó in 2017 (ceadúnais eachtracha arna malartú le haghaidh ceadúnais Éireannacha)

| Tír an mhalartaithe | % na malartuithe foriomlána |
|---|---|
| An Pholainn | 22% |
| An Ríocht Aontaithe | 18% |
| An Liotuáin | 10% |
| An Astráil | 5% |
| An Rómáin | 4% |

*Nuair a soláthraíodh gach faisnéis riachtanach leis an iarratas.




**Líon na gceadúnas a eisíodh in 2017**

● Ceadúnais Tiomána ● Cead Tiománaí faoi Oiliúint

# Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe

(ar leanúint)

## Tástáil Tiománaithe

### Tástáil Tiománaithe – achoimre ar ghníomhaíocht in 2017

| | |
|---|---|
| Líon na n-iarratas a fuarthas | 173,054 |
| Tástálacha nár críochnaíodh | 3,009 |
| Líon na dtástálacha tiomána a rinneadh | 125,867 |
| Líon iomlán na dtástálacha a tairgeadh | 154,598 |
| Tiománaithe faoi oiliúint nár fhreastail ar choinne | 19,183 |
| Meán-aga feithimh le haghaidh tástála amhail an 31 Nollaig 2017 | 13.6 seachtaine |
| Líon nár chomhlíon coinníoll riachtanach chun an tástáil a dhéanamh | 6,539 |
| Pasráta | 52.90% |

### Oiliúint Riachtanach do Thiománaithe (EDT)

Is sraith 12 cheacht tiomána EDT nach mór do shealbhóirí ceadanna nua is tiománaithe faoi oiliúint a chur i gcrích. Tá an riachtanas sin i bhfeidhm ó 2011. Sna táblaí thíos leagtar amach torthaí na dtástálacha do na tiománaithe sin a rinne an EDT agus maidir leo sin nach raibh feidhm aici ina leith.

Torthaí na dtástálacha tiomána do thiománaithe nuair nach raibh EDT riachtanach

| Pas | Teip |
|---|---|
| 42.98% | 57.02% |

| | | |
|---|---|---|
| **Líon iomlán na dtástálacha** | **40,951** | **100%** |
| **Tástálacha a críochnaíodh (pas agus teip)** | **23,806** | **58.13%** |
| Tástálacha nach ndearnadh | 2,135 | 5.21% |
| Tástálacha nár críochnaíodh | 901 | 2.20% |
| Tiománaithe faoi oiliúint nár fhreastail ar an tástáil | 14,109 | 34.45% |

Torthaí na dtástálacha tiomána do thiománaithe nach mór dóibh EDT a dhéanamh

| Pas | Teip |
|---|---|
| 51.33% | 48.67% |

| | | |
|---|---|---|
| **Líon iomlán na dtástálacha** | **94,482** | **100%** |
| **Tástálacha a críochnaíodh (pas agus teip)** | **85,137** | **90.11%** |
| Tástálacha nach ndearnadh | 3,741 | 3.96% |
| Tástálacha nár críochnaíodh | 1,762 | 1.86% |
| Tiománaithe faoi oiliúint nár fhreastail ar an tástáil | 3,842 | 4.07% |

| Ionad Tástála | An meán-aga feithimh le haghaidh tástálacha gluaisteán (catagóir B) ag deireadh Nollaig 2017 |
|---|---|
| Baile Átha Luain, | 13.0 |
| Béal an Átha | 8.7 |
| Biorra | 19.0 |
| Bun Crannchа | 18.9 |
| Ceatharlach | 16.2 |
| Cora Droma Rúisc | 13.0 |
| Caisleán an Bharraigh | 13.0 |
| An Cabhán | 17.5 |
| Baile an Teampaill | 10.8 |
| An Clochán | 17.5 |
| Cluain Meala | 14 .5 |
| Corcaigh | 14 .5 |
| Dún na nGall | 18.9 |
| Dún Dealgan | 14.6 |
| Dún Garbhán | 17.5 |
| Inis | 13.5 |
| Fionnghlas | 12.2 |
| Gaillimh | 12.2 |
| Guaire | 12.8 |
| Cill Chainnigh | 14 .5 |
| Cill Airne | 11.8 |
| Cill Rois | 9.6 |
| Leitir Ceanainn | 18.5 |
| Luimneach | 12.9 |
| An Longfort | 13.8 |
| Baile Locha Riach | 17.2 |
| Mala | 13.2 |
| Muineachán | 16.3 |
| An Muileann gCearr | 14.3 |
| An Nás | 11.9 |
| An Uaimh | 16.2 |
| An tAonach | 18.1 |
| An Caisleán Nua | 14.8 |
| Port Laoise | 16.3 |
| Ráth Eanaigh | 11.9 |
| Ros Comáin | 16.6 |
| Sionainn | 14 .5 |
| An Sciobairín | 15.6 |
| Sligeach | 12.0 |
| Tamhlacht | 10.2 |
| Durlas | 19.8 |
| Tiobraid Árann | 22.7 |
| Trá Lí | 13.9 |
| Tuaim | 11.0 |
| An Tulach Mhór | 13.6 |
| Port Láirge | 18.0 |
| Loch Garman | 19.4 |
| Cill Mhantáin | 13.3 |
| **Iomlán** | **13.6** |

## Torthaí na dtástálacha tiomána faoi inscne le haghaidh 2017

| | Fireann | | | | Baineann | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Pas | Teip | % Pas | Iomlán | Pas | Teip | % Pas | Iomlán |
| Iomlán | 39,476 | 31,076 | 56% | **70,552** | 27,111 | 28,204 | 49% | **55,315** |

## Torthaí na dtástálacha tiomána faoi chatagóir aoise le haghaidh 2017

| Aoisghrúpa | Teip | Pas | Iomlán | % Pas |
|---|---|---|---|---|
| 16-21 bhliain d'aois | 18,622 | 23,373 | 41,995 | 56% |
| 22-25 bliana d'aois | 10,036 | 12,222 | 22,258 | 55% |
| 26-30 bliain d'aois | 8,527 | 9,773 | 18,300 | 53% |
| 31-35 bliana d'aois | 8,013 | 7,988 | 16,001 | 50% |
| 36-40 bliain d'aois | 5,733 | 5,411 | 11,144 | 49% |
| 41-50 bliain d'aois | 5,409 | 5,428 | 10,837 | 50% |
| 51-60 bliain d'aois | 1,953 | 1,840 | 3,793 | 49% |
| 61 agus os a chionn | 987 | 552 | 1,539 | 36% |
| **Iomlán** | **59,280** | **66,587** | **125,867** | **53%** |

# Sealbhóirí ceadúnas faoi thír ag deireadh 2017

| An tÚdarás Ceadúnaithe - RSA | Ceadanna tiománaithe faoi oiliúint | Ceadúnais bhliantúla | Ceadúnais 3 bliana | Ceadúnais 10 mbliana | Líon iomlán (ceadúnais agus ceadanna) |
|---|---|---|---|---|---|
| Ceatharlach | 3,671 | 169 | 3,481 | 31,357 | **38,678** |
| An Cabhán | 4,428 | 215 | 4,506 | 38,630 | **47,779** |
| An Clár | 5,604 | 366 | 8,326 | 65,128 | **79,424** |
| Corcaigh | 27,017 | 1406 | 33,618 | 275,167 | **337,208** |
| Dún na nGall | 7,305 | 533 | 10,545 | 81,404 | **99,787** |
| Baile Átha Cliath | 70,330 | 3,243 | 67,980 | 571,549 | **713,102** |
| Gaillimh | 11,994 | 608 | 15,392 | 132,592 | **160,586** |
| Ciarraí | 7,287 | 362 | 10,901 | 79,085 | **97,635** |
| Cill Dara | 12,270 | 414 | 10,286 | 111,899 | **134,869** |
| Cill Chainnigh | 5,499 | 347 | 6,082 | 48,867 | **60,795** |
| Laois | 4,595 | 309 | 3,994 | 38,716 | **47,614** |
| Liatroim | 1,595 | 126 | 2,359 | 17,716 | **21,796** |
| Luimneach | 9,181 | 653 | 12,011 | 98,735 | **120,580** |
| An Longfort | 2,259 | 94 | 2,726 | 20,060 | **25,139** |
| Lú | 6,571 | 299 | 6,861 | 60,227 | **73,958** |
| Maigh Eo | 6,235 | 422 | 9,634 | 71,013 | **87,304** |
| An Mhí | 9,905 | 383 | 9,935 | 99,738 | **119,961** |
| Muineachán | 2,905 | 236 | 3,834 | 33,723 | **40,698** |
| Uíbh Fhailí | 4,270 | 319 | 4,476 | 39,653 | **48,718** |
| Ros Comáin | 3,006 | 194 | 5,006 | 34,799 | **43,005** |
| Sligeach | 2,975 | 276 | 4,781 | 35,041 | **43,073** |
| Tiobraid Árann | 9,354 | 570 | 11,559 | 84,413 | **105,896** |
| Port Láirge | 6,327 | 278 | 7,788 | 59,342 | **73,735** |
| An Iarmhí | 5,147 | 222 | 5,214 | 45,849 | **56,432** |
| Loch Garman | 8,588 | 861 | 10,122 | 78,181 | **97,752** |
| Cill Mhantáin | 7,830 | 439 | 8,952 | 73,417 | **90,638** |
| **Iomlán** | **246,148** | **13,344** | **280,369** | **2,326,301** | **2,866,162** |
| **An t-athrú ón 31 Nollaig 2016** | **−3,509** | **1,256** | **15,175** | **32,712** | **45,634** |


# Caighdeán Tiomána Seirbhísí Éigeandála

Is caighdeán tiomána é Caighdeán Tiomána Seirbhísí Éigeandála (CTSÉ) a forbraíodh do thiománaithe seirbhísí éigeandála in Éirinn. Forbraíodh CTSÉ i gcomhar leis na príomhsheirbhísí éigeandála tar éis don RSA painéal oibre CTSÉ a chruthú.

Sa chaighdeán tugtar na cúinsí éigeandála ardbhrú san áireamh faoina n-oibríonn tiománaithe seirbhísí éigeandála agus cuirtear oiliúint ar thiománaithe chun déileáil leis na cúinsí sin agus iad a bhainistiú.

Tá deimhniú ar leibhéal CTSÉ ag éirí ina ghné dhílis de chreidiúnú le aghaidh tiománaithe seirbhísí éigeandála in Éirinn.

Seo a leanas cuid de na heagraíochtaí atá ag oiliúint tiománaithe go leibhéil CTSÉ: An Garda Síochána, na seirbhísí dóiteáin, seirbhísí otharchairr príobháideacha, Seirbhís Príosún na hÉireann agus Ord Mhálta.




**Líon na nDeimhnithe Tiománaithe ESDS a eisíodh in 2017**

**Painéal Oibre CTSÉ**

Cuireadh painéal oibre ar bun le baill ó:




# Tástáil Feithiclí agus Forfheidhmiú

Ba bhliain thábhachtach 2017 maidir le forfheidhmiú RSA agus rinneadh cur chuige sprioctha nua arna threorú ag sonraí a fheidhmiú go céimneach maidir le forfheidhmiú. Is tosaíocht fós é fócas láidir a choinneáil ar chaighdeáin feithiclí a fheabhsú d'fhonn tacú lenár n-iarrachtaí riocht feithiclí agus caighdeáin na sábháilteachta a fheabhsú in Éirinn. Sa bhreis air sin, chuireamar tús le hobair phleanála an chéad ligin eile den chonradh TNG, a théann in éag in 2020.

Tá an cúram ag foireann Caighdeán Feithiclí an RSA caighdeáin náisiúnta feithiclí agus beartais theicniúla ródacmhainneachta a fhorbairt. Cuirimid faisnéis theicniúil shaineolaíoch ar fáil don tionscal agus don phobal i gcoitinne.

Le linn 2017, lean le Caighdeáin Feithiclí lenár gcuid acmhainní a thiomnú le haghaidh seachadadh ár straitéise. San áireamh leis sin bhí trasuí rathúil rialachán Eorpach iolrach go reachtaíocht náisiúnta, próisis theicniúla a athbhreithniú agus a fheabhsú a bhaineann leis an CVRT reatha agus riachtanais thodhchaíocha tástála a fháil amach don TNG. Chuir foireann na gCaighdeán Feithiclí roinnt tionscnamh um shábháilteacht feithiclí i bhfeidhm, agus ag an am céanna rinne siad monatóireacht ar fhorbairtí domhanda ar theicneolaíochtaí feithicle ar féidir leo tairbhí iarbhír a thabhairt do shábháilteacht ar bhóithre.

Ba phríomh-thosaíocht le haghaidh 2017 feasacht an phobail a fheabhsú maidir le hoibleagáidí tiománaí chun an fheithicil dá chuid a choinneáil i riocht inbhóthair i gcónaí. D'fhorbraíomar leabhrán áisiúil lena sonraítear 12 sheiceáil bhunúsacha ar féidir iad a dhéanamh sula dtógann tiománaí an fheithicil dá chuid amach ar na bóithre poiblí. Rinneadh na leabhráin a iniamh in dá nuachtán an Domhnaigh. Cuireadh an leabhrán ar fáil freisin do chustaiméirí a úsáideann stáisiúin peitril Applegreen ar fud na tíre. Forbraíodh físeáin taispeána freisin ina ndearnadh an t-iriseoir gluaisteánaíochta Geraldine Herbert an chomhairle sna leabhráin a bheochan. Tá na físeáin sin ar fáil ar leathanach YouTube an RSA.

Seachadadh feachtas raidió agus meán sóisialta cuimsitheach arís in 2017 chun comhairle a thabhairt do dhaoine maidir leis na rudaí chun machnamh a dhéanamh orthu agus feithicil á cheannach. Chuidíomar le rannpháirtíocht an RSA i sraith teilifíse léiritheach RTÉ *Cad é mar atá do Thiomáint?*, arna hóstáil ag Simon Delaney. Bhí eagrán amháin den chlár dírithe ar bhoinn agus ar ghluaisteáin lochtacha.

**Reachtaíocht agus beartas AE/náisiúnta**

Sheachaid Caighdeáin Feithiclí roinnt príomhthionscadal sa réimse a bhaineann le reachtaíocht agus beartas AE agus náisiúnta i gcomhar leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Áiríodh leis na príomhthionscadail:

- Reachtaíocht náisiúnta a ullmhú d'fhonn Treoir (AE) Uimh. 2015/719 maidir le toisí agus meáchain uasta feithiclí i dtrácht náisiúnta agus idirnáisiúnta a thrasuí.
- Na córais TNG agus CVRT a athbhreithniú d'fhonn riachtanais tástála Threoir (AE) 2014/45 maidir le tástálacha ródacmhainneachta tréimhsiúla ar mhótarfheithiclí a thrasuí, lena n-áirítear raon feidhme nua na gcatagóirí feithicle.
- Tástáil ródacmhainneachta a fhorbairt do tharracóirí ar aon dul le hoibleagáidí reachtacha AE.
- Reachtaíocht náisiúnta a thabhairt isteach chun an riachtanas maidir le caighdeáin astaíochtaí Euro VI a thabhairt isteach do scéimeanna formheasta cineálacha náisiúnta a bhaineann le feithiclí tráchtála troma (HCV). In éineacht leis sin, tugadh riachtanais nua um chórais sábháilteachta níos fearr isteach ar bhonn dlíthiúil (m.sh. córais imeachta lána), agus ár reachtaíocht náisiúnta á cur ar aon dul le caighdeáin Eorpacha le haghaidh feithiclí nua.
- Reachtaíocht náisiúnta a ullmhú chun teorainn mheáchain a thabhairt isteach do thrucailí righne 5 acastóir. Trí theorainn mheáchain a shocrú don chatagóir feithicle seo cuirtear feabhas soiléir ar shábháilteacht ar bhóithre, agus cuidítear le Bonneagar Tráchta Éireann déileáil le caitheamh pábhála ar ár mbonneagar náisiúnta.
- Rialacháin a thabhairt isteach d'fhonn a chinntiú go gcuirtear caighdeáin iomchuí i bhfeidhm leis an bpróiseas mionathraithe ar aisfheistiú acastóirí ar HCVanna.
- Rinneadh leasuithe ar na Rialacháin um Fheithiclí Seirbhíse Poiblí Móra chun ligean do cheadúnú éifeachtach na bhfeithiclí ag an nGarda Síochána.

# Tástáil Feithiclí agus Forfheidhmiú

(ar leanúint)

### An Beartas um ródacmhainneacht theicniúil

Cuireadh tús le hathdhearadh lámhleabhair na dtástálaithe CVRT in 2017. Ba é cuspóir an athdhearaidh go príomha modhanna tástála agus na cúiseanna le teipeanna a ailíniú leo sin atá leagtha amach i dTreoir AE nua um Ródacmhainneacht a thiocfaidh i bhfeidhm i mBealtaine 2018. Tabharfar feabhsuithe isteach leis na lámhleabhair athdheartha a sainaithníodh le linn seisiúin aiseolais a tionóladh le SIMI agus le rogha de thástálaithe feithiclí. Beidh sé níos éasca na lámhleabhair nua a léamh agus soláthrófar soiléire níos mó leo ar na modhanna tástála agus cinnteofar comhsheasmhacht níos leithne leo maidir le cur chuige tástála.

Le linn 2017, rinneamar Fóraim Chomhairleacha Theicniúla a óstáil agus rinneamar cathaoirleacht orthu agus d'fhreastail roinnt páirtithe leasmhara ó na tionscail mótair agus tástála feithiclí orthu in éineacht le saineolaithe idirnáisiúnta. Sna fóraim pléadh forbairtí teicniúla éagsúla i ndearadh feithiclí agus i bpróisis tástála feithiclí araon agus an aidhm ann chun a chinntiú go bhfabhraítear próiseas tástála an TNG ar an mbealach is fearr agus go ndéantar é a choinneáil cothrom le dáta le teicneolaíochtaí cruthaithe atá ag teacht chun cinn thar na deich mbliana le teacht. Beidh na torthaí ó na fóraim ina gcuidiú linn agus machnamh á dhéanamh againn ar an tsonraíocht theicniúil iomchuí a úsáidfear i dtionscadal um ligean arís TNG de chuid an RSA.

### Forbairtí teicniúla

Rinne Caighdeáin Feithiclí ionadaíocht ar son na hÉireann ag roinnt fóram idirnáisiúnta lena n-áirítear comhdháil an chomhthionóil ghinearálta CITA agus Coiste Theicniúil - Mótarfheithiclí an Choimisiúin Eorpaigh, agus ag príomh-imeachtaí eile ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta araon maidir le rialacháin sábháilteachta ar bhóithre do chaighdeán feithiclí na hEorpa a fhorbairt.

### Oibríochtaí custaiméirí

- Próiseáladh 3,091 cheadúnas um iompar earraí contúirteacha (ADR) anuraidh trínár seirbhís 24/7 ar líne.
- Próiseáladh 68 gceadúnas speisialta d'fheithiclí seirbhíse poiblí le go mbeidh siad in ann oibriú ar bhóithre na hÉireann (m.sh. ceadúnais traenach bóthair).
- Eisíodh maolú um dheireadh sraithe do 22 déantúsóirí.
- Rinneadh níos mó ná 14,000 fiosrúchán teicniúil a láimhseáil.

### Tástáil Feithiclí

Ba thosaíochtaí fós le haghaidh 2017 ná maoirsiú éifeachtach a choimeád ar na córais tástála CVR agus STNG chun a chinntiú go gcoimeádtar tástáil ardchaighdeáin agus seirbhís do chustaiméirí i ngach ionad tástála agus ag gach cigire feithiclí.

| | An tSeirbhís Náisiúnta Tástála Gluaisteán (TNG) | Tástáil Ródacmhainneachta Feithiclí Tráchtála (CVRT) |
|---|---|---|
| **Líon na dTástálacha Iomlána a rinneadh** | 1,355,546 | 474,600 |
| **Pasráta ar thástálacha iomlána** | 49.2% | 56% |
| **Torthaí Teipe Contúirtí** | 5,187 | 9,407 |
| **Comhpháirteanna is mó teipe** | ▸ Soilse<br>▸ Crochadh agus Stiúradh<br>▸ Coscáin<br>▸ Boinn | ▸ Stiúradh agus crochadh<br>▸ Coscáin<br>▸ Soilse<br>▸ Cábán agus cabhalra |

## Buaicphointí

### Treocht ag feabhsú i bhfeidhmíocht tástála in am

**TNG** – Bhí feabhas arís ar thástáil in am sa 'mhí dlite': suas ó 38% i mí Eanáir 2014 go 67% i mí na Nollag 2017– tar éis 3 mhí ardaíonn sin go breis is 90.7%.

**CVRT** - Bhí feabhas arís ar thástáil in am le linn 2017 agus tháinig 66% de na feithiclí tráchtála i láthair le haghaidh tástála laistigh de mhí amháin óna ndáta dlite don tástáil i gcomparáid le 62% in 2016. B'ionann tástáil in am le haghaidh feithiclí tráchtála éadroma (níos lú ná 3,500 kg) in 2017 agus 62.33% i gcomparáid le 59% in 2016. Thaispeáin feithiclí lenar bhain ollmheáchan ceaptha feithicle idir 3,500 kg agus 7,500 kg feidhmíocht fheabhsaithe um thástáil in am freisin, suas go 63.5% in 2017 i gcomparáid le 59.08% in 2016. Ba fheithiclí móra ar busanna iad na feithiclí is fearr a chomhlíon tástáil in am agus 89.5% i gceist leo.

### Toilleadh TNG

Bhí 47 n-ionad TNG ag deireadh na bliana le 590 cigire.

### Pasrátaí/rátaí teipe TNG

Bhí méadú beag ar an bpasráta céaduaire le linn 2017 go 49.2% i gcomparáid le 2016, go príomha mar gheall ar fheithiclí nua ag teacht isteach sa fhlít. Is 8.7 mbliana d'aois meánaois na bhfeithiclí ag deireadh 2017.

### Toilleadh méadaithe do Thástáil Ródacmhainneachta Feithiclí Tráchtála (CVRT)

Tháinig dhá ionad nua tástála ar an bhfód in 2017 agus bhí 151 ionad tástála ann ag deireadh na bliana. Bhí 41 chigire nua údaraithe ann i rith 2017, agus 509 cigirí údaraithe san iomlán don chóras CVRT.

Mhéadaigh ionad CVRT amháin a thoilleadh in 2017 trí lána tástála breise a chur isteach.

### Dianmhonatóireacht TNG

Déanaimid monatóiriú ar fheidhmíocht TNG agus roinnt eochairtháscairí feidhmíochta á n-úsáid, lena n-áirítear an meán-aga feithimh i gcomhair tástálacha agus seirbhís fhoriomlán do chustaiméirí.

Laghdaíodh meán-agaí feithimh le haghaidh tástálacha TNG ó 4.7 lá in 2016 go 2.9 lá in 2017, agus seirbhís do chustaiméirí á feabhsú a thuilleadh.

Léiríonn tomhais feidhmíochta na seirbhíse foriomláine do chustaiméirí don TNG gur sháraigh an conraitheoir TNG na híoschaighdeáin le linn 2017.

### Monatóireacht ar fheidhmíocht CVRT

Chríochnaigh soláthraí seachfhoinse teicniúil RSA 1,712 chigireacht mar chuid de dhianmhonatóireacht agus maoirseacht ar ionaid CVRT i rith 2017.

## Forfheidhmiú agus Comhlíonadh

Seo a leanas na príomhghníomhaíochtaí dár gcuid maidir leis an gclár oibre um shábháilteacht ar bhóithre a chur ar aghaidh: comhlíonadh rialacha a fheabhsú a bhaineann le tréimhsí tiomána agus agaí scíthe AE, tacagraif, CPC Tiománaithe agus ceadúnú oibreoirí iompair ar bhóthar, díriú ar oibreoirí a bhfuil droch-chuntas teiste acu maidir le comhlíonadh agus comhoibriú leis an nGarda Síochána maidir le seiceálacha ródacmhainneachta cois bóthair ar fheithiclí tráchtála.

### Seiceálacha cois bóthair – ródacmhainneacht

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| Líon na seicphointí | **1,844** | 1,980 |
| Seiceálacha Feithiclí | **15,238** | 15,926 |
| Feithiclí a raibh lochtanna contúirteacha acu a aimsíodh | **393** | 326 |
| Feithiclí a raibh lochtanna móra acu a aimsíodh | **3,285** | 2,964 |
| An ráta comhlíonta | **48%** | 57% |

Tá an ráta comhlíontachta laghdaithe le haghaidh 2017 inchurtha i leith cur chuige níos spriocthа bunaithe ar riosca maidir le forfheidhmiú agus dá bhrí sin ní chreidtear go léiríonn an toradh comhlíonadh iarbhír. Fuarthas amach go raibh lochtanna i gceist le timpeall ar 52% de na 1,086 bhus ar a ndearnadh iniúchadh in 2017, agus bhí lochtanna contúirteacha i gceist le 29 mbus agus bhí lochtanna móra i gceist le 301 acu.

Dhíríomar ar earnáil na mbusanna scoile le linn na n-iniúchtaí agus leanfar leis sin in 2018.

### Iniúchtaí ar áitribh oibreoirí – ródacmhainneacht

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| Líon na n-iniúchtaí | **5,434** | 4,885 |
| Líon na bhfeithiclí a seiceáladh | **2,352** | 3,548 |
| Treoracha eisithe | **1,051** | 551 |
| Ráta comhlíonta na chéad chuairte | **42%** | 30% |
| Ráta comhlíonta an dara cuairte | **58%** | 61% |

In 2017 bhí méadú breise ar líon na n-iniúchtaí a rinneadh ar áitribh maidir le ródacmhainneacht. Leantar le díriú orthu siúd agus cur chuige bunaithe ar riosca á úsáid.

### Seiceálacha cois bóthair – seiceálacha uaireanta tiománaithe, tacagraif agus ceadúnaithe oibreoirí

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| Líon na dtiománaithe a seiceáladh | **1,849** | 2,627 |
| Iomlán na dtaifead a seiceáladh | **47,638** | 65,044 |
| Sáruithe a aimsíodh | **1,834** | 2,364 |
| Ionchúisimh a tosaíodh | **164** | 164 |
| An ráta comhlíonta | **72%*** | 64% |

*Rinneadh an ríomh maidir leis an ráta comhlíonta a leasú in 2017 agus anois léirítear faisnéis níos cruinne maidir le comhlíonadh trí iniúchtaí lena mbaineann lochtanna Tromchúiseacha, An-tromchúiseacha, agus Lochtanna Is Tromchúisí a chur san áireamh mar a bheith neamhchomhlíontach.

### Iniúchtaí ar áitribh – seiceálacha uaireanta tiománaithe, tacagraif agus ceadúnaithe oibreoirí

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| Líon na n-iniúchtaí | **233** | 319 |
| Líon na dtaifead tiománaithe a seiceáladh | **2,964** | 3,398 |
| Líon na laethanta oibre a anailísíodh | **427,488** | 538,392 |
| Líon na sáruithe a aimsíodh | **7,506** | 8,528 |
| Ionchúisimh a tosaíodh | **23** | 60 |
| An ráta comhlíonta | **23%*** | 43% |

*Rinneadh an ríomh maidir leis an ráta comhlíonta a leasú in 2017 agus anois léirítear faisnéis níos cruinne maidir le comhlíonadh trí iniúchtaí lena mbaineann lochtanna Tromchúiseacha, An-tromchúiseacha, agus Lochtanna Is Tromchúisí a chur san áireamh mar a bheith neamhchomhlíontach. Bhí an ríomh roimhe sin bunaithe ar cé acu an raibh nó nach raibh iniúchadh athleanúna riachtanach. Baineann an ráta comhlíonta laghdaithe in 2017 go díreach le díriú go láidir ar oibreoirí neamhchomhlíontacha agus córas dírithe nua ar riosca á úsáid agus dá bhrí sin ní léirítear comhlíonadh foriomlán leis.

**Feidhmíocht a fheabhsú ó thaobh féindearbhúcháin oibreoirí i leith cothabhála feithiclí**

I rith 2017 tháinig méadú ar chomhlíonadh na hoibleagáide féindearbhúcháin d'oibreoirí HCV ó 52% go 58%, agus bhí 256 chlárúchán nua CVRT.ie ar líne gach mí ar an meán. Ag deireadh 2017, bhí féindearbhúchán bailí i gceist le 77% d'fheithiclí tráchtála troma uile.

**Táscaire Riosca um Oibreoirí Feithiclí Tráchtála (CVORI)**

Feidhmíodh córas rátála riosca an RSA (CVORI) ar bhonn céimneach chuig oibreoirí HCV uile in 2017. Is féidir le níos mó ná 10,000 oibreoirí HCV a rátáil riosca féin a fheiceáil ar líne anois ag CVRT.ie. Úsáideann an fhoireann Fhorfheidhmithe CVORI mar uirlis chun cinneadh a dhéanamh faoi na hoibreoirí agus na feithiclí ar a ndéanfar iniúchadh cois bóthair agus ag áitribh.

**Forfheidhmiú arna thiomáint ag sonraí**

Le linn 2017 chuireamar roinnt tionscnamh chun feidhme arna dtiomáint ag sonraí chun tacú le forfheidhmiú dírithe ar oibreoirí, rud atá ina phríomhchuid de *Phlean Corparáideach 2016-2020* an RSA.

**Saoráidí iniúchta cois bóthair a uasghrádú**

Le linn 2017, i gcomhar le Comhairle Contae Chorcaí, chuireamar oibreacha uasghrádaithe i gcrích go rathúil maidir le láithreán droichead meáite a bhí ann cheana ar an mbóthar N20 idir Mala agus Corcaigh lena gcumasófar cur chun feidhme iniúchtaí cois bóthair níos sábháilte ar fheithiclí agus ar thiománaithe.

**Rath RSA sa chúirt in 2017**

Chuireamar líon iomlán de 117 gcás ionchúisimh i gcrích go rathúil in 2017, i gcomparáid le 141 chás in 2016. Ba le sáruithe i dtaobh uaireanta tiománaithe a bhain formhór na gcásanna a ionchúisíodh sa chúirt.

**Riarachán an tacagraif dhigitigh**

Próiseáladh líon iomlán de 21,077 n-iarratas ar chártaí tacagraif dhigitigh le linn 2017, agus is ionann sin agus méadú 18% ar 2016. Fuarthas 89% san iomlán de na hiarratais trí chóras ar líne um chártaí digiteacha an RSA.

**256**

meánlíon míosúil na gclárúchán nua CVRT.ie ar líne

**21,077**

iarratais ar chartaí tacagraif dhigitigh in 2017

*agus is ionann sin agus*

**18%**

mar mhéadú ar 2016

# Airgeadas agus Seirbhísí Tráchtála




In 2017, rinne an fhoireann Airgeadais agus Seirbhísí Tráchtála forbairt ar an obair a rinneadh in 2015 agus in 2016 sna réimsí a bhaineann le hairgeadas, soláthar, bainistíochta flít agus saoráidí, rialachas sonraí agus sláinte agus sábháilteacht.

Seo a leanas na gnóthachtálacha suntasacha maidir le seachadadh seirbhíse:

- Cuireadh Creat Nua um Rialachas Sonraí i bhfeidhm agus beartais, nósanna imeachta, catalóga taifead agus déantáin arna gcruthú ó obair thionscadail a cuireadh chun feidhme.
- Maidir le bainistíocht saoráidí rinneadh Ceanncheathrú Bhéal an Átha a athchumrú chun freastal ar fhoirne nua i TFC agus Bainistíocht Tionscadal.
- Soláthraíodh flít nua don fhoireann Fhorfheidhmithe.
- Maidir le soláthar eastáit, cuireadh tús le roinnt tionscadal eastáit ilbhliantúil ardtosaíochta i nDún Dealgan agus i láithreacha eile, i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí.
- Cuireadh an t-iniúchadh bliantúil de chuid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (C&AG) i gcrích agus tugadh tuairim iniúchta ghlan agus bhí tráchtanna íosta ann maidir le bainistíocht.
- D'fhonn an Cód Cleachtais nua chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 a chomhlíonadh, cuireadh struchtúr rialachais boird nua i bhfeidhm le téarmaí tagartha nua agus clár oibre nua.
- Chomhaontaigh an coiste iniúchóireachta agus riosca nua clár iniúchta inmheánaigh ilbhliantúil suas go dtí 2020 agus chuir sé tús leis.
- Soláthraíodh acmhainní nua sa roinn Soláthair chun tabhairt faoin éileamh atá ag méadú ar sheirbhísí soláthair agus bainistíochta conartha agus soláthraíodh próisis agus teimpléid nua ansin.
- Forbraíodh beartais nua um Aithint Táillí agus Cúlchistí Ioncaim agus rinne an bord iad a chomhaontú.
- Rinneadh an próiseas pleanála agus buiséadaithe nua a thionscnamh in 2017 agus beidh plean gnó stóinseach agus buiséad láidir ina dtoradh air sin in 2018.
- Cuireadh tionscnaimh Sláinte agus Sábháilteachta chun feidhme maidir le hoibriú aonair agus bainistíocht folláine chun tacaíocht a sholáthar d'fhoireann an RSA.

Leanfaidh an fhoireann in Airgeadas agus Seirbhísí Tráchtála chun an tseirbhís atá ar thairiscint againn a fhorbairt agus a fheabhsú in 2018, agus tá a plean gnó deifnídeach comhaontaithe féin ag gach foireann chun seirbhísí a sholáthar ar bhonn níos éifeachtaí in 2018.

# Acmhainní Daonna

Is feidhm thacaíochta Acmhainní Daonna (AD) do na rannáin uile agus soláthraímid comhairle maidir le cúrsaí agus saincheisteanna fostaíochta, sainaithint, foinsiú agus socrú acmhainní, bainistíocht saoire, agus foghlaim agus forbairt i measc go leor feidhmeanna eile. Tá foireann bheag ag AD. Oibrímid i ndlúthchomhar leis an Eagraíocht Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (NSSO), ar a dtugadh PeoplePoint roimhe seo, chun seirbhís AD a sholáthar dár 330 fostaithe de choibhéis lánaimseartha (WTE).

### Soláthar Foirne

Comhlíonann an RSA fós ár gCeadú Párolla Tarmligthe agus na meicníochtaí um Chreat Rialaithe Fostaíochta. Bímid i dteagmháil leis an Roinn Turasóireachta, Iompair agus Spóirt agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir lenár leibhéil soláthair foirne. In 2017, rinneamar athbhreithniú leathan ar ár gcuid riachtanas um sholáthar foirne agus chuireamar sin ar fáil don Roinn Turasóireachta, Iompair agus Spóirt mar chuid dár n-iarratas um plean lucht saothair 2018. Soláthraíonn sé sin riachtanas soiléir dúinn maidir le lucht saothair agus acmhainní ar fud na rannán uile.

### Clár folláine na bhfostaithe

Leanamar chun tacú le sláinte cheirde ár bhfoirne in 2017. Aisíocadh an costas do chomhghleacaithe a bhaineann le riar na vacsaíne fliú. Cé go raibh glacadh na vacsaíne rud beag níos ísle ná mar a rabhamar ag súil leis, tá súil againn go mbainfidh níos mó dár gcomhghleacaithe leas as an tionscnamh sin níos déanaí in 2018. Sa bhreis air sin, tá an scéim um rothaíocht chun na hoibre ar fáil dár bhfoireann bhuan uile agus oibrítear í tríd an NSSO.

### Caidreamh Tionsclaíoch

Tá Comhairle um Chaidreamh Tionsclaíoch i ngníomh sa RSA agus cuidíonn an fóram sin le timpeallacht mhaith um chaidreamh tionsclaíoch a chur chun cinn. Tionóladh roinnt cruinnithe in 2017 in oifig Bhéal an Átha dár gcuid lena soláthraíodh deiseanna don dá thaobh páirt a ghlacadh i saincheisteanna agus cúrsaí atá tábhachtach. Déanann ár bPríomhfheidhmeannach cathaoirleacht ar na cruinnithe sin agus freastalaíonn ball na foirne ceannasaíochta, an bainisteoir AD agus lucht bainistíochta na Tástála Tiomána orthu, agus bíonn ionchur rialta ónár nAonad Straitéise.

### Barr Feabhais Oibríochtúil

Is é atá molta ag AD sa Phlean Corparáideach 'Ár nDaoine - ag croílár gach ní a dhéanaimid'. Ní mór dúinn a chinntiú go mbímid oiriúnach don fheidhm agus go bhfuilimid ag obair chun ár misean le haghaidh 2020 a bhaint amach, lena n-áirítear ár gcumas agus ár n-inniúlacht a mhéadú chun soláthar a dhéanamh sna réimsí atá sainaitheanta thíos.


In 2017, bhí an t-ádh orainn le bheith páirteach in athbhreithniú um barr feabhais agus próiseas oibríochtúil. Rinneadh anailís ar roinnt réimsí, go sainiúil bainistíocht fiosrúchán, earcaíocht, forbairt beartas, ríomh-ghrinnfhiosrú, fleisc-am agus idirghníomhú leis an NSSO.

Soláthraíodh gníomhaíochtaí dúinn leis chun próisis agus meicníochtaí atá ann a fheabhsú chun a chinntiú go mbímid fócasaithe ar bhonn straitéiseach.

### An tAcht um Nochtadh Cosanta 2014


Leis an Acht um Nochtadh Cosanta 2014 cuirtear ar chumas fostaithe faisnéis a nochtadh a bhaineann le héagóir faoina bhfuil siad eolach san áit oibre agus cinntítear go mbíonn cosaintí ann, dá ndéanfaí bearta díoltais ina gcoinne. Tá iallach ar fhostóirí níos mó ama agus acmhainní ná riamh a infheistiú chun tabhairt faoi chalaois agus éillitheacht chomh maith le rioscaí don chomhshaol agus do shláinte agus sábháilteacht an phobail. Shínigh an tÚdarás um Sábháilteacht ar Bhóithre suas mar bhaill den chlár um Ionracas ag an Áit Oibre (IAW) agus ghlac sé leis an ngealltanas IAW. Tá an Clár um Ionracas ag an Áit Oibre dírithe ar thimpeallachtaí oibre tacúla a chur chun cinn do dhuine ar bith a thuairiscíonn imní faoi éagóir. Is í caibidil na hÉireann de Fhollasacht Éireann Idirnáisiúnta (Transparency Ireland International - TII) a éascaíonn an clár. Mar bhaill den chlár sin is féidir le baill foirne an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre leas a bhaint as comhairle dlí saor in aisce maidir le nochtadh cosanta trí ionad dlí TII agus trí sheirbhísí líne cabhrach. Forbraíodh beartas agus nós imeachta maidir le Nochtadh Cosanta agus beidh siad ar fáil ar MyRSA.

| Bliain | Nochtuithe a fuarthas |
|---|---|
| 2017 | 0 |









# Straitéis Chorparáideach, Beartas agus Teicneolaíocht



## Straitéis Chorparáideach, Beartas agus Teicneolaíocht

Bunaíodh an tAonad Straitéise i mí Feabhra 2017 agus an cuspóir ann cur chun feidhme an *Phlean Chorparáidigh 2016-2020* a thacú agus a chomhordú. Chun na cuspóirí straitéiseacha sa phlean a bhaint amach faoi 2020, ní mór don RSA athruithe a dhéanamh ar an dóigh a soláthraímid ár seirbhísí. Tá an tAonad Straitéise ann chun seachadadh na n-athruithe sin a chur ar aghaidh, chun tacú leis an ngnólacht agus chun feabhsú próiseas a chur i bhfeidhm.

San áireamh le roinnt samplaí den obair a rinneadh in 2017 tá cur chuige eagraíochta nua um pleanáil ghnó lena chinntiú go bhfuilimid ag obair ar son na gcuspóirí céanna. Sa bhreis ar ailíniú straitéiseach, déantar foráil leis an gcur chuige nua do mhonatóireacht ar sheachadadh an Phlean Chorparáidigh trí thuairisciú ráithiúil agus, nuair is gá, trí obair a dhéanamh le réimsí gnó aonair chun gníomhaíocht agus maolú a fhorbairt chun tabhairt faoi shaincheisteanna riosca a shainaithnítear chun an plean a sheachadadh go rathúil.

D'oibríomar le réimsí gnó chun Plean Feabhsaithe Oibríochtúil a fhoirmliú atá dírithe ar chultúr an fheabhsaithe leanúnaigh agus barr feabhais oibríochtúil a leabú sa RSA. Is é an aidhm a bhaineann leis sin an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní eagraíochta agus na seirbhísí custaiméirí is fearr á soláthar.

Is ceann amháin de na príomhbhealaí lena gcuirfimid ár bPlean Corparáideach chun feidhme ná trí chumais agus torthaí gnó feabhsaithe agus nua a sheachadadh go rathúil. Baintear é sin amach trí na tionscadail trasfhoirmithe gnó bheartaithe dár gcuid a chur chun feidhme. Tá na tionscadail sin faoi úinéireacht na n-aonad gnó ábhartha agus tacaíonn an Oifig Bainistíochta Tionscadal (PMO), TFC agus cumais seachadta eile leo amhail údarás dearaidh, seirbhísí, bonneagar agus soláthar. Sa bhreis air sin, d'fhonn ár gcumas soláthair tionscadal a fheabhsú thugamar rialachas níos fearr isteach mar aon le próiseas seachadta níos sonraithe, rinneamar breac-chuntas ar na róil agus freagrachtaí uile agus rinneamar na hidirspleáchais a shainiú a theastaíonn chun iad a sheachadadh.

## TFC

Ba chumasóir bunriachtanach cuspóir TFC 2017/2018 agus leantar leis an ról sin maidir le cuidiú le gnólacht RSA an fhís dá chuid a bhaint amach. Leanaimid chun na straitéisí teicneolaíochta a threorú agus a thacú mar a sainaithníodh i bPlean Corparáideach an RSA. Táimid comhfhiosach den fhíoras nach mór dúinn obair a dhéanamh i ndlúthchomhar leis an ngnólacht chun a chinntiú go ndéantar córais nua a optamú chun tacú le gníomhaíocht dhírithe um shábháilteacht ar bhóithre, le gníomhaíocht oibríochtúil agus le seirbhís do chustaiméirí.

Tá TFC ar aistear d'fheabhsuithe leanúnacha mar chomhpháirtí straitéiseach an ghnólachta. Chun sin a bhaint amach, déantar TFC a fhoroinnt ina grúpaí fócasaithe níos lú chun fearainn éagsúla na teicneolaíochta a chlúdach.

**Bainistíocht Seirbhísí - Bonneagar TFC - Saolré Forbartha Bogearraí TFC (SDLC)** - Tacaíonn an fhoireann seo leis na mórthionscadail teicneolaíochta um TFC lena gcuireamar tús in 2017 agus a dhéanfar a chur chun tosaigh le linn 2018 lena n-áirítear:

- NDLS Ar Líne
- Córas Tástála Tiománaithe Nua (BPS)
- Feabhsuithe CPC
- TACHOnet
- Feabhsuithe ar Thástáil Teoirice Tiománaithe (DTT) agus ar Chaighdeán Tiomána na Seirbhíse Éigeandála (ESDS)
- Feabhsuithe ESDS


## Cúram do Chustaiméirí

- Fuair Ionad Cúram Custaiméirí (CCC) dár gcuid 418,840 glao in 2017. Is laghdú é sin de 21,160 i gcomparáid le 2016. Bhí an laghdú sin ina thoradh ar roinnt tionscnamh feabhsaithe, a tosaíodh in 2017, agus ar fhorbairt straitéise eagraíochta fadtéarma um bainistíocht fiosrúchán a bhfuil mar aidhm aige ár gcustaiméirí a chumasú féinfhreastal a úsáid agus an fhaisnéis a theastaíonn uathu a fháil ar bhonn níos éasca. Tá an straitéis sin ar aon dul leis na cuspóirí ar a bhfuil breac-chuntas faoi thogra a haon dár bPlean Corparáideach, chun roghanna digiteacha níos mó agus seirbhís gan uaim a thairiscint dár gcustaiméirí.
- Thar chúrsa na bliana, is é a bhí ina thoradh ar na hathruithe sin ná glaonna laghdaithe, rátaí neamhfhreastail laghdaithe agus agaí freagartha glaonna níos fearr chomh maith le heispéireas níos fearr a sholáthar do chustaiméirí. Is é ár gcuspóir go bhfaighidh gach custaiméir seirbhís thráthúil, ardchaighdeáin, chostéifeachtach ón RSA agus feabhsú gaolmhar den chéad scoth ar an tseirbhís do chustaiméirí faoi 2020. Cuirtear taca faoi sheachadadh na físe sin trí lárú na feidhme um bainistíocht fiosrúchán sa CCC, trí theicneolaíocht fheabhsaithe a sholáthar agus trí chlár trasfhoirmithe gnó comhfhreagrach a bheidh ar siúl trí 2018.
- Tá an RSA tiomanta d'eispéireas gan uaim a sholáthar do chustaiméirí de réir mar a théann siad trí na seirbhísí éagsúla arna soláthar ag an RSA. In 2017 chuireamar tús le cuma ár seirbhísí do chustaiméirí a dhoiciméadú ó pheirspictíocht an chustaiméara ionas gur féidir linn a thuiscint cad é mar a mhothaíonn sé le bheith ina chustaiméir dár gcuid agus chun dóigheanna níos fearr a fhorbairt chun iad a thacú ar a n-aistear. Ó 2018 i leith, beidh níos mó seirbhísí ar líne á dtairiscint againn agus beimid ag obair chun an próiseas a shimpliú dár gcustaiméirí, agus an t-ualach a laghdú le hagaí agus céimeanna laghdaithe san aistear dá gcuid.

In 2017 bhunaigh an RSA trí fheidhm inmheánacha nua chun ár gcumas agus ár n-inniúlacht a fheabhsú d'fhonn na nithe a leanas a sheachadadh:

- **Ionad Barr Feabhais Dlíthiúil** chun comhairle a sholáthar maidir le saincheisteanna dlí agus chun tacú leis an ngnólacht chun tograí an RSA a dhréachtú do reachtaíocht phríomhúil agus thánaisteach.
- **Údarás Dearaidh** chun cuidiú lenár ngnó sprice agus ár n-ailtireacht theicniúil a shainiú agus chun a chinntiú go ndéantar machnamh iomlánaíoch ar riachtanais reatha agus amach anseo ar fud an RSA agus i ndearadh ár dtionscadal. Cuidíonn an tÚdarás Dearaidh freisin le deiseanna a shainaithint chun próisis a athdhéantar thar rannáin a bhaint agus chun cineálacha cur chuige nua a mholadh chun fadhbanna a réiteach. Maidir leis an ailtireacht theicniúil, táimid ag obair chun a chinntiú go gcomhlíontar riachtanais na heagraíochta le réitigh bogearraí agus go mbíonn siad comhtháite, inscálaithe agus iontaofa.
- **PMO** Bunaíodh an Oifig Bainistíochta Tionscadal i mBealtaine 2017 agus an misean aici chun an RSA a chumasú torthaí gnó a bhaint amach go rathúil agus chun Plean Corparáideach an RSA a sholáthar.

Seo a leanas an dóigh a ndearnamar na sonraí a bhailiú chun sinn féin a chumasú an méid nárbh mhór dúinn a sholáthar a shainaithint:




### Tionscadail na hOifige Bainistíochta Tionscadal (PMO)

| 2020 Iomlán | 2018 Idir lámha | 2018 Réamh-thionscnamh | 2018 Le tionscnamh | 2018 Ar feitheamh |
|---|---|---|---|---|
| 37 | 15 | 7 | 6 | 1 |

## An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre

# Ráitis Airgeadais

Don Bhliain Dar Críoch an
31 Nollaig 2017


| | |
|---|---|
| 47 | Faisnéis Ghinearálta |
| 48 | Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste |
| 50 | Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird |
| 55 | Ráiteas ar Rialú Inmheánach |
| 56 | Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe |
| 57 | Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach |
| 58 | Ráiteas ar Staid an Airgeadais |
| 59 | Ráiteas ar Shreafaí Airgid |
| 60 | Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais |

# Faisnéis Ghinearálta

| | |
|---|---|
| **Seoladh** | Páirc Ghnó Ghleann na Muaidhe<br>Cnoc an tSabhaircín<br>Béal an Átha<br>Co Mhaigh Eo |
| **Feidhmeannach Sinsearach** | An tUasal Moyagh Murdock – Príomhoifigeach Feidhmiúcháin |
| | An tUasal Pearse White – Stiúrthóir Seirbhísí Airgeadais & Seirbhísí Tráchtála |
| | An tUasal Denise Barry - Stiúrthóir Straitéise, Beartais & Teicneolaíochta |
| | An tUasal Liam Duggan - Stiúrthóir um Thástáil Feithiclí & Forfheidhmiú |
| | An tUasal Declan Naughton – Stiúrthóir um Thástáil & Ceadúnú Tiománaithe |
| | An tUasal Michael Rowland – Stiúrthóir um Shábháilteacht ar Bhóithre, Taighde & Oideachas Tiománaithe |
| **An Cathaoirleach** | An tUasal Liz O'Donnell |
| **Comhaltaí an Bhoird** | An tUasal Eddie Rock |
| | An Dr Áine Carroll |
| | An tUasal John Lumsden |
| | An tUasal Aileen O'Toole |
| | An tUasal Kevin Goulding (arna cheapadh an 14 Lúnasa 2017) |
| | An tUasal Dimitris Karagiorgis (arna cheapadh an 27 Meán Fómhair 2017) |
| | An tUasal Aideen Carberry (an téarma imithe in éag an 8 Meán Fómhair 2017) |
| | An tUasal John Mulvihill an (téarma imithe in éag an 13 Deireadh Fómhair 2017) |
| **Baincéirí** | Banc na hÉireann<br>Sráid an Phiarsaigh<br>Béal an Átha<br>Co Mhaigh Eo |
| **Iniúchóirí** | Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>3A Sráid an Mhéara Uachtarach<br>Baile Átha Cliath 1 |
| **Suíomh Gréasáin** | www.rsa.ie |

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**Comptroller and Auditor General**

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 mar a éillítear faoi fhorálacha alt 29 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006. Cuimsítear leis na ráiteas airgeadais

- ráiteas ar Ioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim choinnithe
- ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- ráiteas ar staid an airgeadais
- ráiteas ar shreafaí airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar na beartais chuntasaíochta shuntasacha.

I mo thuairim, tugtar léargas fíor agus cóir leis na ráitis airgeadais ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre amhail an 31 Nollaig 2017 agus ar an ioncam agus caiteachas dá chuid le haghaidh 2017 de réir an Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 - *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

### Bonn na Tuairime

Rinne mé an t-iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Cuirtear síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim gur leor agus iomchuí an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam chun bonn a sholáthar do mo thuairim.

### Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ghnóthaí eile

Chuir an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre faisnéis áirithe eile i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear leis sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas um rialachas agus tuarascáil chomhaltaí an Údaráis agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Cuirtear síos ar mo chuid freagrachtaí chun tuairisciú ar a leithéid d'fhaisnéis, agus ar ghnóthaí áirithe eile ar a ndéanaim tuairisciú trí eisceacht, san aguisín leis an tuarascáil seo.

### Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Tarraingím aird ar ráiteas ar rialú inmheánach ina nochtann an tÚdarás gur thabhaigh sé caiteachas de €873,000 in 2017, maidir le cúig chonradh nuair nár chomhlíonadh na treoirlínte um sholáthar poiblí leis na nósanna imeachta soláthair a úsáideadh. Leagtar amach na bearta sa ráiteas sin atá glactha nó atá beartaithe ag an Údarás chun tabhairt faoin ábhar sin.

**Seamus McCarthy**
**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**30 Iúil 2018**

**Freagrachtaí Chomhaltaí an Údaráis**

Leagtar amach sa ráiteas um rialachas agus i dtuarascáil chomhaltaí an Údaráis freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird. Tá comhaltaí an bhoird freagrach as na nithe a leanas:

- Ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm atá forordaithe faoi alt 29 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006.
- chun a áirithiú go dtugtar léargas fíor agus cóir leis na ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS 102
- chun rialtacht na n-idirbheart a áirithiú
- chun a mheasúnú cé acu an bhfuil nó nach bhfuil bonn an ghnóthais leantaigh iomchuí, agus
- a leithéid de rialú inmheánach agus a mheasann siad riachtanach chun ullmhúchán na ráiteas airgeadais a chumasú atá saor ó mhíshonrú ábharach, cibé acu mar gheall ar chalaois nó ar earráid.

**Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

Éillítear orm faoi alt 29 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006 ráitis airgeadais an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre a iniúchadh agus chun tuairisciú orthu chuig Tithe an Oireachtais.

Is iad na cuspóirí de mo chuid tríd an t-iniúchadh a dhéanamh chun dearbhú réasúnta a fháil cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábharach mar gheall ar chalaois nó earráid.

Is ionann dearbhú réasúnta agus leibhéal ard dearbhaithe, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir ISAnna míshonrú ábharach i gcónaí nuair a bhíonn sé ann.

Féadtar míshonruithe eirí ó chalaois nó earráid agus meastar ábharach iad más féidir, agus iad ina n-aonar nó ina gcomhiomlán, tátal a bhaint go réasúnta go n-imreoidh siad tionchar ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí arna ghlacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, bainim úsáid as breithiúnas gairmiúil agus déanaim sceipteachas gairmiúil a choimeád ar feadh an iniúchta. Trí sin a dhéanamh,

- Sainaithním na rioscaí agus déanaim measúnú orthu maidir le míshonrú ábharach i leith na ráiteas airgeadais, is cuma más mar gheall ar chalaois nó earráid é sin, déanaim nósanna imeachta iniúchta a dhearadh agus a chur chun feidhme atá freagrúil do na rioscaí sin, agus faighim fianaise don iniúchadh atá imleor agus iomchuí chun bonn a sholáthar do mo thuairim. Tá an riosca a bhaineann le mainneachtain i míshonrú ábharach a bhrath atá ina thoradh ar chalaois níos airde ná ceann atá ina thoradh ar earráid, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh inmheánacha, mífhaisnéis, nó gabháil treis ar rialú inmheánach a bheith i gceist léi.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta a dhearadh atá iomchuí do na himthosca, ach ní chun críocha tuairim a léiriú maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta arna n-úsáid agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus ar rudaí gaolmhara a nochtar.
- Déanaim tátal a bhaint maidir le hoiriúnacht úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh de chuntasaíocht agus, bunaithe ar fhianaise an iniúchta a aimsítear, cibé an bhfuil neamhchinnteacht ábharach ann a bhaineann le himeachtaí nó dálaí lena bhféadtar amhras suntasach a chur ar chumas an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre leanúint mar ghnóthas leantach. Más é an tátal a bhainim go bhfuil neamhchinnteacht ábharach ann, éillítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na rudaí gaolmhara a nochtar sna ráitis airgeadais nó, mura bhfuil na rudaí nochta sin imleor, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo thátail bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a aimsítear suas le dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh imeachtaí nó dálaí amach anseo, áfach, a bheith ina gcúis le scor an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre de leanúint mar ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar láithreoireacht fhoriomlán, ar struchtúr agus ar inneachar na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na rudaí nochta, agus cibé an léirítear leis na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha ar dhóigh lena dtugtar léargas cothrom.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil rialachas mar shainchúram acu maidir leis na nithe a leanas, i measc nithe eile: raon feidhme beartaithe agus tráthúlacht an iniúchta agus fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach ar féidir liom iad a aithint le linn an iniúchta.

**Faisnéis seachas na ráitis airgeadais.**

Ní chlúdaítear an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis airgeadais le mo thuairim maidir leis na ráitis sin agus ní léirím aon fhoirm de chonclúid dhearbhaithe maidir leis sin.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éillítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh, agus trí sin á dhéanamh, déanaim machnamh cibé an bhfuil an fhaisnéis eile neamh-chomhsheasmhach go hábharach leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a aimsíodh le linn an iniúchta, nó má léirítear ar dhóigh eile go bhfuil sí míshonraithe go hábharach.. Má tharlaíonn sé, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go mbainim an tátal as go bhfuil míshonrú ábharach san fhaisnéis eile sin, éillítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

**Tuairisciú ar na gnóthaí**

Tugaim faoi m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na cúrsaí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Tuairiscím más é an cás go bhfuil ábhair ábharacha ann a bhaineann leis an gcaoi a ndearnadh gnó poiblí.

Déanaim iarracht fianaise a aimsiú faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcúrsa an iniúchta. Tuairiscím má tá cásanna ábharacha ann nuair nár úsáideadh airgead poiblí chun críocha a ceapadh dó nó nuair nach raibh idirbhearta ag cloí leis na húdaráis a dhéanann iad a rialú.

- Tuairiscím trí eisceacht freisin má tharla na rudaí a leanas, i mo thuairim,
- ní bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a bhí ag teastáil uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- ní raibh na taifid chuntasaíochta imleor chun ligean d'iniúchadh éasca agus ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- níl na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na taifid chuntais.

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

## Rialachas

Bunaíodh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) faoin Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006. Tá oibríochtaí an Bhoird leagtha amach in alt 14, alt 15 agus alt 16 den Acht sin. Tá an Bord cuntasach don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus tá sé freagrach as dea-rialachas a áirithiú. Feidhmíonn sé an tasc sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a ghlacadh maidir le príomhshaincheisteanna gnó uile. Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus feidhmeannas an RSA atá freagrach as bainistíocht, rialú agus stiúradh laethúil an RSA. Ní mór don POF agus an feidhmeannas na treoracha straitéiseacha leathana a leanúint arna leagan síos ag an mBord, agus ní mór dóibh a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag gach comhalta an Bhoird ar na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí a bhaineann leis an aonán, agus ar na rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an POF mar idirchaidreamh díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta an RSA.

## Freagrachtaí na gComhaltaí Boird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach i dTéarmaí Tagartha agus i gClár Oibre Bliantúil an Bhoird lena n-áirítear freisin na gnóthaí atá forchoimeádta go sainiúil do chinneadh an Bhoird. Áirítear le míreanna buana ar a ndéanann an Bord machnamh:

- dearbhú leasanna
- tuarascálacha ó choistí, lena n-áirítear an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR).

Éillítear le hAlt 29 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2006 ar an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre go gcoinníonn sé, i cibé foirm a d'fhéadfadh a bheith ceadaithe ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a fhaigheann agus a chaitheann an tÚdarás.

Éillítear ar Bhord an RSA na nithe a leanas a dhéanamh agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú aige:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, mura bhfuil sé iomchuí chun a thoimhdiú go leanfaidh sé i mbun feidhme
- a lua cibé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeáin infheidhme chuntasaíochta, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá nochta agus mínithe sna ráitis airgeadais

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta imleora a choimeád lena léirítear, le cruinneas réasúnta ag am ar bith, a staid airgeadais agus lena gcuirtear ar a chumas deimhin a dhéanamh de go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 29 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2006.

Tá an Bord freagrach as an bplean gnó bliantúil agus an buiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinne an CIR measúnú ar fheidhmíocht an RSA i rith na bliana trí thagairt don phlean gnó bliantúil agus don bhuiséad bliantúil, agus thuairiscigh an coiste sin don Bhord.

Anuas air sin, tá an Bord freagrach as a chuid sócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugtar léargas fíor agus cothrom le ráitis airgeadais an RSA ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais an RSA amhail an 31 Nollaig 2017.

## Struchtúr an Bhoird

Amhail an 31 Nollaig 2017, cuimsíodh leis an mBord Cathaoirleach agus seisear comhalta gnách, agus ceapann an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt gach duine acu. Tagann comhaltaí an Bhoird le chéile deich n-uaire in aghaidh na bliana. Sonraítear an tréimhse cheapacháin le haghaidh na gcomhaltaí reatha sa tábla thíos.

| Comhalta an Bhoird | Ról | Fad an Cheapacháin | Dáta an Cheapacháin |
|---|---|---|---|
| An tUasal Liz O'Donnell | An Cathaoirleach | 5 bliana | 29 Deireadh Fómhair 2014 |
| An tUasal Eddie Rock | Comhalta gnách | 3 bliana | 14 Meán Fómhair 2016 |
| An Dr Áine Carroll | Comhalta gnách | 3 bliana | 14 Meán Fómhair 2016 |
| An tUasal John Lumsden | Comhalta gnách | 5 bliana | 31 Deireadh Fómhair 2014 |
| An tUasal Aileen O'Toole | Comhalta gnách | 5 bliana | 31 Deireadh Fómhair 2014 |
| An tUasal Kevin Goulding | Comhalta gnách | 3 bliana | 14 Lúnasa 2017 |
| An tUasal Dimitris Karagiorgis | Comhalta gnách | 3 bliana | 21 Meán Fómhair 2017 |

In 2017, d'imigh téarma na gcomhaltaí Boird a leanas in éag:

| Comhalta an Bhoird | Ról | Fad an Cheapacháin | Dáta an Cheapacháin |
|---|---|---|---|
| An tUasal Aideen Carberry | Comhalta gnách | 4 bliana | 9 Meán Fómhair 2013 |
| An tUasal John Mulvihill | Comhalta gnách | 4 bliana | 14 Deireadh Fómhair 2013 |

Thosaigh an Bord Athbhreithniú seachtrach Éifeachtachta agus Measúnaithe i Samhain 2016 agus cuireadh i gcrích é in 2017.

Bhunaigh an Bord trí choiste, mar a leanas:

Cuimsítear beirt chomhaltaí Boird leis an **gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca:** mar aon le comhalta comhthofa neamhspleách amháin. Is é ról an CIR chun tacú leis an mBord maidir lena chuid freagrachtaí as saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus as dearbhú gaolmhar. Tá an CIR neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go mór mór, cinntíonn an coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tuairiscíonn an CIR don Bhord tar éis gach cruinnithe.

Is iad comhaltaí an CIR: An tUasal John Lumsden (cathaoirleach), an tUasal Aileen O'Toole, agus an tUasal Michael Flynn, comhalta neamhspleách comhthofa. Tionóladh seacht gcruinniú den CIR in 2017. Rinneadh ballraíocht an CIR a athbhunú ag deireadh 2017.

Cuimsítear triúr comhaltaí Boird leis an **gCoiste Luacha Saothair (CLS):**. Is iad comhaltaí an Choiste sin: An tUasal Liz O'Donnell (cathaoirleach), an tUasal John Lumsden agus an Dr Áine Carroll. Bhí cruinniú amháin den CLS ar siúl in 2017.

Cuimsítear triúr comhaltaí Boird leis an **gCoiste Rialachais (CR):**. Is é ról an CR chun tacú leis an mBord chun riachtanais dhlíthiúla agus reachtúla a chomhlíonadh, agus chun dea-chleachtas a ghlacadh freisin. Is iad comhaltaí an Choiste sin: An tUasal Aileen O'Toole (cathaoirleach), an tUasal John Lumsden agus an Dr Áine Carroll. Bhí dhá chruinniú den CR ar siúl in 2017.

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

(ar leanúint)

## Sceideal Tinrimh, Táillí agus Speansas

Tá sceideal an tinrimh ag cruinnithe an bhoird agus na gcoistí le haghaidh 2017 leagtha amach thíos agus áirítear leis na táillí agus na speansais a fuair gach comhalta.

| | An Bord | CIR | CLS | CR | Táillí Boird 2017 € | Speansais Dheimhnithe 2017 € |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Líon na gcruinnithe** | **10** | **7** | **1** | **2** | | |
| **Comhaltaí an Bhoird Reatha** | | | | | | |
| An tUasal Liz O'Donnell (cathaoirleach) | 9 | | 1 | | 11,970 | 639 |
| An tUasal Eddie Rock | 10 | 1 | | | 7,695 | 691 |
| An Dr Áine Carroll | 9 | | | 2 | - | - |
| An tUasal John Lumsden | 10 | 7 | 1 | 2 | 7,695 | 550 |
| Ms Aileen O'Toole (ARC-líon ionchasach 6) | 10 | 6 | 1 | 2 | 7,695 | 688 |
| An tUasal Kevin Goulding (líon ionchasach 3) | 2 | | | | 2,927 | - |
| An tUasal Dimitris Karagiorgis (líon ionchasach 2) | 2 | | | | 920 | 212 |
| An tUasal Michael Flynn (líon ionchasach 6) | | 6 | | | - | - |
| **Baill a ndeachaigh a dtéarmaí in éag in 2017** | | | | | | |
| An tUasal Aideen Carberry (líon ionchasach 7) | 5 | | | | - | 289 |
| An tUasal John Mulvihill (líon ionchasach 8) | 6 | | | | 6,043 | 4,010 |
| **Iomlán** | | | | | **44,945** | **7,079** |

Tá beirt chomhaltaí an bhoird ann nach bhfuair táillí boird in 2017 de bharr na gcúiseanna seo a leanas:

(a) Rogha an duine aonair an táille bhoird a tharscaoileadh.

(b) I gcomhréir leis an bprionsabal 'duine amháin tuarastal amháin'.

Ba é 88% an meánfhreastal ar chruinnithe an Bhoird in 2017.

## Athruithe ar Phríomhphearsanra

### An Bord

D'imigh téarmaí bheirt chomhaltaí an Bhoird in éag le linn na bliana. I gcomhréir leis an Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2006, cheap an tAire beirt chomhaltaí nua.

### An Feidhmeannas

In 2017, ceapadh an tUasal Denise Barry mar stiúrthóir na Stiúrthóireachta Straitéise, Beartais agus Teicneolaíochta nua. Cuireadh an tUasal Liam Duggan in ionad an Uasail Denise Barry mar Stiúrthóir um Thástáil Feithiclí agus Forfheidhmiú.

### An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Rinneadh an CIR a athbhunú i mBealtaine 2017, an dara cruinniú den bhliain. Cuireadh an tUasal Aileen O'Toole in ionad an Uasail Eddie Rock agus chuaigh an tUasal Michael Flynn, comhalta neamhspleách comhthofa, leis an CIR.

## Nochtuithe a Éillítear ag an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an RSA riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Éillítear na nochtuithe a leanas de réir an Chóid:

## Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Féach an Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe i Nóta 4(b) leis na Ráitis Airgeadais.

## Costais Chomhairleachta

Áirítear le costais chomhairleachta costas na comhairle seachtraí don lucht bainistíochta agus ní áirítear feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách'.

| | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|
| Comhairle Dlí | 538,316 | 512,316 |
| Feabhsuithe gnó | 2,516,547 | - |
| Eile | 611,184 | - |
| **Costais Chomhairleachta Iomlána** | **3,666,047** | **512,316** |
| Costais chomhairleachta arna gcaipitliú | 774,923 | - |
| Costais chomhairleachta arna gcur de mhuirear ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe | 2,891,124 | 512,316 |
| **Iomlán** | **3,666,047** | **512,316** |

Bunaíodh an Stiúrthóireacht Straitéise, Beartais agus Teicneolaíochta nua in 2017 chun cur chun feidhme a Plean Straitéisigh a sheachadadh. Mar thoradh air sin, bunaíodh Treochlár TFC, Oifig Bainistíochta Tionscadail agus foireann Bainistíochta Athruithe. Rinneadh na costais um chomhairle sheachtrach a bhaineann leis sin a rangú faoi fheabhsuithe gnó. Rinneadh gach costas a bhaineann go díreach le tionscadal caipitil a chaipitliú.

Mar ullmhúchán do thabhairt isteach an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (GDPR), fuair an RSA comhairle sheachtrach chun méid substaintiúil oibre a chur i gcrích, chun a áirithiú go gcomhlíontar an rialachán faoi dháta an fhorfheidhmithe an 25 Bealtaine 2018. Rinneadh na costais sin a rangú faoi 'eile' sa tábla thuas.

Féach Nóta 7 chun tuilleadh sonraí a fháil.

### Costais Dhlíthiúla agus Socraíochtaí

Soláthraítear miondealú sa tábla thíos ar mhéideanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dhlíthiúla i dtaca le hionadaíocht sna cúirteanna i gcásanna forfheidhmithe. Ní áirítear leis sin caiteachas a tabhaíodh maidir le comhairle dlí ghinearálta a fuair an RSA, rud atá nochta faoi 'chostais chomhairleachta' thuas.

| | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|
| Táillí dlí - imeachtaí dlí | 170,051 | 250,597 |
| **Iomlán** | **170,051** | **250,597** |

### Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Déantar caiteachas taistil agus cothaithe a chatagóiriú mar a leanas:

| | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|
| **Intíre** | | |
| An Bord | 7,079 | 6,137 |
| Fostaithe. | 2,189,854 | 2,130,471 |
| **Idirnáisiúnta** | | |
| An Bord | - | - |
| Fostaithe. | 48,257 | 46,766 |
| **Iomlán** | **2,245,190** | **2,183,374** |

### Caiteachas Fáilteachais

San áireamh leis an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2017 tá an caiteachas fáilteachais a leanas. Is ionann sin agus na méideanna a d'íoc an RSA le Club Spóirt agus Sóisialta na Foirne do 2016 agus 2017 araon mar níor tabhaíodh aon chostas in 2016.

| | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|
| Fáilteachas na Foirne | 10,091 | - |
| **Iomlán** | **10,091** | **-** |

### Ráiteas Comhlíontachta

Tá an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) glactha ag an mBord agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun comhlíonadh an chóid a chinntiú. Chomhlíon an RSA an Cód Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ina iomláine le haghaidh 2017.

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

## Raon Feidhme na Freagrachta
Ar son an RSA aithním freagracht an Bhoird as a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Tugtar ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) san áireamh leis an bhfreagracht sin.

## Feidhm an Chórais Rialaithe Inmheánaigh
Tá córas an rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú ar leibhéal inghlactha, seachas é a dhíothú. Ní féidir ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú absalóideach a sholáthar leis an gcóras, mar sin, go ndéantar sócmhainní a chosaint, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar go cuí idirbhearta agus go gcoisctear earráidí nithiúla nó neamhrialtachtaí nó go ndéantar iad a bhrath ar bhealach tráthúil.

Bhí córas an rialaithe inmheánaigh, atá i gcomhréir le treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm laistigh den RSA don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 agus go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

## An Cumas chun Riosca a Láimhseáil
Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) ag an mBord lena gcuimsítear beirt chomhaltaí Boird agus comhalta comhthofa neamhspleách seachtrach amháin. Bhuail an CIR le chéile seacht n-uaire in 2017.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh bunaithe ag an RSA freisin a bhfuil go leor acmhainní aici agus a dhéanann clár oibre atá comhaontaithe leis an CIR.

Faoi láthair tá an RSA ag forbairt an chreata bainistíochta riosca dá chuid agus forbrófar seo a thuilleadh i gcomhar leis an CIR in 2018. Tá Tuairisciú ar Riosca anois ina mhír bhuan ar an gclár oibre ag cruinnithe ceannaireachta an Bhoird agus an Fheidhmeannais.

## Creat Riosca agus Rialaithe
Sonraítear na rialuithe agus na gníomhartha le clár na rioscaí atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú mar aon leis an bhfreagracht as oibriú na rialuithe atá sannta d'fhoireann shainiúil. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm lena gcuimsítear na gnéithe a leanas:

- Rinneadh nósanna imeachta le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó uile a dhoiciméadú
- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- Tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag an lucht bainistíochta sinsearaí.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.
- Tá rialuithe párolla láidre i bhfeidhm

Mar ullmhúchán do thabhairt isteach an GDPR in 2018, chuir an RSA Creat Rialachais Sonraí i bhfeidhm agus thosaigh sé chun roinnt príomhghníomhaíochtaí a chur chun feidhme i bplean tionscadail comhaontaithe d'fhonn a chinntiú go mbeidh an RSA comhlíontach faoi spriocdháta an 25 Bealtaine 2018.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach
Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun próisis rialaithe a mhonatóiriú. Cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a fheidhmiú agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is ábhartha, ar bhealach tráthúil. Dearbhaím go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnaí a leanas i bhfeidhm:

- Sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe lena mbaineann agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun oibriú na bpríomhrialuithe sin a mhonatóiriú agus chun aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ina ndearnadh freagracht as bainistíocht airgeadais a shannadh.,
- Déanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais lena léirítear feidhmíocht i gcoinne réamhaisnéisí buiséid.

## Soláthar
Dearbhaím go bhfuil nósanna imeacht curtha i bhfeidhm ag an RSA chun comhlíonadh rialacha agus treoirlínte soláthair reatha a chinntiú agus dearbhaím gur chomhlíon an RSA na nósanna imeachta sin le linn 2017, gan cúig chonradh san áireamh a rinneadh a thar-rolladh, ar chostas €0.873m. Cuireadh deireadh le ceann amháin de na conarthaí sin ó Mheitheamh 2017 agus tá ceann amháin eile de na conarthaí sin ag dul faoi phróiseas athsholáthair faoi láthair. Tá na trí chonradh eile atá fágtha faoi bhainistíocht an RSA agus déanfar iad a chéimniú amach mar chuid de chur chun feidhme Threochlár TFC an RSA maidir le córas bainistíochta caidreamh le custaiméirí nua a fhorbairt. Tá an RSA tiomanta do réiteach an réimse seo de neamhchomhlíontacht maidir le soláthar poiblí trí chéimeanna a ghlacadh chun a spleáchas ar chonarthaí oidhreachta a bhaint.

## Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht
Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an RSA chun éifeachtúlacht a chuid nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe a mhonatóiriú. Déantar monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh de chuid an RSA a threorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, ag an CIR a dhéanann a gcuid oibre a mhaoirsiú agus ag an lucht bainistíochta sinsearaí laistigh den RSA atá freagrach as forbairt agus as cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh.

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh don bhliain 2017.

## Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh
Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach maidir le 2017 óna dteastaíonn nochtadh sna ráitis airgeadais.

# Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2017

| | Nótaí | 2017<br>€ | 2016<br>(Athshonraithe)<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontas ón Oireachtas | 2 | 139,000 | 139,000 |
| Acmhainní Eile | 3 | 74,402,486 | 73,682,017 |
| Glanmhaoiniú pinsin iarchurtha | 5(c) | 4,483,000 | 3,709,000 |
| Ranníocaíochtaí pinsin fostaithe a íocadh leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt | 5(a) | 318,000 | (279,000) |
| Ranníocaíochtaí pinsin fostaithe a íocadh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. | | (46,000) | - |
| Gnóthachan ar dhiúscairt réadmhaoine, innealra agus trealaimh | | 23,177 | - |
| **Ioncam Iomlán** | | **78,683,663** | **77,251,017** |
| **Caiteachas** | | | |
| Luach Saothair agus costais eile pá | 4(a) | (20,445,008) | (20,050,166) |
| Costais sochair scoir | 5(a) | (4,825,188) | (3,739,000) |
| Comhairle theicniúil | 6 | (375,858) | (153,761) |
| Costais riaracháin | 7 | (8,056,910) | (4,748,195) |
| Costais chláir | 8 | (42,994,324) | (40,651,591) |
| Dímheas | 9 | (4,537,165) | (4,390,227) |
| **Caiteachas Iomlán** | | **(81,234,453)** | **(73,732,940)** |
| **Easnamh/(Barrachas) don bhliain roimh leithreasaí** | | **(2,550,790)** | **3,518,077** |
| Aistriú chuig an gCuntas Caipitil | 13 | (1,568,302) | (662,697) |
| **(Easnamh)/Barrachas don bhliain i ndiaidh leithreasaí** | | **(4,119,092)** | **2,855,380** |
| **An t-iarmhéid a tugadh anonn amhail an 1 Eanáir** | | **29,210,626** | **26,355,246** |
| **An t-iarmhéid a tugadh anonn amhail an 31 Nollaig** | | **25,091,534** | **29,210,626** |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 22 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

# Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2017

| | Nótaí | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|---|
| **(Easnamh)/Barrachas don bhliain** | | **(4,119,092)** | **2,855,380** |
| Caillteanais ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir | | (7,575,000) | (2,915,000) |
| Athrú ar fhoshuíomhanna atá mar bhonn faoi luach reatha na n-oibleagáidí sochair scoir | | (4,435,000) | (13,158,000) |
| **Caillteanas achtúireach iomlán sa bhliain** | **5(b)** | **(12,010,000)** | **(16,073,000)** |
| Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir iarchurtha | | 12,010,000 | 16,073,000 |
| **(Caillteanas)/Ioncam Cuimsitheach eile don bhliain** | | **(4,119,092)** | **2,855,380** |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 22 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

# Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2017

| | Nótaí | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 9 | 10,274,641 | 8,706,339 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Infháltais | 10 | 1,677,029 | 1,813,493 |
| Réamhíocaíochtaí | 11 | 368,954 | 430,262 |
| Airgead agus coibhéisí airgid | | 38,439,076 | 40,624,075 |
| | | 40,485,059 | 42,867,830 |
| **Dliteanais Reatha (suim dlite laistigh de bhliain amháin)** | | | |
| Suimeanna Iníoctha | 12 | 15,393,525 | (13,657,204) |
| **Glansócmhainní Reatha** | | 25,091,534 | 29,210,626 |
| **Dliteanais Fhadtéarmacha (suimeanna dlite i ndiaidh bliain amháin)** | | | |
| **Sochair Scoir** | | | |
| Sócmhainn mhaoiniúcháin sochair scoir iarchurtha | 5(c) | 91,263,000 | 74,303,000 |
| Oibleagáidí sochair scoir | 5(b) | (91,263,000) | (74,303,000) |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais** | | **35,366,175** | **37,916,965** |
| **Lena léirítear** | | | |
| Cuntas Caipitil | 13 | 10,274,641 | 8,706,339 |
| Caillteanais Cúlchistí Ioncaim Choinnithe | 19 | 25,091,534 | 29,210,626 |
| | | **35,366,175** | **37,916,965** |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 22 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

# Ráiteas ar Shreafaí Airgid
# don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2017

| | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | |
| Easnamh/(Barrachas) don bhliain roimh leithreasaí | (2,550,790) | 3,518,077 |
| Dímheas sócmhainní seasta | 4,537,165 | 4,390,227 |
| Brabús ar dhiúscairt réadmhaoine, gléasra agus trealaimh | (23,177 | - |
| Laghdú/(Méadú) ar Infháltais | 196,326 | 2,904,539 |
| Méadú/(laghdú) ar shuimeanna iníoctha | 1,738,555 | 1,790,929 |
| Ús bainc faighte | (696) | (12,681) |
| Ús bainc Íoctha | 14,819 | - |
| **Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | **3,912,202** | **12,591,091** |
| | | |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | |
| Íocaíocht chun réadmhaoin, gléasra agus trealamh a fháil | (6,137,490) | (5,052,924) |
| Brabús ar dhíol réadmhaoine, gléasra agus trealaimh | 55,200 | - |
| **Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | **(6,082,290)** | **(5,052,924)** |
| | | |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin** | | |
| Ioncam ús bainc | 2,142 | 24,558 |
| Costas ús bainc | (17,053) | - |
| **Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin** | **(14,911)** | **24,558** |
| | | |
| **(Laghdú)/Méadú Glan ar airgead agus ar choibhéisí airgid** | **(2,184,999)** | **7,562,725** |
| | | |
| Airgead agus coibhéisí airgid amhail an 1 Eanáir | 40,624,075 | 33,061,350 |
| | | |
| **Airgead agus coibhéisí airgid amhail an 31 Nollaig** | **38,439,076** | **40,624,075** |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2017

## 1. Beartais Chuntasaíochta

Tá bonn na cuntasaíochta agus beartais thábhachtacha chuntasaíochta arna nglacadh ag an RSA leagtha amach thíos. Cuireadh iad go léir i bhfeidhm go comhsheasmhach le linn na bliana agus rinneadh amhlaidh i gcás na bliana roimhe sin.

### *a) Faisnéis Ghinearálta*

Bunaíodh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre faoin Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006, agus tá ceannoifig aige i bPáirc Ghnó Ghleann na Muaidhe, Cnoc an tSabhaircín, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo. Bunaíodh príomhchuspóirí an RSA faoin Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006 an 1 Meán Fómhair 2006. Is comhlacht corparáideach é an RSA le comharbas suthain agus le séala agus an chumhacht chun agra a dhéanamh agus bheith agartha ina ainm corparáideach, agus talamh nó leas i dtalamh a shealbhú, a choinneáil agus a dhiúscairt, agus aon réadmhaoin eile a shealbhú, a choinneáil agus a dhiúscairt. Is comhlacht reachtúil é a thuilleann ioncam nach ón státchiste é ó sheirbhísí a chuirtear ar fáil don phobal mar aon le hioncam eile ó dheontas státchiste ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (Nóta 2).

Is Eintiteas Sochair Phoiblí é an RSA ar eintiteas é a chuireann seirbhísí ar fáil don phobal i gcoitinne, don phobal agus chun leasa shóisialta. Bunaíodh an RSA chun an príomhról a ghlacadh i réimse na sábháilteachta ar bhóithre agus tá sé freagrach astu seo a leanas: múscailt feasachta ar shábháilteacht ar bhóithre agus í a chur chun cinn trí fheachtais na n-ilmheán agus trí chláir oideachais; taighde ar shábháilteacht ar bhóithre agus a chuid príomhsheirbhísí poiblí lena n-áirítear tástáil tiománaithe, ceadúnú tiománaithe, caighdeáin feithiclí, tástáil feithiclí (tástáil náisiúnta gluaisteán agus tástáil feithiclí tráchtála araon), forfheidhmiú tarlaithe bóthair, clárú teagascóirí tiománaithe (ADI) agus Teastas Tiománaithe um Inniúlacht Ghairmiúil (CPC Tiománaí). Roinneann an RSA an fhreagracht as an Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013 – 2020 le ranna stáit agus údaráis phoiblí áirithe nach mór dóibh oibriú lena chéile, agus leis an bpobal a úsáideann na bóithre chun na cuspóirí agus na torthaí a chur i gcrích atá leagtha amach sa straitéis sin.

### *b) Ráiteas Comhlíontachta*

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an RSA don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 i gcomhréir le FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn a d'eisigh an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais (an FRC). Tá an RSA ag oibriú agus an Cód Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) á chomhlíonadh aige in 2017.

### *c) Bonn an Ullmhúcháin*

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le haontú an Aire Airgeadais faoi Alt 29 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006. Cuireadh na beartais chuntasaíochta a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach agus déileáil á déanamh le míreanna a mheastar ábhartha do ráitis airgeadais an RSA.

### *(d) Ioncam*

**Deontas ón Oireachtas**
Is iondúil gurb ar bhonn fabhraithe a aithnítear ioncam; is eisceacht amháin ón riail sin an cás de Dheontais ón Oireachtas a aithnítear ar bhonn fáltas airgid.

**Ioncam agus Costas Úis**
Déantar Ioncam agus Costas Úis a aithint ar bhonn fabhraithe.

## 1. Beartais Chuntasaíochta (ar leanúint)

### *(d) Ioncam (ar leanúint)*

**Ioncam Eile**
Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhraithe do shruthanna ioncaim, lena n-áirítear táillí do thástálacha tiomána, Tobhach na Tástála Náisiúnta Gluaisteán agus Tobhach na Tástála Feithiclí Tráchtála, toisc gurb ann don phointe aitheantais ioncaim nuair a bhíonn an tástáil críochnaithe. Aithnítear ar bhonn fáltas airgid an t-ioncam ó tháillí le haghaidh cártaí tacagraif dhigitigh, ceadúnais tiomána agus clárúcháin teagascóirí tiomána formheasta de bharr na mbac córasach lena gcuirtear cosc ar aitheantas ar bhonn fabhraithe. Tá an RSA i dteideal sciar de na brabúis a dhéanann soláthraí seirbhíse na Tástála Náisiúnta Gluaisteán. Aithnítear na brabúis sin nuair is dóchúil go mbeidh sochar eacnamaíoch ann agus is féidir an sochar sin a thomhas go cruinn.

### *e) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh*

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ag costas lúide dímheas carntha, arna choigeartú maidir le haon fhoráil do bhearnú. Déanfar dímheas a sholáthar ar gach réadmhaoin, gléasra agus trealamh de réir rátaí a mheastar chun an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne a dhíscríobh de réir méid cothrom thar a saolré úsáideach mheasta, mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Feabhsúcháin Léasachta | 5% in aghaidh na bliana |
| (ii) | Daingneáin agus Feistis | 20% in aghaidh na bliana |
| (iii) | Mótarfheithiclí | 20% in aghaidh na bliana |
| (iv) | Crua-earraí TFC | 33% in aghaidh na bliana |
| (v) | Bogearraí Feidhmchláir | 33% in aghaidh na bliana |

Léiríonn luach iarmharach an méid measta a gheofaí faoi láthair ar dhiúscairt sócmhainne, i ndiaidh costais mheasta diúscartha a bhaint, dá mbeadh an tsócmhainn d’aois agus de bhail a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré fónta.

Má tá fianaise oibiachtúil ann ar bhearnú maidir le luach sócmhainne, aithnítear caillteanas bearnaithe sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe sa bhliain.

### *f) Sochair Fostaithe*

**Sochair Ghearrthéarmacha**
Aithnítear sochair ghearrthéarmacha ar nós pá saoire mar chostas sa bhliain, agus cuirtear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana san áireamh san fhigiúr suimeanna iníoctha sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais.

## 1. Beartais Chuntasaíochta (ar leanúint)

### *g) Sochair Scoir*

**Pinsin Foirne**

Scéim Aoisliúntais na Státseirbhíse

Amhail an 31 Nollaig 2017 tá 91 ball foirne de chuid an RSA páirteach i scéim aoisliúntais na státseirbhíse agus níl dliteanais phinsin do na baill foirne sin san áireamh i ráitis airgeadais an RSA. Déanann an RSA ranníocaíochtaí pinsin de chuid an 91 ball foirne sin a íoc leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus ní bhíonn aon oibleagáidí eile ar an RSA ina dhiaidh sin i leith daoine ar baill den scéim iad.

Scéim Pinsin Aonair na Seirbhísí Poiblí ('Scéim Aonair')

Ina theannta sin, oibríonn an RSA Scéim Pinsin Aonair na Seirbhísí Poiblí ("an Scéim Aonair"), ar scéim í le sochar sainithe do státseirbhísigh inphinsin phoiblí a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Bhí 23 ball den scéim seo ann amhail an 31 Nollaig 2017.

Cuntasaíocht Phinsin do Scéim Aoisliúntais Foirne an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre agus Scéim Pinsin Aonair na Seirbhísí Poiblí Aonair ('Scéim Aonair')

Léirítear sna ráitis airgeadais, ar luach cóir, na sócmhainní agus na dliteanais a eascraíonn ó oibleagáidí Scéim Aoisliúntais Foirne an RSA agus aon chistiú gaolmhar, agus aithnítear iontu na costais a bhaineann le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta ina dtuilleann na fostaithe iad. Déantar dliteanais na scéime sochair scoir a thomhas ar bhonn achtúireach agus modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa á úsáid.

In 2017, thug an RSA fáthanna lena chuid costas agus dliteanas faoi Scéim Pinsin Aonair na Seirbhísí Poiblí don chéaduair, mar ní raibh na méideanna ábhartha in 2016 agus gan ach beirt bhall a bhí dílsithe sa scéim le haghaidh dhá bhliain nó níos mó.

Thug an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe comhairle don RSA go meastar an RSA le bheith ina Údarás Ábhartha de réir mar atá leagtha amach in Imlitir 28 2016. Cinneadh é sin mar meastar an RSA le bheith féinmhaoinitheach maidir le ranníocaíochtaí fostaithe do bhaill Scéim Pinsin Aonair na Seirbhísí Poiblí de réir na hImlitreach sin. Dá bhrí sin thug an RSA fáthanna leis na ranníocaíochtaí fostaithe iarghabhálacha, maidir le baill na scéime sin, le haghaidh na mblianta 2013, 2014, 2015, 2016 agus 2017 sna ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017.

Scéim Aoisliúntais Foirne an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre

Foráiltear le hAlt 20 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006 go mbunóidh an RSA Scéim Aoisliúntais Foirne an RSA (an Scéim). I mí Iúil 2013, d'fhormheas an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt an Scéim, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá Ballraíocht sa Scéim ar oscailt do bhaill foirne a chuaigh isteach trí chomórtas seachtrach agus trí bhealaí eile ó Mheán Fómhair 2006. Amhail an 31 Nollaig 2017, bhí 174 ball foirne de chuid an RSA ina mbaill ghníomhacha den Scéim. Tá 12 ball iarchurtha agus 22 pinsinéirí den Scéim ann freisin. Feidhmíonn an Scéim ar an mbonn go n-asbhaineann an RSA ranníocaíochtaí pinsin foirne as an bpárolla agus go n-íocann sé na ranníocaíochtaí sin leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Tar éis di dul i mbun díospóireachta leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, dheimhnigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, go leanfaidh an státchiste de dhliteanais Scéim Aoisliúntais Foirne an RSA a sheasamh ar bhonn 'íoc mar a théitear' i gcás gach baill den Scéim, de réir mar a bheidh siad dlite, chomh fada agus a bheidh an Scéim i bhfeidhm. Is é a tharlaíonn faoin gcóras 'íoc mar a théitear' ná go n-íoctar sochair na Scéime ó ioncam reatha státchiste nuair a bhíonn siad dlite.

Scéim Aoisliúntais na Comhairle Sábháilteachta Náisiúnta 1991 go 2000

Agus tús á chur leis fuair an RSA 6 pinsinéirí trí oidhreacht a chuaigh isteach san RSA nuair a rinneadh an Chomhairle Sábháilteachta Náisiúnta a dhíscaoileadh. Tugtar maoiniú ón státchiste gach bliain don Údarás chun freastal ar na hoibleagáidí pinsin nuair a bhíonn siad dlite.

## 1. Beartais Chuntasaíochta (ar leanúint)

### *h) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Criticiúla*

D'fhonn na ráiteas airgeadais a ullmhú, bíonn ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na méideanna a thuairiscítear maidir le sócmhainní agus dliteanais amhail dáta an chláir chomhardaithe agus ar na méideanna a thuairiscítear maidir le hioncam agus costais le linn na bliana. Ciallaíonn nádúr an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh na torthaí iarbhír a bheith éagsúil ó na meastacháin sin. Is iad na breithiúnais seo a leanas is mó a chuaigh i bhfeidhm ar na méideanna atá sainaitheanta sna ráitis airgeadais.

**Dímheas agus Luachanna Iarmharacha**
Rinne na stiúrthóirí saolréanna sócmhainní agus luachanna iarmharacha gaolmhara gach aicme sócmhainní seasta a athbhreithniú, agus go háirithe, saolré úsáideach eacnamaíoch agus luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas, agus tháinig siad ar an tuairim go bhfuil na saolréanna sócmhainní agus luachanna iarmharacha iomchuí.

**Oibleagáid Sochair Scoir**
Déantar na toimhdí is bonn le luachanna achtúireacha dá ndéantar na méideanna atá sainaitheanta sna ráitis airgeadais a chinneadh (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí an mhéadaithe ar leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí básmhaireachta agus rátaí treochtaí costais chúram sláinte) a nuashonrú gach bliain, bunaithe ar dhálaí eacnamaíocha reatha, agus i gcás aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha an phinsin agus na bpleananna i ndiaidh scoir.

Féadfaidh tionchar a bheith ag na nithe seo a leanas ar na toimhdí:

- an ráta lascaine, athruithe ar an ráta fáltais ar bhannaí ardcháilíochta corparáide
- leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí an mhargaidh saothair amach anseo

## 2. Deontais ón Oireachtas

Mar atá léirithe sna ráitis airgeadais cuimsítear an méid a leanas leis an Deontas ón Oireachtas a vótáladh lena thabhairt don RSA ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt:

| | Fo-Cheannteideal | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| Deontas i gcomhair caiteachas reatha | B.4 | 139,000 | 139,000 |
| | | **139,000** | **139,000** |

In 2017 agus 2016 tugadh an Deontas Oireachtais sainiúil thuasluaite don RSA chun na híocaíochtaí pinsin bliantúla a sheasamh do phinsinéirí a d'aistrigh chuig an RSA nuair a rinneadh an Chomhairle Sábháilteachta Náisiúnta a dhíscaoileadh. Tá an méid a íocadh leis na pinsinéirí (€139,000) san áireamh i Nóta 4 – Luach Saothair agus Costais Pá Eile. Rinneadh an fhreagracht as íoc na sochar pinsin a tharmligean don RSA. Níor tharla aon fhabhrú dliteanas, áfach, mar déanfaidh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt na hoibleagáidí a sheasamh de réir mar a bheidh siad dlite.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2017

(ar leanúint)

## 3. Acmhainní Eile

| | 2017 € | 2016 € |
|---|---:|---:|
| Tobhach na Tástála Náisiúnta Gluaisteán | 21,709,292 | 23,561,819 |
| Ioncam ó Cheadúnais Tiomána | 21,243,841 | 20,487,137 |
| Tobhach Tástála Feithiclí Tráchtála | 14,772,500 | 14,408,731 |
| Ioncam Táillí ó Thástáil Tiománaithe | 14,692,754 | 13,580,960 |
| Ioncam ó Thacagraif Dhigiteacha | 899,055 | 742,194 |
| Ioncam ó Theagascóirí Tiomána Formheasta | 400,307 | 275,814 |
| Ioncam ó Iompar Earraí Contúirteacha | 287,033 | 274,786 |
| Ioncam ó Urraíocht | 82,000 | 82,050 |
| Ioncam Ús Bainc | 2,141 | 12,681 |
| Nithe Ilghnéitheacha | 313,563 | 255,845 |
| | **74,402,486** | **73,682,017** |

Is comhlacht reachtúil é an RSA a thuilleann ioncam ó sheirbhísí a chuirtear ar fáil don phobal. Leagtar amach na príomhfhoinsí ioncaim thíos.

| Cineál Ioncaim | Foinse |
|---|---|
| Ioncam ó Thástálacha Tiománaithe agus Ioncam ó Cheadúnais Tiomána | Tá freagracht ag an RSA as tástáil tiománaithe agus as eisiúint agus athnuachan ceadúnas tiomána. Díorthaítear an t-ioncam sin ó tháillí a íocann tiománaithe as tástáil tiomána a dhéanamh nó as ceadúnas tiomána a fháil / a athnuachan. |
| Tobhach na Tástála Náisiúnta Gluaisteán agus Tobhach na Tástála Feithiclí Tráchtála | Faigheann an RSA ioncam tobhaigh bunaithe ar an líon gluaisteán agus feithiclí tráchtála a thástáiltear. Bailíonn an soláthraí seirbhíse conraithe an táille chomhlán nuair a dhéantar an tástáil agus íoctar cuid den táille tástála go míosúil i riaráistí don RSA. Laghdaíodh an tobhach a fhaightear maidir leis an Tástáil Náisiúnta Gluaisteán mar gheall ar laghdú in aois an fhlít náisiúnta. In 2017, is é láimhdeachas an chonraitheora sheachfhoinsithe a fheidhmíonn an tSeirbhís Náisiúnta Tástála Gluaisteán ná thart ar €71.8m agus as sin fuair an RSA €21.7m (2016- € 23.6m) mar ioncam tobhaigh.<br><br>Leanann an RSA le hioncam Tobhaigh Tástála Feithiclí Tráchtála a aithint in 2017. |
| Ioncam ó Thacagraif Dhigiteacha | Tá freagracht ag an RSA as forfheidhmiú reachtaíochta maidir le huaireanta tiománaithe. Faigheann an RSA ioncam ó tháillí nuair a eisíonn sé cárta leictreonach tacagraif dhigitigh do tharlóirí chun uaireanta tiománaithe a thaifeadadh. |
| Ioncam ó Theagascóirí Tiomána Formheasta | Tá freagracht ag an RSA as rialú an tionscail Teagascóirí Tiomána. Faigheann an RSA ioncam tobhaigh nuair a chláraíonn agus a thástálann siad teagascóir tiomána. |
| Ioncam ó Iompar Earraí Contúirteacha | Tá freagracht ag an RSA as iompar earraí contúirteacha a rialú. Faigheann an RSA ioncam ó tháillí nuair a chláraíonn sé tarlóir Iompair Earraí Contúirteacha. |

# 4. Luach Saothair agus Costais Pá Eile

## *4(a) Luach Saothair agus Costais Pá Eile*

| | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|
| Tuarastail Foirne | 16,415,459 | 16,240,268 |
| Ranníocaíochtaí fostóirí le leas sóisialach | 1,255,572 | 1,160,412 |
| Oiliúint agus forbairt foirne | 238,957 | 268,903 |
| Taisteal agus cothú foirne – Intíre | 2,196,933 | 2,136,608 |
| Taisteal agus cothú foirne – Eachtrach | 48,257 | 46,766 |
| Costais eile foirne | 112,519 | 11,261 |
| Luachanna saothair na gcomhaltaí boird (lena n-áirítear luach saothair an POF) | 177,311 | 185,948 |
| **Iomlán** | **20,445,008** | **20,050,166** |

Asbhaineadh asbhaintí a bhaineann le pinsin dar luach iomlán €666,740 as tuarastail agus pá agus íocadh iad leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir le 2017 (2016 – € 673,800). B'ionann líon iomlán na foirne a bhí fostaithe (CL – Coibhéis Lánaimseartha) ag deireadh na bliana agus 328 (2016 – 313). Thug an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus CIÉ 3 (2016 – 3) ball foirne eile ar iasacht don RSA.

### (i) Sochair Fostaithe Chomhiomlána

| | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|
| Sochair gearrthéarmacha foirne | 16,592,770 | 16,426,216 |
| Ranníocaíochtaí fostóra le leas sóisialach | 1,255,572 | 1,160,412 |
| | **17,848,342** | **17,586,628** |

### (ii) Sochair gearrthéarmacha foirne

| | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|
| Bunphá | 15,242,796 | 15,266,226 |
| Ragobair | 968,706 | 796,609 |
| Liúntais | 381,268 | 363,381 |
| | **16,592,770** | **16,426,216** |

### (iii) Sochair Foirceanta

Níor thabhaigh an RSA aon chostais maidir le sochair foirceanta in 2017.

## 4. Luach Saothair agus Costais Eile Phá (ar leanúint)

### *4(b) Miondealú ar shochair fostaithe don bhliain*

| Raon na sochar fostaithe iomlán Ó | | Go | Líon na bhFostaithe 2017 | Líon na bhFostaithe 2016 |
|---|---|---|---|---|
| €60,000 | – | €69,999 | 46 | 34 |
| €70,000 | – | €79,999 | 16 | 9 |
| €80,000 | – | €89,999 | 7 | 6 |
| €90,000 | – | €99,999 | 4 | 1 |
| €100,000 | – | €109,999 | - | - |
| €110,000 | – | €119,999 | - | - |
| €120,000 | – | €129,999 | - | - |
| €130,000 | – | €139,999 | 1 | 1 |

### *4(c) Cúiteamh do Phríomhphearsanra Bainistíochta*

Cuimsítear le príomhphearsanra bainistíochta san RSA comhaltaí an Bhoird, an POF agus cúigear stiúrthóirí an RSA. Tá luach iomlán na sochar fostaithe do phríomhphearsanra bainistíochta leagtha amach thíos.

| | 2017 € | 2016 € |
|---|---|---|
| Tuarastal | 616,405 | 614,278 |
| Liúntais | 3,555 | - |
| | **619,960** | **614,278** |

Ní áirítear luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse leis sin. Tá an príomhphearsanra bainistíochta ina mbaill de Scéim Aoisliúntais Foirne an RSA, Scéim Aoisliúntais na Státseirbhíse nó Scéim Pinsin Aonair na Seirbhísí Poiblí. Ní théann a gcuid teidlíochtaí maidir leis sin níos faide ná téarmaí scéim pinsin eiseamláireach na seirbhíse poiblí.

**Luachanna Saothair na gComhaltaí Boird**

Féach an Sceideal Tinrimh, Táillí agus Speansas atá san áireamh leis an Ráiteas ar Rialachas agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird le haghaidh sonraí faoi Luachanna Saothair na gComhaltaí Boird.

## 4. Luach Saothair agus Costais Eile Phá (ar leanúint)

### *4(c) Cúiteamh do Phríomhphearsanra Bainistíochta (ar leanúint)*

**Tuarastal agus Sochair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin**
Seo a leanas an pacáiste luacha saothair a bhí ag an POF don tréimhse airgeadais:

| | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|
| Tuarastal | 132,366 | 132,366 |
| | **132,366** | **132,366** |

Tá an POF ina ball de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhísí Poiblí agus ní théann a cuid teidlíochtaí níos faide ná téarmaí na scéime pinsin sin. Ní áirítear luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse sin lena bhfuil thuas.

## 5. Costais Sochair Scoir

### *5(a) Anailís ar chostais sochair scoir iomlána a cuireadh de mhuirear ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe*

| | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|
| Glanchostas seirbhíse reatha | 3,556,000 | 2,523,000 |
| Lúide costas seirbhíse reatha bhaill SPSPS (Scéim Pinsin Aonair na Seirbhísí Poiblí) | 200,000 | - |
| Ranníocaíochtaí na mball | (364,000) | (279,000) |
| Ranníocaíochtaí fostaithe le Scéim Pinsin Aonair na Seirbhísí Poiblí | 419,188 | - |
| Costas úis ar dhliteanais scéime sochair scoir | 1,414,000 | 1,495,000 |
| | **4,825,188** | **3,739,000** |

## 5. Costais Sochair Scoir (ar leanúint)

### *5(b) Gluaisteacht in oibleagáidí sochair scoir glana i rith na bliana airgeadais*

| | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|
| Oibleagáid sochair scoir ghlan amhail an 1 Eanáir | (74,570,000) | (54,521,000) |
| Costas seirbhíse reatha | 3,556,000 | (2,523,000) |
| Costas úis | (1,414,000) | (1,495,000) |
| Caillteanas achtúireach | (12,010,000) | (16,073,000) |
| Pinsin a íocadh sa bhliain | 287,000 | 309,000 |
| **Oibleagáid sochair scoir ghlan amhail an 31 Nollaig** | **(91,263,000)** | **(74,303,000)** |

### *5(c) Maoiniú iarchurtha le haghaidh sochair scoir*

Aithníonn an Bord na méideanna seo mar shócmhainn atá comhfhreagrach don dliteanas neamhmhaoinithe iarchurtha do shochair scoir ar bhonn an tacair toimhdí a gcuirtear síos orthu thíos anseo ag 5(e) agus roinnt imeachtaí san am a chuaigh thart. I measc na n-imeachtaí sin bhí an bonn reachtúil le bunú na scéimeanna sochair scoir, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin na seirbhíse poiblí a mhaoiniú lena n-áirítear ranníocaíochtaí ag fostaithe agus an próiseas bliantúil meastachán. Tá deimhniú ag an mBord ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt go leanfaidh an státchiste de dhliteanais faoin Scéim a sheasamh ar bhonn 'íoc mar a théitear' i gcás gach baill den Scéim, de réir mar a bheidh siad dlite, chomh fada agus a bheidh an Scéim i bhfeidhm.

Ba é an glanmhaoiniú iarchurtha le haghaidh sochair scoir a aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe mar a leanas:

| | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|
| Maoiniú in-aisghabhála i leith chostais sochar scoir na bliana reatha (lúide coigeartú don SPSPS) | 4,770,000 | 4,018,000 |
| Deontas an Stáit curtha i bhfeidhm chun sochair scoir a íoc | (287,000) | (309,000) |
| | **4,483,000** | **3,709,000** |

Is í an tsócmhainn mhaoiniúcháin iarchurtha do shochair scoir amhail an 31 Nollaig 2017 €91.263m (2016 - € 74.303m).

## 5. Costais Sochair Scoir (ar leanúint)

### *5(d) Stair na n-oibleagáidí sochair shainithe*

| | 2017 € | 2016 € | 2015 € | 2014 € |
|---|---|---|---|---|
| Oibleagáid sochair shainithe | 91,263,000 | 74,303,000 | 54,521,000 | 57,551,000 |
| (Caillteanas)/gnóthchan ó thaithí ar dhliteanas scéime sochair shainithe | (7,575,000) | (2,915,000) | 1,826,000 | 324,000 |
| Mar chéatadán de dhliteanais scéime | (8.3%) | (3.9%) | 3.3% | 0.56% |

### *5(e) Cur síos ginearálta ar an scéim*

Is socrú pinsin le sochar sainithe bunaithe ar thuarastal inphinsin deiridh é an scéim sochair scoir le sochair agus ranníocaíochtaí sainmhínithe le tagairt do rialacháin scéime na hearnála poiblí 'eiseamláirí'. Soláthraítear pinsean leis an scéim (ar 1/80 in aghaidh na bliana seirbhíse é), aisce nó cnapshuim (ar 3/80 in aghaidh na bliana seirbhíse é) agus pinsin do chéile agus do pháistí. Is é an gnáthaois scoir breithlá 65 bliana an bhaill, agus tá teidlíocht ag baill roimh 2004 dul ar scor gan laghdú achtúireach ó 62 bhliain d'aois. Tagann ardú ar phinsin atá á n-íoc (agus atá iarchurtha) de ghnáth de réir bhoilsciú tuarastail ginearálta na hearnála poiblí.

Bhí an luacháil a úsáideadh le haghaidh nochtuithe FRS 102 bunaithe ar luacháil iomlán achtúireach a rinne achtúire cáilithe neamhspleách an 31 Eanáir 2018, agus ceanglais FRS á gcur san áireamh chun dliteanais na scéime a mheas an 31 Nollaig 2017.

Ba iad seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha:

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| Ráta méadaithe ar thuarastail | 3.4% sa bhliain | 3.3% sa bhliain |
| Ráta an mhéadaithe i dtaobh sochair scoir á n-íoc | 1.9% sa bhliain | 1.8% sa bhliain |
| Ráta lascaine | 1.8% sa bhliain | 1.9% sa bhliain |
| Ráta Boilscithe | 1.9% sa bhliain | 1.8% sa bhliain |

**Básmhaireacht**

Ba iad na táblaí básmhaireachta seo a leanas a úsáideadh:

| | Fireann | Baineann |
|---|---|---|
| Básmhaireacht roimh scor | PMA 92 c 2020 | PMA 92 c 2020 |
| Básmhaireacht i ndiaidh scoir | PMA 92 c 2025 < 1 bl | PMA 92 c 2025 < 1 bl |

Bunaithe ar na táblaí sin, seo a leanas an t-ionchas saoil ag aois 65:

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| Fireann | 22 bhliain d'aois | 22 bhliain d'aois |
| Baineann | 25 bliana d'aois | 25 bliana d'aois |

## 6. Comhairle Theicniúil

| | 2017 € | 2016 € |
|---|---|---|
| Comhairle Theicniúil | 375,858 | 153,761 |
| **Iomlán** | **375,858** | **153,761** |

## 7. Costais Riaracháin

| | 2017 € | 2016 (Athshonraithe) € |
|---|---|---|
| Clódóireacht agus Stáiseanóireacht | 519,075 | 433,037 |
| Postas | 260,531 | 190,839 |
| Costais Bainistíochta Saoráidí | 1,019,400 | 618,334 |
| Fuinneamh | 182,764 | 161,022 |
| Costais Teileafóin agus Malartaithe Sonraí | 564,088 | 483,517 |
| Costais Bogearraí, Ceadúnaithe agus Tacaíochta | 1,781,489 | 1,670,774 |
| Cothabháil Crua-earraí | 285,105 | 109,216 |
| Táillí Iniúchóireachta | 30,000 | 20,000 |
| Táillí Iniúchóireachta Inmheánaí | 42,959 | 12,144 |
| Riarachán Párolla | 43,331 | 41,599 |
| Seirbhísí Aistriúcháin | 42,572 | 37,247 |
| €’000 | 45,270 | 45,176 |
| Cothabháil an tSuímh Ghréasáin | 16,962 | 17,221 |
| Muirir ar Idirbhearta Airgeadais | 186,318 | 238,219 |
| Costas Ús Bainc | 17,053 | - |
| Costais um Chíos ar Shaoráidí | 510,512 | 443,120 |
| Costais Bainistíochta Flít | 179,203 | 131,100 |
| Costais Riaracháin AD | 82,764 | 95,630 |
| Costais um Bainistíocht Faisnéise ó Thaifid Sonraí | 611,645 | - |
| Treochlár TFC | 164,897 | - |
| Oifig Bainistíochta Tionscadail | 568,020 | - |
| Bainistíocht Athruithe | 902,952 | - |
| **Iomlán** | **8,056,910** | **4,748,195** |

## 7. Costais Riaracháin (ar leanúint)

In 2017, áirítear le costais riaracháin roinnt costas nua mar thoradh ar obair a rinneadh in dá réimse:

- Bunaíodh an Stiúrthóireacht Straitéise, Beartais agus Teicneolaíochta nua in 2017 chun ailíniú an phlean straitéisigh a sheachadadh. Mar thoradh air sin, bunaíodh Treochlár TFC, Oifig Bainistíochta Tionscadail agus foireann Bainistíochta Athruithe agus áiríodh na costais bhunaithe tosaigh i gcostais riaracháin in 2017.

  Leanfar le costais na hOifige Bainistíochta Tionscadail a thabhú in 2018 agus in 2019 chun tacú le seachadadh rathúil na dtionscadal, agus déanfar cuid mhór den chostas sin a chaipitliú mar gheall ar a nádúr. Táthar ag súil go ndéanfar na costais a bhaineann leis an bhfoireann Bainistíochta Athruithe a thabhú arís freisin in 2018 agus ar mhéid níos lú in 2019 d'fhonn na tograí straitéiseacha a sheachadadh atá sa Phlean Corparáideach. In 2018, de réir mar a dhéanfar tionscnaimh athraithe a leabú ar fud an RSA, cuirfidh an feidhmeannas tús le clár chun foireann inmheánach a uasoiliúint sna réimsí óna dteastóidh scileanna nua sa todhchaí. San áireamh leo sin beidh anailís ghnó chun barr feabhais oibríochtúil agus feabhsú leanúnach a leabú, ailíniú straitéiseach agus tuairisciú, agus anailísíocht sonraí agus ar an mbealach sin laghdófar an spleáchas ar shainchomhairleoirí seachtracha.

- Mar ullmhúchán do thabhairt isteach an GDPR, chuir an RSA méid substaintiúil oibre i gcrích d'fhonn a chinntiú go mbainfear comhlíontacht amach faoi dháta an fhorfheidhmithe an 25 Bealtaine 2018. Mar thoradh ar ullmhúchán luath an tionscadail, tabhaíodh an chuid is mó den chostas sin in 2017.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2017

(ar leanúint)

## 8. Costais Chláir

| | | 2017<br>€ | 2016<br>(Athshonraithe)<br>€ |
|---|---|---|---|
| (a) | Tástáil ar Theoiric Tiomána | 213,968 | 215,156 |
| (b) | Forfheidhmiú & Cumarsáid um Tharlú Bóthair | 1,317,472 | 1,546,646 |
| (c) | An tSeirbhís Náisiúnta Tástála Gluaisteán | 1,462,446 | 1,274,705 |
| (d) | Cur Chun Cinn na Sábháilteachta ar Bhóithre | 6,161,322 | 5,200,561 |
| (e) | Oideachas um Shábháilteacht ar Bhóithre | 1,741,081 | 1,272,833 |
| (f) | Feasacht ar Shábháilteacht ar Bhóithre | 3,589,489 | 2,755,463 |
| (g) | Taighde ar Shábháilteacht ar Bhóithre | 648,218 | 465,629 |
| (h) | Oideachas Tiománaithe | 641,541 | 769,035 |
| (i) | Táillí Dlí | 708,367 | 762,913 |
| (j) | Tástáil Ródacmhainneachta Feithiclí Tráchtála | 2,641,169 | 2,676,422 |
| (k) | Tástáil Tiománaithe | 143,217 | 287,649 |
| (l) | Beartas & Próiseas um Cheadúnais Tiomána a Fheabhsú | 439,182 | 470,832 |
| (m) | Cumarsáid | 1,317,237 | 1,333,152 |
| (n) | An tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána | 20,983,474 | 20,587,551 |
| (o) | Caighdeán Tiomána Seirbhísí Éigeandála | 28,394 | 25,164 |
| (p) | Costais an Chlár um Thacagraif Dhigiteacha | 548,667 | 644,824 |
| (q) | Costais Chláir Eile | 409,080 | 363,056 |
| | **Iomlán** | **42,994,324** | **40,651,591** |

## 8. Costais Chláir (ar leanúint)

(a) Seo an costas a bhaineann le deimhnithe tástála teoirice tiománaithe a lannú.

(b) Is iad seo na costais a bhaineann leis an gclár forfheidhmithe lena n-áirítear maoirseacht, iniúchtaí teicniúla agus costais chumarsáide.

(c) Is é seo an costas a bhaineann le maoirseacht agus monatóireacht a dhéanamh ar an tSeirbhís Náisiúnta Tástála Gluaisteán.

(d) Is clár é an clár um chur chun cinn na sábháilteachta ar bhóithre trína gcuireann an RSA sábháilteacht ar bhóithre chun cinn ar bhonn leanúnach agus uirlisí margaíochta agus cumarsáide á n-úsáid lena n-áirítear fógraíocht d'fhonn foghlaim leanúnach do gach úsáideoir bóthair a chinntiú.

(e) Is clár é an clár um oideachas ar shábháilteacht ar bhóithre atá dírithe ar oideachas ar shábháilteacht ar bhóithre d'úsáideoirí bóthair a chur ar fáil suas go dtí an tríú leibhéal trí raon feachtas oideachais sainfhorbartha.

(f) Is clár dírithe é an clár um fheasacht ar shábháilteacht ar bhóithre atá dírithe ar ghrúpaí ar leith úsáideoirí bóthair chun iad a chur ar an eolas faoi shábháilteacht ar bhóithre trí mhodhanna éagsúla amhail úsáid an tointeálaí agus teachtaireachtaí faoi shábháilteacht ar bhóithre a aistriú go roinnt teangacha.

(g) Seo an costas a bhaineann le tabhairt faoi chláir thaighde maidir le sábháilteacht ar bhóithre.

(h) Is caiteachas cláir é Oideachas Tiománaithe a bhaineann le tionscal na dTeagascóirí Tiomána Formheasta a rialáil. Cuimsítear leis freisin reáchtáil an chláir an Teastais Tiománaithe um Inniúlacht Ghairmiúil maidir le tiománaithe busanna agus leoraithe gairmiúla.

(i) Is táillí dlí iad seo a thabhaítear maidir le cláir an RSA lena n-áirítear an clár Tástála Feithiclí Tráchtála, clár na Seirbhíse Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána agus gach clár eile.

(j) Baineann an costas seo le feidhmiú chlár Tástála Ródacmhainneachta na bhFeithiclí Tráchtála.

(k) Is é seo an costas a bhaineann le feabhsuithe ar an gclár Tástála Tiománaithe a bhaineann leis na tástálacha tiomána teoirice agus praiticiúla, go háirithe forbairt ábhar siollabais.

(l) Baineann an clár seo le caiteachas i bhforbairt agus feabhsú na Seirbhíse Náisiúnta Ceadúnais Tiomána.

(m) Tabhaíonn an RSA costas maidir lena ghníomhaíochtaí a bhaineann le ceannach meán, cruthaíocht meán agus caidreamh poiblí. Cuimsíonn sé chomh maith gníomhaíocht an RSA sna meáin shóisialta.

(n) Baineann an caiteachas cláir seo le costais oibriúcháin na Seirbhíse Náisiúnta Ceadúnais Tiomána agus áirítear leis costas táirgthe an chárta, líonra gníomhairí agus gnéithe próiseála cúloifige na seirbhíse ceadúnais.

(o) Is iad seo na costais chláir a bhaineann leis an gCaighdeán Tiomána don tSeirbhís Éigeandála.

(p) Is iad seo na costais chláir a bhaineann leis an tseirbhís tacagraif dhigitigh. In 2016, rinneadh na costais sin a rangú go mícheart mar chostais riaracháin, agus bhí coigeartú iarghabhálach de dhíth in 2017.

(q) Baineann costais faoin gceannteideal seo le costais fógraíochta maidir le fógraí um chaighdeáin feithiclí agus tástáil feithiclí.

Ní áirítear sna suimeanna a thaispeántar sa nóta seo costais bhaill foirne an RSA a bhaineann le riar na gclár sin mar ní shanntar costais foirne go heisiach do chláir ar leith agus mar sin de níl sé praiticiúil na costais sin a leithdháileadh.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2017

(ar leanúint)

## 9. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

### *9(a) Réadmhaoin, gléasra agus trealamh 2017*

| | Léasacht | Daingneáin agus Feistis | | Saintrealamh/ FlítTeileachumarsáide | Crua-earraí | Bogearraí Ríomhaireachta | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € | € | € |
| **Costas** | | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2017 | 1,279,798 | 989,763 | 1,656,014 | 561,757 | 2,878,242 | 21,281,425 | 28,646,999 |
| Méideanna breise | 628,688 | 51,513 | - | - | 367,857 | 5,089,432 | 6,137,490 |
| Diúscairtí | - | - | 162,599 | - | - | - | 162,599 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2017** | **1,908,486** | **1,041,276** | **1,493,415** | **561,757** | **3,246,099** | **26,370,857** | **34,621,890** |
| **Dímheas** | | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2017 | 241,072 | 915,618 | 913,165 | 561,757 | 2,468,587 | 14,840,461 | 19,940,660 |
| Muirear le haghaidh na bliana | 83,757 | 44,143 | 208,236 | - | 261,700 | 3,939,329 | 4,537,165 |
| Diúscairtí | - | - | (130,576) | - | - | - | (130,576) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2017** | **324,829** | **959,761** | **990,825** | **561,757** | **2,730,287** | **18,779,790** | **24,347,249** |
| **Glanluach de réir na Leabhar** | | | | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2017** | **1,583,657** | **81,515** | **502,590** | **-** | **515,812** | **7,591,067** | **10,274,641** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2016** | **1,038,726** | **74,145** | **742,849** | **-** | **409,655** | **6,440,964** | **8,706,339** |

## 9. Réadmhaoin, gléasra agus trealamh (ar leanúint)

### *9(b) Réadmhaoin, gléasra agus trealamh 2016*

| | Léasacht | Daingneáin agus Feistis | | Saintrealamh/ FlítTeileachumarsáide | Crua-earraí | Bogearraí Ríomhaireachta | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € | € | € |
| **Costas** | | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2016 | 1,142,779 | 960,654 | 1,327,902 | 561,757 | 2,612,298 | 16,988,685 | 23,594,075 |
| Méideanna breise | 137,019 | 29,109 | 328,112 | - | 265,944 | 4,292,740 | 5,052,924 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2016** | **1,279,798** | **989,763** | **1,656,014** | **561,757** | **2,878,242** | **21,281,425** | **28,646,999** |
| **Dímheas** | | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2016 | 180,183 | 865,913 | 676,356 | 561,757 | 2,281,809 | 10,984,415 | 15,550,433 |
| Muirear le haghaidh na bliana | 60,889 | 49,705 | 236,809 | - | 186,778 | 3,856,046 | 4,390,227 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2016** | **241,072** | **915,618** | **913,165** | **561,757** | **2,468,587** | **14,840,461** | **19,940,660** |
| **Glanluach de réir na Leabhar** | | | | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2016** | **1,038,726** | **74,145** | **742,849** | **-** | **409,655** | **6,440,964** | **8,706,339** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2015** | **962,596** | **94,741** | **651,546** | **-** | **330,489** | **6,004,270** | **8,043,642** |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2017

(ar leanúint)

## 10. Infháltais

| | 2017 € | 2016 € |
|---|---|---|
| Tobhach na Tástála Náisiúnta Gluaisteán | 1,155,141 | 1,343,448 |
| Ús Bainc | 1,445 | - |
| Tobhach Tástála Teoirice Tiomána | 322,098 | 305,474 |
| Táillí Tástála Tiomána | 39,605 | 23,991 |
| Ioncam ó Cheadúnais Tiomána | 76,740 | 70,580 |
| Ioncam ó Urraíocht | 82,000 | 70,000 |
| **Iomlán** | **1,677,029** | **1,813,493** |

## 11. Réamhíocaíochtaí

| | 2017 € | 2016 € |
|---|---|---|
| €'000 | 27,074 | 30,773 |
| Ceadúnais Bogearraí | 216,514 | 322,386 |
| Eile | 125,366 | 77,103 |
| **Iomlán** | **368,954** | **430,262** |

## 12. Suimeanna Iníoctha

| Suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|
| Creidiúnaithe Trádála | 2,813,716 | 1,614,210 |
| ÍMAT/ÁSPC | 372,967 | 489,019 |
| Asbhaintí Párolla | 175,350 | 218,748 |
| CBL | 394,399 | 443,945 |
| Cáin Shiarchoinneálach | 535,775 | 306,834 |
| Fabhruithe | 3,228,375 | 3,924,611 |
| Fabhrú Pá Saoire | 151,369 | 302,539 |
| Ioncam Iarchurtha ó Tháillí Tástála Tiomána | 6,461,244 | 5,512,919 |
| Ioncam Iarchurtha ón Tobhach Tástála Feithiclí Tráchtála | 373,952 | 392,293 |
| Aoisliúntas atá dlite don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt | 886,378 | 452,086 |
| **Iomlán** | **15,393,525** | **13,657,204** |

## 13. Cuntas Caipitil

| | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh | 8,706,339 | 8,043,642 |
| **Aistriú ó Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe** | | |
| Ioncam a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach | 6,137,490 | 5,052,924 |
| Diúscairt Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh | (32,023) | - |
| Amúchadh sócmhainní seasta | (4,537,165) | (4,390,227) |
| **Aistriú chuig an gCuntas Caipitil** | **1,568,302** | **662,697** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **10,274,641** | **8,706,339** |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2017

(ar leanúint)

## 14. Ceangaltais Chaipitil

Tá ceangaltais chaipitil ag an RSA maidir leis an gconradh dá chuid le haghaidh an chórais faisnéise feithiclí tráchtála faoin gclár athchóirithe um ródacmhainneacht feithiclí tráchtála. Faoin téarma conartha le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2018 go dtí an 28 Feabhra 2019, tá ceangaltais chaipitil chonarthacha de €1.78m ag an RSA a bhaineann le gné chaipitil íocaíochtaí míosúla na muirear seirbhíse. Déanfaidh an RSA na ceangaltais sin a sheasamh ó na cúlchistí dá chuid agus ó ioncam amach anseo ón tobhach tástála feithiclí tráchtála.

## 15. Dliteanais Theagmhasacha

Níl aon dliteanais theagmhasacha ann amhail an 31 Nollaig 2017

## 16. Nochtuithe Páirtithe Gaolmhara

Ghlac an RSA le nósanna imeachta i gcomhréir le treoirlínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le nochtadh leasanna ag a chomhaltaí agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin sa bhliain.

## 17. Áitribh

Áitíonn an RSA an cheannoifig dá chuid i mBéal an Átha mar aon le fo-oifig i mBaile Locha Riach. Is le hOifig na nOibreacha Poiblí na háitribh sin agus níl aon chíos le híoc ag an RSA. Tá 60 ionad tástála tiománaithe ag an RSA ar fud na tíre, agus tá 20 díobh sin suite in oifigí a roinntear le ranna rialtais eile, tá 27 gcinn suite in áitribh eile de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí agus tá 13 cinn ar cíos ag an RSA mar shocrú eatramhach. Gearrtar costais seirbhísí comhroinnte ar an RSA i leith na n-ionad siúd atá suite in oifigí a roinntear le ranna rialtais eile.

## 18. Iasachtaí

Le hAlt 13 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006 ligtear don RSA airgead a fháil ar iasacht le toiliú an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le comhaontú an Aire Airgeadais chun críocha a chuid feidhmeanna a chur chun feidhme. Ó tionscnaíodh é, níor thabhaigh an RSA aon iasachtaí.

## 19. Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe

Ag deireadh 2017, bhí cúlchistí carnacha coinnithe de €25m ag an RSA. Leithdháileadh leithdháileachán státchiste dar luach €0.139m don RSA le haghaidh 2017 go sonrach chun íocaíochtaí pinsin i gcomhair pinsinéirí ar a chuntais a sheasamh. Seachas sin, d'fheidhmigh an RSA ar bhonn féinmhaoinitheach in 2017.

D'ullmhaigh an RSA Plean Corparáideach don tréimhse 2016 go 2020 inar thug an RSA achoimre ar an gcaoi a n-úsáidfidh sé a leibhéal reatha cúlchistí chun infheistiú ina bhonneagar seirbhíse poiblí thar an tréimhse cúig bliana go dtí 2020, rud lena ndéanfar cúlchistí an RSA a laghdú go leibhéal inbhuanaithe. D'fhaomh Bord an RSA an Plean Corparáideach agus chuaigh an RSA i dteagmháil agus i gcomhairle leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir leis an bplean. In 2017, bhunaigh an RSA Stiúrthóireacht Straitéise, Beartais & Teicneolaíochta, ag a bhfuil freagracht as ailíniú na straitéise corparáidí a sheachadadh trí na nithe a leanas:

- Na tionscnaimh agus tionscadail éagsúla uile a mheasúnú agus a chur in ord tosaíochta atá idir lámha nó ar a bhfuil machnamh á dhéanamh faoi láthair
- Tacaíocht a thabhairt do phleanáil, do bhainistíocht agus do sheachadadh na dtionscadal éagsúla athraithe gnó agus TFC
- Inniúlacht agus cumas a fhorbairt laistigh den Stiúrthóireacht Straitéise, Beartais agus Teicneolaíochta chun an t-athrú a ailíniú agus a sheachadadh

Ba é fócas na Stiúrthóireachta sin in 2017 chun an Treochlár TFC agus an Oifig Bainistíochta Tionscadail a chruthú agus chun samhail um Shaolré Tionscadail a tháirgeadh lena ndéanfar cur chuige comhsheasmhach a chinntiú maidir le tionscadail TFC uile a shainaithint, a fhaomhadh, a chur in ord tosaíochta agus a sheachadadh. Bhunaigh an stiúrthóireacht feidhm ailtireachta gnó chun cur chuige uile-fhiontair a sheachadadh maidir le seachadadh tionscadal agus an cuspóir ann riachtanais chórais a sholáthar / a fhorbairt ar bhonn aonuaire agus iad a athúsáid ar bhonn iomlánaíoch ar fud na heagraíochta. Leis an gcur chuige agus leis na struchtúir rialachais atá i bhfeidhm cinnteofar go ndéanfar tionscadail a ailíniú leis na tograí ar a bhfuil breac-chuntas sa Phlean Corparáideach. Sa bhreis air sin, thacaigh an stiúrthóireacht le hailíniú straitéiseach ar fud na heagraíochta leis an bPlean Corparáideach trí phleanáil ghnó athbhreithnithe agus trí thionscnaimh tuairiscithe agus trí thús a chur le hobair freisin ar bhainistíocht athruithe lena n-áirítear cumarsáid agus barr feabhais oibríochtúil.

## 20. Iar-theagmhais

Ní raibh aon iar-theagmhais intuairiscithe ann a théann i bhfeidhm ar na ráitis airgeadais ón bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017.

## 21. Méideanna Inchomparáide

Rinneadh comparáidí um chostais riaracháin agus costais chláir a athshonrú chun le bheith de réir láithreoireacht na tréimhse reatha chostais an Chláir um Thacagraif Dhigiteacha (€644,824 in 2016) a rinneadh a athaicmiú ó chostais riaracháin go costais chláir in 2017

Ní raibh aon tionchar ar an mBarrachas Oibriúcháin comparáideach mar thoradh ar na coigeartuithe.

## 22. Faomhadh na Ráitis Airgeadais

D'fhaomh na stiúrthóirí ráitis airgeadais an RSA an 25 Iúil 2018.

# Eagraíochtaí agus Daoine Aonair a bhfuil Buíochas Tuillte Dóibh

## Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre – Ag Oibriú chun Saolta a Shábháil.

Ba mhaith leis an RSA buíochas a ghabháil leis na heagraíochtaí agus leis na daoine aonair seo a leanas as an tacaíocht a thug siad in 2017:

AA

A-CEART

An Garda Síochána

Teagascóirí Tiomána Formheasta (ADInna)

Brí

Bus Éireann

Coca-Cola

An Chomhairle um Thurasóireacht Cóistí agus Iompair (CTTC)

An Coimisiún um Rialáil Iarnróid

Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh (CUH)

Coistí Contae i gCúram Leanaí

Rothaíocht Éireann

Cycling.ie

An Roinn Oideachais agus Scileanna (Clár Idirbhliana)

An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Roinn an Chomhshaoil (TÉ)

An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

Bus Bhaile Átha Cliath

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Caisleán Bhaile Átha Cliath

Gléasra BSL

Comhairle Sábháilteachta Iompair na hEorpa (ETSC)

Iris *Fleet Transport*

Clár na Scoileanna Glasa

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta. (HSA)

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE)

ÚFT

Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann (IFA)

Irish Farmers Journal (IFJ)

Aontas Cógaiseoirí na hÉireann

Iarnród Éireann

Cumann Íospartaigh Timpistí Bóthair na hÉireann (IRVA)

Comhlachas Tarlú Bóthair na hÉireann (IRHA)

Duaiseanna Lóistíochta agus Iompair na hÉireann (ILTA)

Cumann Thionscal Bonn na hÉireann (ITIA)

Stáisiúin Raidió Áitiúla agus an Preas Áitiúil

An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre (MBRS)

Met Éireann

Muintir na Tíre

Fóraim Náisiúnta Phobail

An Chlároifig Náisiúnta um Míochaine Tráchta

Stáisiúin Raidió Náisiúnta agus an Preas Náisiúnta

An tOspidéal Náisiúnta Athshlánúcháin, Dún Laoghaire

An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI)

An tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA)

No Name! Clubanna

Suirbhéireacht Ordanáis Éireann (OSI)

Grúpa um Shábháilteacht ar Bhóithre PARC

Phil Skelton

Tiománaithe Óga Freagracha (RTD)

Oifigigh um Shábháilteacht ar Bhóithre agus Údaráis Áitiúla

Comhghrúpaí Oibre um Shábháilteacht ar Bhóithre

Rós Thrá Lí

Coláiste Ríoga Lianna na hÉireann

Cumann Thionscal Mótar na hÉireann (SIMI)

Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

An tÚdarás Póilíneachta

Muintir Threasaigh

Bonneagar Iompair Éireann

Coláistí Tríú Leibhéal

CLG Uladh

Aontas na Mac Léinn in Éirinn (USI)

Cónaidhm Fíoncheannaithe na hÉireann (VFI)

### Urraitheoirí

Applegreen

Advance Pitstop

Electric Ireland

Mercedes

Reynolds Logistics Ltd

Toyota

sourcedesign.ie

# Ag Obair chun Beathaí a Shábháil

**Údarás Um Shábháilteacht Ar Bhóithre**
**Road Safety Authority**

Páirc Ghnó Ghleann na Muaidhe, Cnoc an tSabhaircín, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Béal an Átha, Co Mhaigh Eo.
Moy Valley Business Park, Primrose Hill, Dublin Road, Ballina, Co Mayo, F26 V6E4.

glao áitiúil: 1890 50 60 80 suíomh gréasáin: www.rsa.ie
ríomhphost: info@rsa.ie